# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS BHLIANTÚLA
# 2022

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Clár Ábhar

Fáilte an Ardmhéara 2
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 4
Comhaltaí Tofa 2022 6
Foireann Ardbhainistíochta 12
Dul chun cinn i dtreo Spriocanna Corparáideacha 13
Comhaltaí agus Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus an Chomhchoiste Póilíneachta 71
Grúpa Beartais Chorparáidigh 71
An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Thithíocht 73
An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Thrácht & Iompar 77
An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Ghníomhaíocht Aeráide, Comhshaol agus Fuinneamh 79
An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Phleanáil agus Foirm Uirbeach 80
An Coiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíoch & Fiontair 81
An Coiste um Beartais Straitéiseacha Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Áineasa 82
An Coiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais 86
Comhchoiste Beartais Chathair Bhaile Átha Cliath 88
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil 90
Tuarascáil ar Phríomhsheirbhísí 92
Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh 93
An Rannóg Tithíochta & Pobail 95
Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath 104
An Roinn Comhshaoil agus Iompair 106
Seirbhísí Uisce 109
Seirbhísí Comhshaoil 112
An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine 117
An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta 127
An Roinn um Chórais Faisnéise agus Airgeadais 136
An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna 137
An Roinn Dlí 146
Ráitis Airgeadais Bhliantúla 147
Réamhrá 148
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta 159
Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022 agus Ginearálta 163
Tuarascáil ar Tháscaire Feidhmíochta an 01 Eanáir 2022 - an 31 Nollaig 2022 172
Caiteachas ar shiamsaíocht / ar chostais ghaolmhara 2022 185
Maoiniú Deontais 2022 186

# Fáilte an **Ardmhéara**



Ba mhór an onóir i Meitheamh 2022 a bheith tofa mar an 354ú Ardmhéara ar Bhaile Átha Cliath agus bheith ar an 11ú bean leis an bpost stairiúil seo. Dúirt mé ansin go raibh dúshláin shuntasacha romhainn sa chathair seo nár mhór dúinn oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear ár ngéarchéim thithíochta, an bhochtaineacht agus míbhuntáiste fealltach, agus beocht a chur sa chathair seo arís tar éis Covid. Leag mé dhá thosaíocht amach do mo théarma.

Ar an gcéad dul síos, an chathair seo a dhéanamh báúil don aos óg, áit ar féidir le daoine óga fás aníos mar chuid lárnach den chathair, bródúil as a bhféiniúlacht, bródúil as a bpobal agus a gcathair.

Ar an dara dul síos, aird a tharraingt ar bhithéagsúlacht agus gníomhú chun cathair níos bithéagsúla a chruthú inár bpáirceanna, ár spásanna oscailte, ár n-aibhneacha agus ár gcanálacha, ár mbá, agus ar ndóigh inár ngairdíní.

Cheadaigh Comhairleoirí Cathrach an Plean Forbartha Cathrach nua (2022 - 2028) ar an 2 Samhain, tar éis dhá bhliain de dhianchomhairliúchán agus ullmhúchán poiblí ag Foireann an Phlean Forbartha.

Thug an phaindéim ar an gComhairle teacht ar bhealaí nua chun dul i gcomhairle leis an bpobal, ag baint úsáid as seimineáir ghréasáin agus modhanna eile, rud a d'fhág go raibh níos mó aighneachtaí ann ná mar a bhí le haghaidh aon Phlean Forbartha roimhe seo. I rith na dtrí chéim de chomhairliúcháin phoiblí, fuaireamar beagnach 6,000 aighneacht ón bpobal agus 1,600 rún ó Chomhairleoirí. Is é seo an Plean is cuimsithí a chuir an Chomhairle Cathrach le chéile riamh, agus cuimsíonn sé rannóga nua ar athrú aeráide agus forbairt chultúrtha.

Is plean láidir é an Plean Forbartha Cathrach d'fhás inbhuanaithe, comhordaithe ár bpríomhchathrach go dtí 2028 agus ina dhiaidh sin. Cuimsíonn an Plean Straitéis Tithíochta chun 40,000 teach nua de thionóntachtaí éagsúla a sholáthar faoi 2028, ag oibriú amach ar mheán uaillmhianach de bheagnach 7,000 teach nua in aghaidh na bliana. Ní mór go dtacódh bonneagar sóisialta agus fisiciúil leis sin, amhail iompar poiblí, scoileanna agus limistéir áineasa.

Is saincheist shuntasach í tithíocht ar an gclár oibre náisiúnta agus tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dírithe ar phíblíne de 15,000 aonad tithíochta poiblí a sholáthar chun freastal ar riachtanas leanúnach trí thógáil díreach, Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP), feidhm a bhaint as tithe folmha arís agus oibriú le comhpháirtithe i gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA). Ina theannta sin, leanaimid lenár stoc tithíochta reatha de níos mó ná 26,000 aonad a bhainistiú go gníomhach trí theagmháil le tionóntaí agus trí chothabháil leanúnach. Tá clár iarfheistithe tithíochta an-ghníomhach ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freisin a shábháil tuairim agus €73 milliún i mbillí fuinnimh dár dtionóntaí le 10 mbliana anuas.

Cuireann Feidhmeannas Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean Bhaile Átha Cliath cóiríocht éigeandála ar fáil agus tacaíonn sé le daoine ar fud na gceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath. Bíonn ár Rannóg Forbartha Pobail i dteagmháil le pobail ar fud na Cathrach lena gcumasú chun cláir agus gníomhaíochtaí a sheachadadh.

Bhí ionradh mídhleathach na Rúise ar an Úcráin ina

scéal mór i rith na bliana. Ba mhór an onóir dom mar Ardmhéara Bhaile Átha Cliath taisteal chun na Bruiséile i mí na Samhna chun an Comhaontú Nasctha idir Cathracha Bhaile Átha Cliath agus Cív a shíniú agus gealltanas a thabhairt ár gcaidreamh cathair-le-cathair a neartú. D'aontaigh comhaltaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an nascadh seo d'aon ghuth i mí an Mhárta 2022 chun dlúthpháirtíocht a léiriú le muintir Chív agus leis an Úcráin i gcoitinne. Ó shin i leith, d'oibrigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le Rialtas na hÉireann agus le hAmbasáid na hÚcráine in Éirinn ar bhealaí praiticiúla inar féidir linn tacú le muintir Chív agus na hÚcráine. Seasann ár ndá chathair le luachanna daonlathais agus saoirse na hEorpa agus cuireann siad cómhaireachtáil shíochánta chun cinn san Eoraip.
San aitheasc a thug mé do Chomhdháil na nÚdarás Áitiúil de chuid Chomhairle na hEorpa in Strasbourg i mí na Samhna, thug mé ar gach údarás áitiúil ar fud na hEorpa tacú leis an Úcráin in am a gátair, agus a chinntiú go n-éireoidh linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin romhainn go léir atá cruthaithe ag an ionradh: ár gcórais fuinnimh a athrú ó bhonn, déileáil leis na brúnna costais mhaireachtála, agus, níos mó na aon rud eile, freastal ar Úcránaigh atá ag teitheadh ó ionradh a dtíre.

Tá páirceanna ardchaighdeáin, spásanna oscailte, crainn agus bithéagsúlacht na cathrach ina ngné riachtanach den timpeallacht uirbeach agus tá tábhacht mhór leo do shláinte agus folláine na bpobal áitiúil. Is cúis mhór bhróid é gur bronnadh Bratacha Glasa ar 11 de pháirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath, bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta chun páirceanna agus rannpháirtíocht an phobail a bhainistiú.

Chuir straitéisí glasaithe na cathrach do na Saoirsí, Oirthuaisceart Lár na Cathrach, agus Bóthar na gCloch an iliomad tionscadal bonneagair ghlais ar fáil, lena n-áirítear páirc nua ag Sráid an Droichid, Páirc athfhorbartha Wolfe Tone agus nochtadh Pháirc fheabhsaithe an Phobail i mBaile Formaid. Cuireadh níos mó ná 500 crann i measc na dtionscadal sin, agus cuireann siad spásanna glasa ríthábhachtacha ar fáil dár gcathair. Cuireadh 2,810 crann eile faoi chlár Plandála Crann na Cathrach agus rinneadh measúnú ar an tsláinte atá ag 4,733 crann.

Áiríodh i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Cathrach taighde leanúnach ar bhláthanna algaí i gCuan Bhaile Átha Cliath, Speicis Ionracha mara sa Life, agus monatóireacht ar roinnt speiceas éan ar fud na cathrach. I measc na dtionscadal nua bhí rianú raidió a úsáid chun straitéisí sealgaireachta de shionnaigh uirbeacha agus a róil i rialú creimirí a thomhais, DNA comhshaoil a shampláil ar mhaithe le daonra dobharchú na cathrach a mheas, agus gnáthóga saorga a shuiteáil chun an bhithéagsúlacht a mhéadú. Tá for-rochtain agus oideachas ríthábhachtach dár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, agus in 2022 bhí sraith imeachtaí ann, lenar áiríodh ceardlanna eolaíochta saoránach, ag obair le pobail áitiúla agus ag tacú leo chun cabhrú le bithéagsúlacht, siúlóidí, cainteanna agus ceardlanna a sheachadadh, agus á taispeáint ag Féile na Rósanna agus Blátha i bPáirc an Fhionnuisce. Lean ár dtiomantas do Chomhpháirtíocht Bithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath ar aghaidh trí thacú le tionscadail agus trí rannchuidiú leis an Straitéis Chaomhnaithe agus Taighde do Chuan Bhaile Átha Cliath 2022-2026.

Tá an súgradh i gcroílár fhorbairt na leanaí, agus seoladh Straitéis Súgartha na Cathrach, 'Gach Áit, Lá ar Bith, Is Féidir Leat a Bheith ag Súgradh' 2022-2027 tar éis rannpháirtíocht an phobail fhairsing a bheith déanta. Seoladh ceithre chlós súgartha nua, mar aon le huasghráduithe ar sé chlós súgartha eile. Tugadh grúpaí óige le chéile faoi cheannteidil éagsúla le go gcloisfear a gcuid smaointe agus tuairimí ar réimsí a théann i bhfeidhm ar a saol laethúil. Cuirfidh an t-eolas seo le beartas agus pleanáil dár gCathair agus imeachtaí amach anseo.



**Caroline Conroy**
Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

# Réamhrá an **Phríomhfheidhmeannaigh**



Tá lúcháir orm tuarascáil bhliantúil na Comhairle Cathrach do 2022 a thabhairt isteach, bliain ina raibh téarnamh láidir i ngeilleagar Bhaile Átha Cliath ann tar éis an deireadh a cuireadh le srianta COVID. Bhí na nithe seo a leanas i measc bhuaicphointí na Comhairle Cathrach i rith na bliana:

Faomhadh an Plean Forbartha Cathrach nua (2022-2028) tar éis dhá bhliain de dhianchomhairliúchán poiblí. Is é seo an Plean is cuimsithí a chuir an Chomhairle Cathrach le chéile riamh.

Chuir an Chomhairle Cathrach 1,324 teach nua ar fáil in 2022, lenar áiríodh 685 aonad tithíochta sóisialta nuathógtha. Críochnaíodh 3 phríomhthionscadal athnuachana tithíochta sóisialta, cuireadh 158 teach nua - 72 i Halla Dhoiminic, 56 i nGairdíní Uí Dhuibheannaigh agus 30 i bPlás Sheáin Foster, ar fáil.

Bhí an staid tithíochta an-dúshlánach ar fad i rith 2022. Ag deireadh na bliana, bhí 1,148 teaghlach i gcóiríocht éigeandála i réigiún Bhaile Átha Cliath - méadú 346 teaghlach i rith na bliana. Ina theannta sin, bhí 9,211 tionóntacht ghníomhach ÍCT do dhaoine gan dídean agus 5,517 tionóntacht ÍCT príomhshrutha i bhfeidhm i gceantar na Comhairle Cathrach. Tá an infhaighteacht theoranta de réadmhaoin ar cíos inacmhainne ag dul i bhfeidhm ar fad ar líon na dtionóntachtaí nua ÍCT. Leithdháil an Rannóg Leithdháiltí & Aistrithe Tithe 2,037 aonad tithíochta in 2022 agus amhail Eanáir 2023, bhí 12,247 iarratasóir ar liosta Tithíochta na Comhairle agus 16,839 iarratasóir ar an Liosta Aistrithe.

Maidir le hAcmhainní Daonna, d'éirigh leis an gComhairle Cathrach Beartas Oibre Cumaisc corparáideach a thabhairt isteach chomh maith le próiseas iarratais digiteach gaolmhar. Reáchtáil an Rannóg Acmhainní Daonna 104 comórtas earcaíochta ar fud na ndisciplíní go léir, fuarthas beagnach 10,000 iarratas agus thosaigh 461 fostaí nua ag obair sa Chomhairle Cathrach. Cuireadh feachtais earcaíochta Oibrithe Ginearálta spriocdhírithe i gcrích i gceantair Thuaisceart Lár na Cathrach agus Bhaile Munna agus tugadh isteach clár oiliúna Oibrithe Ginearálta i gcomhpháirtíocht le BOO Bhaile Formaid. In ainneoin gníomhaíocht earcaíochta gan fasach, ní raibh ach méadú an-bheag ar líon iomlán na bhfostaithe i rith 2022. Is iad earcaíocht agus coinneáil foirne na príomhdhúshláin atá roimh an gComhairle Cathrach.

Críochnaíodh Céim 1 de Thionscadal nua Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath ag Cearnóg Parnell. Seachadfaidh an tionscadal níos mó ná 6,000 méadar cearnach de spásanna oscailte geal nua-aimseartha le haghaidh léitheoireachta agus iasachtaithe sa deireadh, chomh maith le héagsúlacht spásanna a bheidh ar fáil do nithe amhail staidéar, obair, bailiú daoine, cruthú agus taibhiú.I measc na n-áiseanna a bheidh ann, beidh leabharlann fáilteach do leanaí agus do dhaoine fásta óga, spás déantóra, seomraí cruinnithe agus spásanna staidéir, chomh maith le hionad comhdhála ilchuspóireach, caifé agus áiteanna taispeántais.

Roghnaigh an Chomhairle Cathrach dearadh le Páirc Chnocán Uí Dhálaigh a athfhorbairt freisin. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh sé d'acmhainn beagnach 8,000 a bheith ann sa staidiam nua agus áireofar áiseanna uasghrádaithe don chlub agus don lucht féachana ann.

Rinneadh sráid shaor ó thrácht de Shráid Chéipil i mBealtaine 2022, rud a fhágann gurb í an tsráid shaor ó thrácht is faide i mBaile Átha Cliath í. Lean an Rannóg Tráchta ag obair ar an tionscadal athdheartha líonra bus agus ar scéimeanna tosaíochta rothaíochta/coisithe. Bunaíodh an Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach san earrach agus anois tá clár de níos mó ná 80 tionscadal taistil ghníomhaigh aici.

Rinneadh athstruchtúrú ar Oifig um Théarnamh na Cathrach go luath in 2022 lena chinntiú go ndíreofar níos mó ar sheirbhísí na Comhairle Cathrach a

sheachadadh i lár na cathrach agus chun tionscnaimh a aithint agus a chur i bhfeidhm chun tarraingteacht lár na cathrach a fheabhsú.

Le 2022 d'fhill na mórfhéilte ar shráideanna lár na cathrach cosúil le Féile Naomh Pádraig, Bród Bhaile Átha Cliath, agus Féile Bram Stoker. Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dhá mhórfhéile isteach freisin, Fleadh Mhargadh na Feirme agus Funtropolis. Tugadh suíomh gréasáin tiomnaithe nua i láthair do Shoilse Geimhridh Bhaile Átha Cliath agus fuair Páirc Chearnóg Mhuirfean os cionn 50,000 áirithint le linn an imeachta soilsithe. D'fhill mórimeachtaí spóirt ar an gcathair in 2022 lenar áiríodh Sraith Peile Choláiste Mheiriceá, Mionmharatón do Mhná Bhaile Átha Cliath, Maratón Chathair Bhaile Átha Cliath agus Snámh na Life Chathair Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh fáilte mhór roimh an bhfilleadh ar uaireanta oscailte iomlána agus ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar an láthair i leabharlanna. D'eagraigh Foireann nuabhunaithe na Leabharlainne sa Phobal 36 imeacht for-rochtana nó d'fhreastail siad orthu agus rinne siad teagmháil le 5,286 duine i rith na bliana. Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar Leabharlann Ráth Eanaigh agus ar sheomra léitheoireachta na Lárleabharlainne. Cuireadh tús le tionscadail freisin chun leabharlann nua a chur ar fáil do shráidbhaile Fhionnghlaise agus le Leabharlann Mheal Charleville a uasghrádú. Tugadh isteach Mo Leabharlann Oscailte ag Leabharlanna Pheambróg agus Ráth Eanaigh. Ghlac thart ar 20,000 duine páirt i mbreis agus 780 clár oideachais a d'eagraigh Gailearaí Hugh Lane.


In 2022, bronnadh 11 Bhrat Glas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar son a páirceanna. Osclaíodh páirceanna nua go hoifigiúil ag Sráid Bhun Droichid i Lárchathair Theas agus i bPáirc an Phobail i mBaile Formaid. Tharla an athfhorbairt ar 'phlás' Wolfe Tone ina páirc cathrach chomh maith. Cuireadh níos mó ná 3,300 crann ar shráideanna agus i spásanna oscailte poiblí. Cuireadh an iliomad idirghabhálacha glasaithe i bhfeidhm sna Saoirsí, Oirthuaisceart Lár na Cathrach, agus Bóthar na gCloch mar chuid de straitéisí glasaithe atá beartaithe i gcomhar le pobail áitiúla. Seoladh Straitéis Súgartha na Cathrach, 'Gach Áit, Lá ar Bith, Is Féidir Leat a Bheith ag Súgradh 2022-2027' tar éis rannpháirtíocht an phobail fhairsing a bheith déanta.

Bunaíodh Oifig Tacaíochta na gClár Eorpach (EPSO) go hiomlán in 2022 chun Straitéis Rannpháirtíochta Chláir an AE de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2021 – 2027 a chur i bhfeidhm.

Roghnaíodh Cathair Bhaile Átha Cliath mar cheann de dhá chathair rathúla in Éirinn chun dul isteach i Misean an AE do 100 Cathair Aeráid-Neodrach Cliste.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ardmhéara agus le gach Comhairleoir Cathrach as a dtacaíocht i rith na bliana.

Síniú



**Owen Keegan**
Príomhfheidhmeannach


# Comhaltaí Tofa 2022

## Ard Aidhin-Fionnbhrú


An Clr. Racheal Batten, Fianna Fáil


An Clr. Declan Flanagan, Fine Gael


An Clr. John Lyons, Neamh-Pháirtí


An Clr. Larry O'Toole, Sinn Féin


An Clr. Patricia Roe, Daonlathaithe Sóisialta


An Clr. Alison Gilliland, Páirtí an Lucht Oibre


## Baile Formaid-Droimneach


An Clr. Daithí de Róiste, Fianna Fáil


An Clr. Sophie Nicoullaud, Neamh-Pháirtí



An Clr. Vincent Jackson, Neamh-Pháirtí


An Clr. Daithí Doolan, Sinn Féin


An Clr. Hazel de Nortúin, Dlúthpháirtíocht - Daoine Roimh Bhrabús

## Baile Munna-Fionnghlas


An Clr. Keith Connolly, Fianna Fáil


An Clr. Briege MacOscar, Fianna Fáil



An Clr. Caroline Conroy, Green Party /Comhaontas Glas


An Clr. Noeleen Reilly, Neamh-Pháirtí



An Clr. Anthony Connaghan, Sinn Féin



An Clr. Mary Callaghan, Daonlathaithe Sóisialta

## An Chabrach-Glas Naíon


An Clr. Eimer McCormack, Fianna Fáil


An Clr. Colm O'Rourke, Fine Gael


An Clr. Darcy Lonergan, Green Party/ Comhaontas Glas


An Clr. Cieran Perry, Neamh-Pháirtí


An Clr. Séamas McGrattan, Sinn Féin


An Clr. Cat O' Driscoll, Daonlathaithe Sóisialta


An Clr. Declan Meenagh, Páirtí an Lucht Oibre

# Comhaltaí Tofa 2022

## Cluain Tarbh


An Clr. Deirdre Heney, Fianna Fáil


An Clr. Naoise Ó Muirí, Fine Gael


An Clr. Donna Cooney, Green Party/Comhaontas Glas


An Clr. Damian O'Farrell, Neamh-Pháirtí



An Clr. Catherine Stocker, Daonlathaithe Sóisialta


An Clr. Jane Horgan Jones, Páirtí an Lucht Oibre

## Domhnach Míde


An Clr. Daryl Barron, Fianna Fáil



An Clr. Tom Brabazon, Fianna Fáil


An Clr. Terence Flanagan, Fine Gael


An Clr. Dearbháil Butler, Green Party/ Comhaontas Glas


An Clr. Micheál MacDonncha, Sinn Féin

## Camaigh-Ráth Maonais



An Clr. Deirdre Conroy, Fianna Fáil


An Clr. Anne Feeney, Fine Gael


An Clr. Carolyn Moore, Green Party/ Comhaontas Glas



An Clr. Pat Dunne, Independents4 change



An Clr. Tara Deacy, Daonlathaithe Sóisialta


An Clr. Mary Freehill, Páirtí an Lucht Oibre

## Tuaisceart Lár na Cathrach


An Clr. Ray McAdam, Fine Gael


An Clr. Janet Horner, Green Party/ Comhaontas Glas


An Clr. Christy Burke, Neamh-Pháirtí


An Clr. Nial Ring, Neamh-Pháirtí


An Clr. Janice Boylan, Sinn Féin


An Clr. Joe Costello, Páirtí an Lucht Oibre

# Comhaltaí Tofa 2022

## Peambróg



An Clr. Claire O'Connor, Fianna Fáil



An Clr. James Geoghegan, Fine Gael



An Clr. Paddy McCartan, Fine Gael




An Clr. Hazel Chu, Green Party/ Comhaontas Glas



An Clr. Dermot Lacey, Páirtí an Lucht Oibre


## Oirthuaisceart Lár na Cathrach



An Clr. Danny Byrne, Fine Gael




An Clr. Claire Byrne, Green Party/ Comhaontas Glas



An Clr. Mannix Flynn, Neamh-Pháirtí



An Clr. Daniel Céitinn, Sinn Féin



An Clr. Kevin Donoghue, Páirtí an Lucht Oibre

## Iardheisceart Lár na Cathrach



An Clr. Michael Watters, Fianna Fáil




An Clr. Michael Pidgeon, Green Party/ Comhaontas Glas



An Clr. Máire Devine, Sinn Féin



An Clr. Tina MacVeigh,* Dlúthpháirtíocht - Daoine Roimh Bhrabús



An Clr. Deirdre Cronin,** Dlúthpháirtíocht - Daoine Roimh Bhrabús



An Clr. Darragh Moriarty, Páirtí an Lucht Oibre

*D'éirigh an Comhairleoir Tina McVeigh as an gComhairle Cathrach ar an 29 Bealtaine 2022
**Comhthoghadh an Comhairleoir Deirdre Cronin chuig an gComhairle Cathrach ar an 13 Meitheamh 2022

# Foireann **Ardbhainistíochta**



**Owen P. Keegan,**
Príomhfheidhmeannach



**Richard Shakespeare,**
Leas Phríomhfheidhmeannach



**Kathy Quinn,**
Ceannasaí Airgeadais le freagracht as TFC



**Eileen Quinlivan,**
Príomhfheidhmeannach Cúnta



**John Flanagan,**
Príomhfheidhmeannach Cúnta agus Innealtóir na Cathrach



**Coilín O'Reilly,**
T/Príomhfheidhmeannach Cúnta



**Dennis Keeley,**
Príomhoifigeach Dóiteáin



**Yvonne Kelly,**
Gníomhaire Dlí



**John O'Hara /Deirdre Scully,**
Oifigeach Pleanála Cathrach



**Ali Grehan,**
Ailtire Cathrach



**Derek Kelly,**
Bainisteoir Feidhmiúcháin



**Karl Mitchell,**
Bainisteoir Feidhmiúcháin

## Dul chun cinn i dtreo

# Spriocanna Corparáideacha



# Sprioc 1

## Oibriú i dtreo cathair ghlas ísealcharbóin a bhaint amach

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| 1.1 Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astuithe gáis cheaptha teasa i bhfoirgnimh agus oibríochtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a laghdú agus Baile Átha Cliath a dhéanamh ina Chathair atá níos athléimní ó thaobh aeráide de le saoránaigh rannpháirteacha eolasacha | 1.1.1 Plean Gníomhaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Athrú Aeráide 2019 – 2024 a chur i bhfeidhm | Faoi láthair, tá 198 gníomh ann, cuireadh 7 ngníomh nua leis in 2022 agus sainaithníodh go bhfuil roinnt gníomhartha curtha i gcrích nó cónasctha trí phróiseas athbhreithnithe. Rinneadh athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí go léir le foirne seachadta ar an mbliain seo caite. Rinneadh seo lena chinntiú go léiríonn siad ár mbeartais agus ár gcuspóirí um athrú aeráide lena n-áirítear ár bPríomhtháscairí Feidhmíochta Comhshaoil gaolmhara. Tá tús curtha le próiseas freisin tar éis dúinn a bheith roghnaithe chun dul isteach i Misean an AE do 100 Cathair Aeráid-Neodrach Cliste le gníomhartha a athbhreithniú agus bearnaí agus deiseanna a d'fhéadfaí a bhaint amach tríd an misean a aithint, agus ag teacht lenár gCuspóirí Náisiúnta Aeráide faoin Acht Aeráide Leasaithe ag an am céanna.<br><br>Rinneadh dul chun cinn maidir le múiríniú duillí, athchúrsáil ar an tsráid, Céim 2 de Chathair Chiorclach agus Promanáid Chluain Tarbh curtha i gcrích, cuireann bailiú WEE inár n-iostaí agus suíomhanna conláiste cathartha le freagrachtaí táirgeora, tionscadail phíolótacha le haghaidh athchúrsála, mapáil áiseanna athchúrsála ar an tsráid, tacú le scoileanna glasa, CEAF a chur chun cinn. Tá seo ar fad ar siúl.<br><br>Leanann an Chomhairle Cathrach ar aghaidh ag aistriú a cabhlach éadrom tráchtála go feithiclí leictreacha nuair is indéanta agus inmharthana é sin a dhéanamh. Tá 44 feithicil leictreach ina flít ag an gComhairle faoi láthair. |
| | 1.1.2 Córais coinneála agus cóireála uisce dromchla atá "glas" nó atá bunaithe ar nádúr a ionchorprú i ngach tionscadal fearainn phoiblí sa todhchaí, nuair is féidir, agus spreagadh a thabhairt do ghlacadh cleachtais chomhchosúla i bhforbairtí príobháideacha. | Tá córais chuí coinneála agus chóireála uisce á mbreathnú agus áiríodh iad i ndearadh scéimeanna ábhartha ríochta poiblí. Tionscadail 'díon glas' a chur chun cinn go gníomhach chun feidhmíocht a thomhas.<br><br>Comhaontaíodh beartais agus aguisíní nua maidir le Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SuDS) agus cuireadh san áireamh iad sa Phlean Forbartha nua. Táirgeadh agus scaipeadh doiciméad Treorach nua SuDS agus Treoir maidir le Díonta Gorma Glasa. Tá SuDS á moladh ar iarratais Phleanála aonair agus cuireadh tús le hiarratais Chuid 8 le roinnt tionscadal píolótach. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Cuimsíonn seirbhísí bailithe duillí de chuid Bhainistíocht Dramhaíola málaí inmhúirínithe le hacmhainn níos mó anois le haghaidh léasanna múirínithe méadaithe agus chun tacú le hiarrachtaí an phobail. |
| 1.2 Oibriú i gcomhpháirtíocht le húdaráis thadhlacha agus páirtithe leasmhara ábhartha chun bithéagsúlacht Chathair Bhaile Átha Cliath a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn | 1.2.1 Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2015-2020 agus Plean Gníomhaíochta um Speicis Ionracha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2020 a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. | I measc na dtionscadal críochnaithe tá: suirbhé éan pórúcháin NBI, suirbhé ar ghabhláin ghaoithe, suirbhé gráinneoige, agus gaisteoireacht minceanna, chomh maith le hoideachas ag Féile Bloom, Féile na Rósanna, siúlóidí/cainteanna agus obair le 21 grúpa ar fud na cathrach. Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ar éin lár na cathrach. I measc na dtionscadal nua ar cuireadh tús leo, tá: Sionnach sa chathair; éanlaith abhann; prótacal éin chreiche; agus suirbhé ar líon na ndobharchúnna. |
| | 1.2.2 Straitéis Crann Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2020 a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú | Tá ceithre phríomhchuspóir sa Straitéis Crann<br><br>Cuspóir 1: Crainn, Coillearnacha agus Fálta Sceach atá ann cheana féin a chosaint Tá gach ceann de na ceithre ghníomh sa Straitéis Crann curtha i gcrích, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar na Fálta Sceach Ársa agus ar Mhórán Speiceas i gCathair Bhaile Átha Cliath<br><br>Cuspóir 2: Cúram a tabhairt do Chrainn, do Choillearnacha agus Fálta Sceach ar mhaithe le fás agus forbairt shláintiúil a chur chun cinn Tá Oifigeach na gCrann lánaimseartha fostaithe ó 2019. Lean an oiliúint foirne ar aghaidh i rith 2022 agus fuarthas Bogearraí Bainistíochta Crann nua. Mar chuid den suirbhé leanúnach ar chrainn, rinneadh níos mó ná 10,000 crann a thaifeadadh agus rinneadh measúnú orthu. Críochnaíodh Creat le haghaidh Conarthaí d'Oibreacha Crann.<br><br>Cuspóir 3: Níos mó crann a phlandáil chun ceannbhrat crann uirbeach inbhuanaithe a chinntiú Tá treoir maidir le speicis in úsáid mar chuid dó. Tá an grúpa oibre tras-rannach Crainn agus Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach ar siúl ar bhonn leanúnach. Baineadh úsáid as torthaí an Staidéir Ceannbhrat Crann le haghaidh Straitéisí Glasaithe CCBÁC |

# Sprioc 1

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
| --- | --- | --- |
| | | Cuspóir 4: cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara maidir le crainn<br>Tá nuashonrú ar leathanach na gCrann ar shuíomh gréasáin na Comhairle ar siúl faoi láthair, agus foilseofar doiciméad ceisteanna coitianta. Tá athbhreithniú ar na Conairí Crainn oideachais curtha i gcrích. Tá measúnú agus cothabháil ar siúl i gCrannlann na Mílaoise i bPáirc San Anna agus tá Seachtain na gCrann agus Lá Náisiúnta na gCrann á gcur chun cinn. |
| | 1.2.3 Leanúint le bheith i gceannas ar Chomhpháirtíocht Bithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath chun spriocanna caomhnaithe a bhaint amach | Athbhreithníodh agus críochnaíodh Straitéis Chaomhnaithe agus Taighde Bithsféir Chuan Bhaile Átha Cliath 2022-2026. D'fhreastail an Comhordaitheoir Bithsféir ar chomhdháil EuroMABS; áiríodh mar chuid den fhor-rochtain turas báid do Chomhairleoirí, puball ag Féile na Rósanna agus roinnt ceardlann do scoileanna. Críochnaíodh níos mó na 100 Dámhachtain Bhithsféir chomh maith le comórtais Féilire agus Blagadóirí Nádúir Óga, taispeántas 'Humans of the Biosphere'; agus cur chun cinn ar mhórscála trí Iarnród Éireann. |
| 1.3 Ceannaireacht láidir a sholáthar maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide a chur chun cinn ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus trí thiomantas a léiriú d'athrú inár gcleachtais féin | 1.3.1 Ár dtiomantais faoin gCairt Aeráide d'Údaráis Áitiúla a chomhlíonadh maidir le dícharbónú, forbairt inbhuanaithe agus athléimneacht aeráide a leabú i ngach gné den obair a dhéanaimid | Déantar athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide chun ailíniú leis an gCairt Aeráide d'Údaráis Áitiúla a chinntiú.<br><br>Bíonn an fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide i dteagmháil freisin le foirne tionscadail agus oibriúcháin lena chinntiú go bhfuil cuspóirí na cairte leabaithe ina gcuid oibre leanúnach.<br><br>Chomhoibrigh Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach Oirthir-Lár Tíre (EMRWMPO) le hOifig Forbartha Eacnamaíochta na Comhairle Cathrach chun Clár Oiliúna Geilleagar Ciorclach MODOS do FBManna a chur ar fáil agus a reáchtáil. Cuireadh an clár i bhfeidhm ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus leathnaíodh é amach go náisiúnta freisin. Is comhpháirtí é EMRWMPO i dTionscadal PIC Aeráide atá deartha chun nuálaíochtaí nuathionscanta a cheadú chun réitigh chiorclacha agus aeráide a chur chun cinn i gcathracha. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 1.3.2 Foireann Gníomhaíochta Aeráide a bhunú chun Gníomhú ar son na hAeráide a threorú agus a chomhordú ar fud na Comhairle Cathrach | Tá Comhordaitheoir tiomnaithe Gníomhaíochta Aeráide ag an gComhairle Cathrach atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Aeráide na gComhairlí Cathrach (‘CAP’). Tá Céimí agus Bainisteoir Fuinnimh cuimsithe san fhoireann. Tá an bainisteoir seo ag obair ar Straitéis EV na Cathrach agus ag scrúdú ár bplean chun ár spriocanna fuinnimh agus tógála a bhaint amach. Tá 100 d’acmhainn inmheánach curtha leis an bhfoireann atá ag obair ar chur i bhfeidhm na dtionscadal agus na gclár a shainaithnítear leis an CAP.<br><br>Tá foirne Leabharlanna agus Oifigí Ceantair na Comhairle Cathrach tar éis cláir rannpháirtíochta poiblí maidir le gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus tá siad á mbainistiú acu. Tá oiliúint Gníomhaíochta Aeráide á fáil ag an bhfoireann don earnáil rialtais áitiúil a thacaíonn leis an gComhairle a bheith ina ceannaire aeráide agus ár spriocanna a bhaint amach.<br><br>Tá an Chomhairle Cathrach ag obair le hacmhainní lánaimseartha laistigh de Codema, ár ngníomhaireacht fuinnimh chun ár spriocanna CAP a bhaineann le fuinneamh a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích. Faigheann an fhoireann Gníomhaíochta Aeráide tacaíocht bhreise ó thaighdeoirí tríú leibhéal a chuireann leis an bplean gníomhaíochta aeráide trí thionscadail AE agus trí thaighde neamhspleách. |
| | 1.3.3 Tacú leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus comhoibriú le húdaráis chomharsanachta lena chinntiú go bhfuil sé chomh héifeachtach agus is féidir | D’ullmhaigh na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath plean um bhainistiú cáilíochta aeir chun leibhéil chomhthimpeallacha dé-ocsaíde i réigiún Bhaile Átha Cliath a laghdú. Cuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-eolas is déanaí ar fáil don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an dul chun cinn ar na gníomhartha a theastaíonn ó CCBÁC sa phlean i Ráithe 4 2022. |

# Sprioc 1

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Tá Straitéis Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha de chuid Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath tugtha i gcrích anois. In 2022, d'oibrigh na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath le chéile chun an chéad Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath a óstáil. Tá comhoibriú réigiúnach ar thionscadail mhóra eile ar siúl freisin, lena n-áirítear an Straitéis d'Fheithiclí Leictreacha.<br><br>Tá EMRWMPO ag dul i gcomhpháirtíocht leis an bhFoireann Gníomhaíochta Aeráide chomh maith le heagraíochtaí mar an tIonad Athfhionnachtana Náisiúnta agus Circuleire Hotspot in 2023. Deis a bheidh sa chomhdháil chun feasacht a mhúscailt ar an ngeilleagar ciorclach agus chun béim a leagan ar an nasc láidir idir aistriú an gheilleagair chiorclaigh agus gníomhú ar son na haeráide. |
| | 1.3.4 Pobail a chumasú freagracht a ghlacadh as a dtimpeallachtaí áitiúla trí chláir ar nós na mBailte Slachtmhara agus Dámhachtainí Comharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath | In 2022, rinne an Chomhairle Cathrach teagmháil le pobail maidir le gníomhú ar son na haeráide trí Sheachtain Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath agus tríd an bhFéile Ith na Sráideanna.<br><br>Tá EMRWMPO ag comhoibriú leis an gComhairle Cathrach, le Canada Life Insurance agus le Yytall Ireland i gceantar Chluain Tarbh/Oileán an Bhulla chun córas coimeádán in-athúsáidte a sheoladh ar mhaithe le béile le tabhairt leat, amhail caife, anraith, sailéad agus pizza. Tá an clár píolótach ag tástáil úsáid meaisíní díola in-athúsáidte chun coimeádáin a tugadh ar ais a bhailiú. Is é an rún atá sa todhchaí ná go bhféadfaí an tionscnamh a chur i bhfeidhm go náisiúnta.<br><br>Bhí Glantachán Pobail Bhaile Átha Cliath ar siúl i mí Mheán Fómhair 2022 agus tugadh tacaíocht don Ghlantachán Náisiúnta Earraigh roimh an samhradh. Tugadh tacaíocht do 5000+ glantachán le málaí agus trealamh glantacháin. Bhí Dámhachtainí Comharsanachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2022 ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i mí Dheireadh Fómhair. |

# Sprioc 2

## Comharsanachtaí sábháilte faoi rath a thógáil

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| 2.1 Tithe ardchaighdeáin a sheachadadh ar an scála riachtanach | 2.1.1 Ár spriocanna bliantúla maidir le soláthar aonad tithíochta sóisialta a bhaint amach | Fuair na trí scéim CPP i mBeart Tithíochta Sóisialta 3 ceadú Chuid 8 in 2022 a chuirfidh 243 teach ar fáil in 2025. Ceadaíodh 10 láithreán eile do Bheart Tithíochta Sóisialta CPP 4 & 5 in 2022 a chuirfidh thart ar thart ar 800 teach ar fáil in 2026.<br><br>Tá 331 den sprioc Tógála curtha i gcrích amhail an 30 Meán Fómhair 2022. Cuireadh 283 aonad ar fáil faoi Léasú Fadtéarmach. Sainaithníodh sruthanna seachadta chun spriocanna 2022 a bhaint amach. D'fhoilsigh Seirbhísí Tithíochta agus Pobail a bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta 2022-2026 freisin. Sainaithnítear ann an tslí a gcomhlíonfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a spriocanna seachadta, faoi Thithíocht do Chách go dtí 2026. |
| | 2.1.2 Ár stoc tithíochta reatha a athnuachan agus a athbheochan ar bhonn cláraithe | Déanann Cothabháil Tithíochta oibreacha réamh-phleanáilte chun cabhrú le laghdú a dhéanamh ar shaincheisteanna cothabhála amach anseo. Áirítear leis an obair seo: díonta atá ann cheana féin a dheisiú, uasghrádú ár gcaidéil uisce agus teiliméadracht a shuiteáil inár gcoimpléisc chun bearta coigilte uisce a chur i bhfeidhm, scoilteadh coincréite ar ár bhfoirgnimh a bhaint, ár bhfuinneoga a uasghrádú ó ghloiniú aonair go dúbailte, umair uisce a athsholáthar, aláraim dhóiteáin a uasghrádú, bearta deighilte dóiteáin a shuiteáil, fardoirse a uasghrádú inár gcoimpléisc árasán, oibreacha feabhsúcháin comharsanachta, ár mbalcóiní a mheas agus a uasghrádú, cothabháil agus athshlánú draenála agus táirge frithshleamhnánach a shuiteáil ar ár gcéimeanna comhchoiteanna inár gcoimpléisc. Leanadh leis an obair seo ar feadh 2022.<br><br>Athchóiríodh 540 réadmhaoin sa chéad trí ráithe de 2022. Bhí siad seo comhdhéanta de:<br>• 143 teach, 233 árasán agus 164 aonad seanóirí.<br>• Ba réadmhaoine de chuid na Comhairle a bhí ann 471 agus ceannaíodh 69 réadmhaoin athláimhe ar an margadh oscailte. |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Chomh maith leis sin, rinne an Chomhairle Cathrach an méid seo a leanas:<br>• Soláthraíodh níos mó ná 200 Oiriúnú Inrochtaineachta do thionóntaí atá ann cheana<br>• Rinneadh 616 réadmhaoin a iniúchadh le haghaidh saincheisteanna taise agus cuireadh bearta i bhfeidhm mar aeráil mheicniúil, bordáil the nó péinteanna frithchaonaigh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna taise.<br><br>Leanann an chéim reatha den Chlár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh le 172 réadmhaoin ag fáil uasghráduithe fuinnimh éagsúla suas go dtí deireadh R3 2022. Don tréimhse chéanna, seirbhísíodh 8,860 coire agus deisíodh 5,958 coire agus rinneadh 622 coire a chur in áit na seancheann.<br><br>Freagraíonn an Fhoireann Deisiúcháin sa Chothabháil Tithíochta thart ar 8,000 glao gutháin gach ráithe go díreach chomh maith le fiosrúcháin trí Sheirbhísí Custaiméirí agus na hoifigí Ceantair Áitiúil. Freagraíonn siad go díreach os cionn 3,200 ríomhphost gach ráithe ó thionóntaí agus ó ionadaithe tofa.<br><br>Cuireann an tSeirbhís Airíochais seirbhís ar fáil dár dtionóntaí ar fud ár 191 coimpléasc, rud a chinntíonn go gcoinnítear ár gcoimpléisc ar ardchaighdeán. Tá clár ar siúl faoi láthair chun seomraí bruscair buana a thógáil i gcoimpléisc agus chun líon na n-araidí athchúrsála agus múirín a mhéadú. Tá ról ríthábhachtach ag an bhfoireann airíochais freisin i bhFreagra bliantúil Oíche Shamhna. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 2.1.3 A chinntiú go seachadtar tithe agus foirgnimh nua de réir na gcaighdeán riachtanach trí oibriú dianchórais Rialaithe Tógála don chathair | • Fuarthas 907 fógra bailí maidir le tús a chur le hobair thógála<br>• Cuireadh tús le 462 foirgneamh nua a thógáil, agus 3,508 aonad teaghaise nua i gceist<br>• Rinneadh 965 iniúchadh ar láithreáin tógála gníomhacha, agus dhírigh 350 ar shábháilteacht dóiteáin i bhfoirgnimh nua.<br>• 1,543 foirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu, idir fhoirgnimh nua agus fhoirgnimh atá ann cheana féin a athrú<br>• 15 Rabhadh eisithe, 2 Fhógra Forfheidhmithe Seirbheáilte, 2 Ionchúiseamh Achoimre tionscanta<br>• Próiseáladh 273 iarratas ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas |
| | 2.1.4 Mar an príomh-Údarás Áitiúil don Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta, cultúr comhlíonta na rialachán foirgníochta a chur chun cinn trí oideachas agus trí scéim iniúchta neartaithe. | Leathnaíodh ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar údarás ceannais don Oifig Náisiúnta Rialaithe Foirgníochta chun an Oifig Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh a áireamh mar atá forordaithe faoi Ionstraim Reachtúil (S.I.) Uimh. 682 de 2020. Tá clár faireachais margaidh 2022 ag díriú ar tháirgí foirgníochta a ghintear ó chairéil agus ó chlais, go háirithe táirgí ó Chód Ceantair 24 (Cumascáin) den CPR agus dírítear go háirithe ar na nithe seo a leanas:<br>a. Cumascáin do Choincréit (EN 12620);<br>b. Meascáin Bhiotúmanacha (EN13043);<br>c. Ábhair neamhcheangailte/atá ceangailte go hiodrálach (EN 13242).<br><br>D'iarr an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go ndéanfadh NBCMSO Iniúchadh Faireachais Margaidh ar gach cairéal i nDún na nGall i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, le haird ar leith ar Chód Ceantair 24 (Cumascáin) agus ar Chód Ceantair 17 (táirgí a bhaineann le Saoirseacht, Aonaid Shaoirseachta, Moirtéir agus Gabhálais), go háirithe:<br>d. Cumascáin do Choincréit (EN 12620);<br>e. Aonaid shaoirseachta (cumascáin dhlútha agus éadroma) (EN 771 -3). |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Rinneadh 107 iniúchadh/sampláil san iomlán i gcairéil agus i gclais. Fuair gach ceann de na hoibreoirí eacnamaíocha seo nóta faisnéise le “Airteagal 12(3) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Táirgí Foirgníochta) 2013 Iarratas ar Fhaisnéis” a bhaineann leis na táirgí foirgníochta atá á gcur ar an margadh acu. |
| | 2.1.5 Caighdeán na cóiríochta príobháidí ar cíos a chothabháil trí chigireacht réamhghníomhach agus forfheidhmiú na rialachán | Leathnaíodh modhanna cigireachta chun modhanna nua iniúchta ar réadmhaoin phríobháideach ar cíos a chruthú; tairgtear cigireachtaí físe beoshrutha do thionóntaí anois nuair atá siad siad oiriúnach agus aistríodh an fhoirm iniúchta fhíorúil do thiarnaí talún isteach i bhformáid ar líne.<br><br>Bunaíodh naisc le roinnt CCTanna in 2022 chun acmhainn iniúchta a stoic tithe príobháideacha ar cíos a mhéadú, leathnófar é seo in 2023. Rinneadh cigireachtaí ar chóiríocht shaintógtha do mhic léinn den chéad uair in 2022. |
| | 2.1.6 Faighteoirí an fhorlíonta cíosa eile a aistriú chuig an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | Aistríodh 105 cliant Forlíonadh Cíosa go dtí seo in 2022 agus tá 1,335 fágtha. Aontaíodh nós imeachta athbhreithnithe chun na hamanna rochtana ar phróiseas iarratais ÍCT a fheabhsú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí i mí an Mheithimh 2022. |
| 2.2 Comharsanachtaí measctha a chruthú a bhfuil rogha acu maidir le cineál tithíochta agus tionacht | 2.2.1 Beartas láidir a chur i bhfeidhm sa Phlean Forbartha a thacaíonn le cruthú comharsanachtaí measctha, le raon cineálacha tithíochta, áiseanna agus seirbhísí cuí. | Cuireadh polasaí an Phlean Forbartha i bhfeidhm ar fad tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha. Go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair, fuarthas 2890 iarratas pleanála bailí agus reáchtáladh 178 comhairliúchán réamhiarratais. Ullmhaíodh tuarascálacha le haghaidh 16 iarratas SHD (Forbairt Straitéiseach Tithíochta) agus cuireadh ar aghaidh chuig an mBord Pleanála iad. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás Pleanála 18 gcomhairliúchán réamhiarratais Alt 247 le haghaidh forbairtí LRD, 6 chruinniú ag céim na tuairime agus d’ullmhaigh siad agus d’eisigh siad 6 thuairim. D’eisigh sé cinntí freisin maidir le 4 hiarratas LRD. Ceadaíodh Scéimeanna Tithíochta Chuid 8 do roinnt suíomhanna sa chathair, agus ceadaíonn an próiseas Cuid V éagsúlacht tionachta. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 2.2.2 Réimse cineálacha agus forbairtí cuí tithíochta sóisialta a sheachadadh agus a éascú a thacaíonn le daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu | Ba iad an meán-ligean le haghaidh Míchumais ná 16.3% ón Liosta Tithíochta agus 16.8% ón Liosta Aistrithe, ag baint spriocanna 2022 amach don bhliain go dtí seo.<br><br>Tá obair ar siúl le CCTanna chun meascán cuí de thithíocht shóisialta a sholáthar chun tacú le daoine a bhfuil riachtanais shonracha acu. Lorgaítear seachadadh breise d'aonaid chun tacú le daoine a bhfuil riachtanais shonracha acu trí shruth seachadta Chuid V. |
| | 2.2.3 An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024 a chur i bhfeidhm | Críochnaíodh an t-athbhreithniú lár téarma ar an gClár i mí Dheireadh Fómhair 2022 lena chur i láthair don Choiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC) agus don Choiste Beartais Straitéisigh (CBS) um Tithíocht. Bhí moltaí chun feabhas a chur ar sheachadadh san athbhreithniú. |
| | 2.2.4 Réimse tacaíochtaí tithíochta a sheachadadh le cur ar chumas daoine fanacht i dtithíocht nó tithíocht a fháil a oireann dá riachtanais | D'fhreagair an Rannóg um Obair Shóisialta 2,102 glaoch um Obair Shóisialta ar Dualgas go dtí deireadh R3 2022. Fuarthas 650 iarratas ar Fhorais Shóisialta Eisceachtúla sa tréimhse chéanna; fuair an tSeirbhís Idirghabhála 8 n-atreorú.<br><br>Sanntar Oibrí Sóisialta Sinsearach do ról Ceannasaí Údaráis Áitiúil Náisiúnta in Oifig Náisiúnta SORAM.<br><br>Idir Eanáir agus Meán Fómhair 2022, chuir SLI (Tacaíocht chun Maireachtáil go Neamhspleách) tacaíocht chuairte ar fáil do 363 teaghlach atá ag bogadh ó chóiríocht éigeandála go tithíocht bhuan. Chuir an tSeirbhís Cothabhála Tionóntachta (TSS) tacaíocht chuairte ar fáil do 154 teaghlach i réigiún Bhaile Átha Cliath.<br><br>Tacaíonn an Chomhairle Cathrach le daoine fanacht ina dtithe tríd an gclár Tionóntaí in Situ agus CAS Éadáil / CAS Lándéanta. |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|---|---|
| 2.3 | Cur go héifeachtach le tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne | 2.3.1 | Comhoibriú le ranna rialtais agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile chun an tsamhail tithíochta ar Chíos Costais a fhorbairt | Aithníodh roinnt suíomhanna a d'fhéadfadh thart ar 1,000 teach ar cíos de réir costais a tháirgeadh. Tá teagmháil chuiditheach ar siúl leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta (DHLGH), CCTanna agus páirtithe leasmhara eile maidir le tograí forbartha do na láithreáin seo. |
| | | 2.3.2 | Straitéis Tithíochta a fhorbairt mar bhonn eolais ó Mheasúnú ar Éileamh Tithíochta mar chuid den chéad Phlean Forbartha eile | Ullmhaíodh Straitéis Tithíochta a raibh an Measúnú ar Riachtanais agus ar Éileamh Tithíochta (HNDA) mar bhonn eolais aici maidir leis an soláthar tithíochta, lena n-áirítear an cion de thithíocht shóisialta a theastaíonn agus an gá le tionacht agus méideanna éagsúla tithíochta, mar chuid den dréachtphlean Forbartha. |
| 2.4 | Aghaidh a thabhairt ar easpa dídine trí thrí phríomhréimse oibríochta – cosc, cosaint agus dul chun cinn | 2.4.1 | An Plean Gnó do Chreat an Phlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean do Bhaile Átha Cliath 2019 – 2021 a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil | Rinne an Grúpa Bainistíochta Reachtúil agus Comhfhóram Comhairliúcháin Bhaile Átha Cliath um Easpa Dídine athbhreithniú ar an bPlean Gnó do 2022. Dréachtaíodh an Plean Gníomhaíochta Reachtúil nua do Dhaoine gan Dídean 2022 - 2024 tar éis comhairliúchán fairsing ag deireadh 2021 agus ghlac na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath leis i mí Iúil 2022 tar éis moladh ó na ceithre CBS um Thithíocht i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh. |
| | | 2.4.2 | Idirghabháil luath a sholáthar do dhaoine atá ag fulaingt, nó atá i mbaol, easpa dídine | Cuireadh cosc ar 678 teaghlach (355 teaghlach agus 323 duine fásta singil) dul isteach i gcóiríocht éigeandála sa chéad sheacht mí de 2022, tríd an Scéim HHAP (565), Tithíocht Shóisialta (95) nó Cóiríocht Fhadtéarmach.<br><br>Tá sé seo sa bhreis ar thionóntachtaí atá cosanta ag an tSeirbhís um Chosaint Tionóntachta Tairseach (maoinithe ag an DRHE) agus seirbhísí coiscthe eile. I gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, áirítear orthu sin Daoine Scothaosta atá i mbaol a bheith gan dídean de réir mar a thugtar tosaíocht dóibh le haghaidh tithíochta faoi na hathruithe ar thosaíochtaí glactha na Scéime Ligin 2018. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 2.4.3 Daoine atá gan dídean a chosaint trí chóiríocht éigeandála agus tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar | Leanann iarrachtaí chun laghdú a dhéanamh ar úsáid óstáin tráchtála mar chóiríocht teaghlaigh, agus bhí 194 teaghlach ina gcónaí in óstáin tráchtála ag deireadh mhí Iúil i gcomparáid leis an leibhéal is airde ag 871 i mí an Mhárta 2017.<br>Tháinig laghdú seasta ar úsáid cóiríochta féinchóiríochta /neamhchonartha ó 584 ag an bpointe is airde in 2018, go 177 ag deireadh Iúil 2022.<br><br>Faigheann cónaitheoirí i moil teaghlaigh tacaíocht ar an láthair agus faigheann teaghlaigh in áiseanna éigeandála a oibrítear go príobháideach (PEAnna) comhairle tithíochta agus tacaíocht shóisialta ó Fhoirne Tithíochta NGO/DRHE chomh maith le tacaíocht in-rochtana ó FSS agus TUSLA. Leanadh ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun an raon tacaíochtaí do dhaoine fásta singil i PEAanna a fheabhsú, trí Oifigigh Tacaíochta Tithíochta na nÚdarás Áitiúil nó trí fhoirne tacaíochta cuairte ó fhoirne FSS agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tugann Oifigigh Tacaíochta Tithíochta cuairt ar 90% de na háiseanna le fócas méadaithe ar sheirbhísí sláinte agus andúile a chuirtear ar fáil ar bhonn in-rochtana. Tá tacaíochtaí comhlúthacha ar fáil níos forleithne anois ar fud na PEAanna, ag leathnú de réir a chéile ar na deiseanna le haghaidh idirghabhálacha sláinte nó tithíochta agus bainistíocht cásanna. I gcomhpháirtíocht leis an DRHE, tá tús curtha ag FSS le clár oiliúna do bhaill foirne in PEAnna. |
| | 2.4.4 Bealaí chuig réitigh tithíochta fadtéarmacha a shainaithint agus a chumasú, lena n-áirítear do dhaoine a chodlaíonn amuigh tríd an gclár Tithíocht ar dTús | Tá iomlán de 567 teaghlach (244 teaghlach agus 323 duine fásta singil) tar éis éirí as cóiríocht éigeandála sa chéad sheacht mí de 2022, tríd an Scéim HHAP (246), Tithíocht Shóisialta (265), tionóntachtaí príobháideacha ar cíos agus Cóiríocht Fhadtéarmach.<br>Idir Eanáir agus Iúil 2022, cruthaíodh 41 tionóntacht nua Housing First. |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|---|---|
| 2.5 | Déanfaimid ár bpáirt chun sábháilteacht a chinntiú do dhaoine ina dtithe agus san fhearann poiblí | 2.5.1 | Seirbhísí Dóiteáin, Tarrthála agus Éigeandála Otharcharr a sheachadadh chuig pobail Chathair Bhaile Átha Cliath agus chontaetha Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire Ráth an Dúin | 73.0% de theagmhais Dóiteáin ag an láthair laistigh de 10 nóiméad<br>97.1% ag an láthair laistigh de 20 nóiméad<br><br>Neamh-Dhóiteáin (Seirbhís Speisialta)<br>70.4% ag an láthair laistigh de 10 nóiméad<br>96.6% laistigh de 20 nóiméad |
| | | 2.5.2 | Oibriú i gcomhar leis an nGarda Síochána agus an Comhchoiste Póilíneachta chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta agus le saincheisteanna sábháilteachta pobail | Ghlac an Chomhairle Cathrach an Straitéis Bainistíochta Eastát – Comharsanachtaí Níos Sábháilte a Chothú trí Bhainistíocht Réamhghníomhach agus Fhreagrach ar Iompar Frithshóisialta 2022 – 2027 i mí Aibreáin 2022.<br><br>Chuir Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána tuairiscí ar fáil do gach cruinniú de Chomhchoiste Póilíneachta na Cathrach (JPC). Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil an JPC 2021 faoi bhráid chruinniú mhí na Bealtaine 2022. Thug Tionscadal Drugaí Ana Liffey (ALDP), an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus an tÚdarás Póilíneachta cur i láthair. Thug an Garda Síochána cur i láthair ar Gháinneáil ar Dhaoine & Póilíneacht Fhéile Pádraig 2022. |
| | | 2.5.3 | Coimpléisc tithíochta agus eastáit tithíochta na comhairle cathrach a bhainistiú go héifeachtach | Bainistiú Eastát: Rinneadh Treoirlínte maidir le 'hIompar Frithshóisialta /Sárú Tionóntachta' a Bhainistiú a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir na Straitéise nua um Bainistiú Eastát. |
| | | 2.5.4 | Forbairt timpeallachta tógtha agus spásanna poiblí a chur chun cinn atá deartha chun coireacht agus iompar frithshóisialta a dhíspreagadh, a chuireann sábháilteacht chun cinn agus a thagann le prionsabail an dearaidh uilíoch. | Leantar ag baint úsáid as an bpróiseas Bainistíochta Forbartha chun a chinntiú go bhfuil forbairtí molta ag teacht leis an bPlean Forbartha Cathrach chun cathair a chinntiú gur áit shábháilte tharraingteach í le maireachtáil, le hoibriú léi, le cuairt a thabhairt uirthi agus le taitneamh a bhaint aisti.<br>Leanann infheistíocht sa ríocht phoiblí (lena n-áirítear URDF) ag cur le taithí agus gníomhaíocht eacnamaíoch do choisithe, ag cur tréscaoilteachta agus sábháilteachta chun cinn trí fhaireachas éighníomhach méadaithe. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm thionscadal na nAonad Cumhachta Oibrithe (POU) a fhéachann le cigireacht a dhéanamh ar na gairis tógála seo atá faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach, measúnú riosca a dhéanamh ar gach ceann díobh agus moltaí a dhéanamh ar oibreacha leasúcháin agus cothabhála amach anseo. Tá tuarascálacha cigireachta tugtha chun críche agus ceadaithe do níos mó ná 700 aonad agus ullmhaíodh tuarascálacha críochnaithe do níos mó ná 2002 aonad amhail Deireadh Fómhair 2022. Tá an chéad chonradh oibre le haghaidh 60 aonad críochnaithe. Ullmhaíodh doiciméid tairisceana le haghaidh trí chonradh breise agus tá Creat á dhréachtú faoi láthair chun na haonaid a bhainistiú amach anseo. |
| | 2.5.5 Tacú le rannpháirtíocht an phobail i sábháilteacht agus slándáil trínár gcláir oideachais agus feasachta dóiteáin, uisce agus sábháilteachta ar bhóithre | Forbraíodh agus cuireadh Feachtas Pobail um Shábháilteacht ó Dhóiteán i bhfeidhm chun feasacht um shábháilteacht ó dhóiteáin a chur chun cinn laistigh den phobal, le feachtas meán ar fud na meán clóite agus digiteach. Rinneadh giaráil ar na meáin shóisialta chun raon na teachtaireachta sábháilteachta a leathnú. Comhairle spriocdhírithe um shábháilteacht ó dhóiteán a phoibliú d’earnálacha éagsúla chun an teachtaireacht um shábháilteacht ó dhóiteán a uasmhéadú.<br><br>Rinneadh teagmháil leanúnach le grúpaí pobail. Pleanáladh feachtas aláraim deataigh agus cuireadh tús lena chur i bhfeidhm.<br><br>Próiseáladh 100% de na hiarratais ar Dheimhnithe sábháilteachta ó Dhóiteán laistigh de na teorainneacha ama ábhartha. Cuireadh an córas BCMS i bhfeidhm agus logáladh 99% de gach feidhmchlár FSC ar BCMS. Tugadh faoi fhorfheidhmiú comhréireach.<br><br>Seoladh tionscadal baoi Smart Ring faoi stiúir na Comhairle Cathrach, a úsáideann teicneolaíocht braiteora ar chostas íseal chun foláirimh fhíor-ama a sholáthar nuair a chailltear agus a dhéantar damáiste do bhaoithe tarrthála agus cuirfear i bhfeidhm é i mbreis agus 600+ baoi tarrthála ar fud 8 n-údarás áitiúil. |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Tacaíonn Rannóg um Shábháilteacht ar Bhóithre Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis na feachtais oideachais agus feasachta seo a leanas:<br>• Clár oiliúna rothaíochta Cycle Right de chuid na Roinne Iompair. Fuair níos mó ná 15 bhunscoil in 2022 an oiliúint rothaíochta scoile i ranganna 5 agus 6.<br>• Cuireadh seirbhís maor scoile ar fáil le breis agus 230 maor scoile.<br>• Feachtais Feasachta um Shábháilteacht ar Bhóithre i gcomhar le AGS agus an RSA. Beidh an Lá Domhanda i gCuimhne ar Dhaoine a d'Fhulaing de dheasca Timpistí ar Bhóithre ar siúl ar an 20 Samhain 2022.<br>• Feachtas oideachais um shábháilteacht ar bhóithre atá le teacht chun cur ar chumas scoláirí scoile ionsamhlúchán a fheiceáil ó thaobh paisinéara atá sa suíochán tosaigh ag baint úsáid as Réaltacht Fhíorúil 360.<br>• Cótaí sofheicthe agus seiteanna do scoileanna seasta a sholáthar le teachtaireachtaí Sábháilteacht ar Bhóithre d'imeachtaí pobail.<br>Tá miontairiscint á cur ar fáil ag an Rannóg um Shábháilteacht ar Bhóithre chun staidéar féidearthachta a dhéanamh ar an scoil oideachais soghluaisteachta. |
| | 2.5.6 Ullmhú agus freagairt chomhordaithe idirghníomhaireachta ar mhóréigeandálaí ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha ag teacht leis an gCreat le haghaidh Móréigeandálaí | Cuireadh rannpháirtíocht agus tacaíocht leanúnach ar fáil do Ghrúpa Oibre agus Foghrúpaí Réigiúnach an Oirthir.<br><br>Comhlíonadh iomlán le rialacháin HSA COMAH/Seveso, 4 chleachtadh tástála Plean Éigeandála Seachtraí Seveso le linn 2022.<br><br>Críochnaíodh Plean Móréigeandála 2022 Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus críochnaíodh an Plean Drochaimsire, faomhadh é agus dáileadh é ar an nGrúpa Oibre Bainistíochta Géarchéime.<br><br>Leanadh leis an teagmháil le Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath in 2022 agus bhí Oifigigh Cosanta Sibhialta páirteach i gcruinnithe Ghrúpa Oibre Réigiúnach MEM Thoir agus i ngach cleachtadh. Rinneadh rannpháirtíocht ar ghníomhachtú an Ionaid Shuaimhnis do Dhídeanaithe na hÚcráine. |

# Sprioc 3

## Leanúint le geilleagar láidir éagsúil a fhás

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| 3.1 Tacú go réamhghníomhach le cruthú agus neartú na micrifhiontair, na bhfiontar beag agus meánmhéide sa chathair | 3.1.1 Réimse tacaíochtaí a chur ar fáil, lena n-áirítear Siopa Chéad Stad agus an Clár Tábhairne Oibre, do ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag forbairt | D'éirigh leis an OFÁ a raon iomlán seirbhísí a sheachadadh, i.e. meantóireacht, oiliúint, deontais & cumarsáid a bhaineann le gnó trí fhormáidí cumaisc.<br><br>Go dtí seo: cuireadh 808 uair an chloig de mheantóireacht ar fáil (sprioc bhliantúil 1,000 uair an chloig). Seachadadh 39 Clinic Comhairle Gnó (sprioc bhliantúil: 48) chuig 467 rannpháirtí (sprioc bhliantúil 500). Cuireadh oiliúint ar fáil do 2,836 rannpháirtí (sprioc bhliantúil 3,000). Cuireadh 146 cúrsa ar fáil.<br><br>Work Matters: Seachadadh féilire imeachtaí an Earraigh agus an Fhómhair, ag tacú le comhthaobhacht margaíochta físe. Reáchtáladh sraith imeachtaí i rith na Seachtaine Fiontair Áitiúil i mí an Mhárta 2022. D'oscail OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath an clár náisiúnta don dara bliain as a chéile. |
| | 3.1.2 Tacaíocht a sholáthar d'earnálacha eacnamaíocha aitheanta:<br>• Teicneolaíocht<br>• Fiontraíocht shóisialta<br>• Gnó glas / geilleagar ciorclach<br>• Turasóireacht<br>• Margaí<br>• Bia<br>• Dearadh | Go dtí seo tugadh 57 iarratas ó raon earnálacha eacnamaíocha chuig cruinniú an Choiste Meastóireachta ar thacaíocht ghnó. Fuair 44 deontas faomhadh ar luach díreach níos mó ná €1 mhilliún chun tacú le 85 deis fostaíochta a chruthú i nGeilleagar Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí seo i mbliana (73% den sprioc bhliantúil bainte amach).<br><br>Tá an OFÁ ag obair in éineacht le Fiontraíocht Éireann (EI) chun táirgí EI a sheachadadh (Grad Start, Agile, an Clár Comhpháirtíochta Nuálaíochta, deontais maoine intleachtúla) agus tá a sprioc sáraithe acu sa chatagóir seo. Thacaigh an táirge trádála ar líne le raon earnálacha gnó chun a láithreacht a mhéadú trí ghnó a dhéanamh ar líne ar luach iomlán de €300,000 (meánluach deontais €2,300).<br><br>Oibríonn an OFÁ go dlúth le Slabhra Bia Bhaile Átha Cliath freisin chun tacú le seachadadh chlár bliantúil na hearnála bia. Mar chuid de Dhámhachtainí Fiontar Sóisialta Chathair Bhaile Átha Cliath 2022, roghnaíodh 6 thionscadal fiontraíochta sóisialta go hiomaíoch agus bronnadh deontais orthu ó chiste foriomlán ar luach €60,000. |

# Sprioc 3

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Tá Green for Micro, clár a chuidíonn le gnólachtaí beaga a bheith níos inbhuanaithe, leathnaithe agus fuarthas 16 iarratas go dtí seo in 2022.<br><br>Thacaigh clár oiliúna an gheilleagair chiorclaigh MODOS le FBManna áitiúla chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a ghlacadh trí imeachtaí líonraithe agus oiliúint le linn Ráithí 1 & 2.<br><br>Bhí SoCircular ar siúl i mí Dheireadh Fómhair chun éiceachóras agus cultúr gheilleagar sóisialta agus ciorclach Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh. Bhí 300 duine, 50 fiontar sóisialta agus ciorclach ann, lenar áiríodh roinnt eagraíochtaí tacaíochta a cuireadh ar taispeáint, chomhroinn 18 sainphainéalaí a gcuid léargais, tharla 4 chomhrá cois tine. |
| | 3.1.3 Suímh a aithint agus soláthar raon cóiríochta oiriúnach a éascú d'fhorbairt gnó lena n-áirítear moil fiontair agus spás comhoibrithe | Cuireadh 'Moil Fiontraíochta i mBaile Átha Cliath – Tuarascáil Taighde 2022' ar fáil agus aithníodh 136 mol fiontraíochta ann ar fud Bhaile Átha Cliath. Sonraíodh ann an t-ionchur suntasach a dhéanann na moil i leith na fiontraíochta agus na forbartha eacnamaíche agus éiceachóras fiontraíochta agus nuálaíochta Bhaile Átha Cliath. Cuireadh ar fáil é mar chuid de chur i gcrích Phlean Fiontraíochta Réigiún Bhaile Átha Cliath go dtí 2024. Tá staidéar taighde leantach á dhéanamh chun réimsí tionscadail phíolótacha a shainaithint maidir le húsáid fhéideartha mol fiontraíochta mar idirghabháil limistéarbhunaithe. |
| 3.2 Pleanáil agus soláthar d'fhás eacnamaíoch na cathrach amach anseo trí threochtaí nua eacnamaíocha a thuiscint agus freagairt dóibh | 3.2.1 Athbhreithniú ar Chathair Bhaile Átha Cliath: Forbairt Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn 2018 – 2021 | Rinneadh athbhreithniú ar Chathair Bhaile Átha Cliath Forbairt Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn 2018 – 2021 agus leagadh béim ar phríomhghníomhartha, aschuir agus an tionchar a baineadh amach ag an Oifig um Fhorbairt Eacnamaíoch (EDO). Rinneadh é seo mar chuid de Straitéis Forbartha Eacnamaíochta nua a fhorbairt don EDO a mheasann an fócas amach anseo agus a threoraíonn an EDO i rith 2022 -2024. Tá fís, misean, colúin agus cuspóirí nuashonraithe ann agus mar aitheantas ar thiomantas CCBÁC/EDO tacú le Cathair Bhaile Átha Cliath agus a geilleagar a bheith níos inbhuanaithe. Tá na piléir mapáilte i gcoinne Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 3.2.2 Fóram Eacnamaíoch inmheánach a bhunú chun míreanna a aithint le breithniú a dhéanamh ar an CPS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontair agus tionscadail taighde d'institiúidí tríú leibhéal | Tacaíonn an EDO leis an CBS um Fhorbairt Geilleagair agus Fiontraíocht chun réimsí a aithint lena mbreithniú agus tionscadail taighde chomhoibritheacha le hinstitiúidí tríú leibhéal. |
| | 3.2.3 Monatóir ráithiúil Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath a fhoilsiú | In éineacht leis na DEManna, foilsíodh agus cuireadh Innéacs Ráithiúil na mBainisteoirí Ceannaigh (PMI) agus SpendingPulse chun cinn. Foilsíodh 3 físeán cloigeann ag caint agus 8 n-alt léargais foilsithe ar www.dublineconomy.ie. Rinneadh uasghrádú ar an suíomh gréasáin chun sonraí inrochtana a áireamh a choinnítear go míosúil. Mhéadaigh trácht an tsuímh gréasáin faoi 5 ó c400/mí go c2000/mí ó rinneadh an t-uasghrádú. Le 12 mhí anuas, tá méadú 25% tagtha ar shíntiúis liosta poist go 285. Tá iniúchadh á dhéanamh freisin ar uasghrádú ar na sonraí SpendingPulse. |
| 3.3 Iomaíochas Réigiún na Cathrach a neartú trí chomhoibriú leanúnach lenár n-údaráis chomharsanachta agus tógáil ar ár naisc idirnáisiúnta | 3.3.1 An chathair a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar áit chun infheistíocht a dhéanamh, cuairt a thabhairt uirthi agus cónaí ann trí Dublin.ie | Choimisiúnaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath OCO Global agus Eutopia chun athbhreithniú a dhéanamh ar Bhranda Áit Bhaile Átha Cliath agus chun straitéis a fhorbairt do threo an tionscadail amach anseo. Reáchtáladh Ceardlanna do Pháirtithe Leasmhara i mBealtaine 2022 agus rinneadh cur i láthair ar fhorbairt na straitéise do pháirtithe leasmhara. Baineann na chéad chéimeanna eile le cur i gcrích na Straitéise agus Plean Gníomhaíochta chun tacú lena cur i bhfeidhm. |

# Sprioc 3

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 3.3.2 Na naisc lenár bPríomhchathracha atá ann cheana a neartú trí thionscnaimh agus malartuithe comhthairbheacha agus gníomhú mar chéad phointe teagmhála do thoscaireachtaí cuairte cathrach, gnó agus rialtais | Chomhaontaigh an Chomhairle Cathrach Comhaontú Nasctha le Cív, an Úcráin ar an 7 Márta 2022 agus síneoidh an tArdmhéara Caroline Conroy agus an Méara Vitali Klitschko é ar an 28 Samhain 2022.<br><br>Aontaíodh athnuachan an Mheabhráin Tuisceana le Cathair Bhaile Átha Cliath, Ohio, SAM ag Cruinniú Prótacail ar an 27 Deireadh Fómhair 20222 agus reáchtáladh plé tosaigh maidir le cuairteanna malairte agus réimsí comhoibrithe féideartha. |
| | 3.3.3 Plean Fiontar Réigiúnach Bhaile Átha Cliath a athbhreithniú go dtí 2020 | Bhí baint fhorleathan ag an gComhairle Cathrach le cur i bhfeidhm agus an t-athbhreithniú ina dhiaidh sin ar Phlean Fiontraíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath go dtí 2020 agus bhí sí i gceannas ar 7 ngníomh agus chomhoibrigh sí ar na gníomhartha éagsúla eile agus thacaigh sí leo. Thacaigh an próiseas athbhreithnithe le Plean Fiontraíochta Réigiúnach reatha Bhaile Átha Cliath a chur le chéile go dtí 2024. |
| | 3.3.4 Leanúint ar aghaidh le bheith i gceannas ar Chomhpháirtíocht Bithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath chun éiceathurasóireacht agus spriocanna forbartha a bhaint amach | Shínigh 9 ngnólacht Cairt Ghnó Bithsféir Chuan Bhaile Átha Cliath<br><br>Thacaigh an Chomhairle Cathrach le tionscadal URBACT a dhírigh ar Chathracha a Thacaíonn le Turasóireacht, chuir sí tacaíocht ar fáil do 2 imeacht gnó turasóireachta le fócas ar thurasóireacht inbhuanaithe agus d'eagraigh sí turais treoshuímh ar Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath le hionadaithe ó Fháilte Éireann.<br><br>Baineadh úsáid as físeáin bhithsféir chun Cuan Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn trí na meáin shóisialta agus d'oibrigh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le hIarnród Éireann chun íomhánna vinile atá dírithe ar an dúlra a chruthú a chuireann an bithsféar chun cinn agus a thaispeánfar ar thraenacha DART áitiúla (le bheith seolta in R4). |

# Sprioc 4

## Borradh dlúth a chur chun cinn le bonneagar ceangailte

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| 4.1 Ról ceannaireachta a ghlacadh i gcomhoibriú le comhpháirtithe cathrach chun córas iompair phoiblí níos comhtháite a leathnú agus a thógáil sa chathair | 4.1.1 Oibriú le Bonneagar Iompair Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun MetroLink a chur chun cinn agus chun an tionscadal Bus Connects a éascú | Tá Foireann Idirchaidrimh BusConnects agus struchtúir chumarsáide i bhfeidhm agus tá roinnt conairí curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) anois agus tá obair ar siúl ar Athdhearadh Líonra Busanna ar fud na cathrach. Tá teagmháil leanúnach agus fairsing á déanamh le Metrolink agus tá an tionscadal seo anois leis an mBord Pleanála (ABP).<br><br>Tá cruinnithe agus cumarsáid ag dul ar aghaidh agus cuirfear acmhainní breise i bhfeidhm maidir le tionscadal DART+, agus tá DART West leis an mBord Pleanála faoi láthair.<br><br>Maidir le BusConnects, déantar measúnú leanúnach ar mholtaí agus seoltar aiseolas chuig an ngníomhaireacht. Seoladh tuairimí corparáideacha chuig an mBord Pleanála maidir le 5 chroí-scéim conairí bus agus tá an chéad 11 eile le cur isteach i Ráithe 4 2022. Cuireadh stadanna bus nua, thart ar 50, ar fud na cathrach i bhfeidhm chun tacú leis na seirbhísí ardmhinicíochta nua BusConnects. Tá lána bus in aghaidh an tsrutha i bhfeidhm ar Sráid an Fhíona chun feabhas a chur ar shreabhadh na seirbhísí bus agus chun naisc bhealaigh ar fud lár na cathrach a fheabhsú.<br><br>Le linn Pleanáil Iompair 2022, bhí an Chomhairle Cathrach i dteagmháil go rialta le TII agus NTA chun a n-ionchur sa phróiseas bainistíochta forbartha a chinntiú ionas go dtabharfaidh suíomhanna forbartha nua ar fud na cathrach aird ar thionscadail Bus Connects agus MetroLink agus go soláthróidh siad áirithintí spáis dóibh.<br><br>Freagróidh Taisteal Gníomhach d'iarratas MetroLink a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála maidir le stáisiúin agus bealaí chuig stáisiúin agus uathu. |

# Sprioc 4

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 4.1.2 Bonneagar rothaíochta a sheachadadh mar chuid de Nascann Bus agus chun nascadh le MetroLink | Maidir le BusConnects, tá tograí maidir le soláthar rothaíochta ina gcuid riachtanach den scéim do gach conair anois. Déantar measúnú ar thograí MetroLink ó amharcphointe an stáisiúin chomh maith le bealaí chuig agus ó na stáisiúin agus tabharfaidh an tAonad Taistil Ghníomhaigh freagra air. |
| | 4.1.3 Staidéar Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a sheachadadh chun fás ar iompar poiblí paisinéirí agus ar mhodhanna gníomhacha a chumasú | De réir an Phlean Forbartha 2022 go 2028, tá cuspóir sonrach ann Staidéar Iompair Lár na Cathrach a nuashonrú agus críochnófar an t-athbhreithniú seo in 2023. Suiteáladh beart sonrach 11 de Staidéar Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath chun lána bus in aghaidh an tsrutha ó dheas a chruthú ar Shráid an Fhíona. Cuirfidh sé seo leis an líonra nua Bus Connects i lár na cathrach |
| 4.2 Raon roghanna taistil malartacha agus éiritheacha a sholáthar agus tacú leo, dírithe go háirithe ar rothaíocht agus siúl | 4.2.1 Moltaí Chathair Bhaile Átha Cliath ó Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm | I rith 2022 chinntigh Pleanáil Iompair gur cuireadh spás in áirithe ar shuíomhanna forbartha príobháideacha ar fud na cathrach do thionscadail rothaíochta tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha.<br><br>Tá obair ar siúl ar fad ar rolladh amach an líonra rothaíochta agus bunaíodh an tAonad Clár um Thaisteal Gníomhach i mí Feabhra 2022. Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar thionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach i mí an Mhárta 2022. Tá sé beartaithe tús a chur le hoibreacha tógála ar Chéim 3 den Chanáil Ríoga faoi dheireadh 2022. Tá Céim 4 den Chanáil Ríoga á hullmhú faoi láthair le haghaidh iarratas Chuid 8. Tá scéim bhuan Ghlasbhealach na Dothra curtha ar sos agus tá dearadh scéime eatramhaí á chur chun cinn.<br><br>Tá 13 scéim eatramhacha ar an iomlán ar siúl faoi láthair, tá 8 gcinn acu ag céim mhionsonraithe deartha. Tá tús curtha freisin le dearadh coincheapa do 5 scéim eatramhacha eile. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 4.2.2 Méadú ar an méid spáis do choisithe i lár na cathrach agus a chinntiú go bhfuil sé ar ardchaighdeán | I rith 2022 chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tSráid Saor ó Thrácht is faide i mBaile Átha Cliath i bhfeidhm ar Shráid Chéipil ag cruthú 6,000 m2 de spás saor ó thrácht i lár na cathrach.<br><br>I rith 2022, chinntigh Pleanáil Iompair gur sholáthair forbairtí príobháideacha ar fud na cathrach spás méadaithe do choisithe agus ríocht phoiblí ardchaighdeáin mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha. D'oibrigh struchtúr corparáideach na Ríochta Poiblí go réamhghníomhach i rith 2022 chun oibriú ildisciplíneach, comhoibríoch a chur chun cinn i dtreo chur i bhfeidhm na ríochta poiblí.<br><br>Tá réamhdearthaí agus miondearaí ag dul ar aghaidh ar thionscadail ábhartha na ríochta poiblí chun feabhsuithe agus feabhsuithe ardchaighdeáin a sheachadadh ar spás coisithe i lár na cathrach. |
| | 4.2.3 Úsáid moil soghluaisteachta a chur chun cinn agus comhtháthú na modhanna inbhuanaithe go léir i socrú Soghluaisteachta mar Sheirbhís | Seoladh scéim nua ríomh-rothar lastais dírithe ar GBManna agus bhí rath uirthi óna seoladh i leith. Tá mol rothar agus áiseanna rothaíochta do dhaoine scothaosta curtha ar fáil i bPáirc Éamoinn Ceannt. Tá bainistíocht agus rannpháirtíocht leanúnach ann leis na soláthróirí seirbhíse Rothar agus carranna comhroinnte.<br><br>Forbraíodh straitéisí soghluaisteachta comhtháite, i gcomhar le forbróirí, do shuíomhanna móra forbartha/cheathrúna cathrach nua ar fud limistéar na Cathrach. Áiríonn na straitéisí seo soláthar moil soghluaisteachta a sholáthraíonn sraith chomhtháite seirbhísí agus áiseanna lena n-áirítear scéimeanna roinnte gluaisteán agus rothar, táillí EV agus R-rothar. Tá straitéis chomhchosúil á hullmhú do Bhóthar Emmet, atá beartaithe a bheith ina heiseamláir amach anseo.<br><br>Faoi Straitéis Iuchtaithe EV 4DLA, seoladh an chéad Mhol um Luchtú Soghluaisteachta Pobail de chuid na Comhairle Cathrach i bhFionnghlas. |

# Sprioc 4

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 4.2.4 Leanúint le forbairt ár gcórais iompair éirimiúla agus le húsáid cinnteoireachta sonraí-tiomáinte le haghaidh pleanáil iompair, ag ionchorprú ionsamhlúchán cathrach beagnach fíor-ama, córais tosaíochta bus agus SCATS | Leanadh leis an gcóras SCATS a leathnú agus a nuashonrú. Tá an fhorbairt ar an gcóras Sonraí Rothaíochta Láraithe trí Smart Micros ar siúl fós. Leathnaíodh an Córas Tosaíochta Bus Láir chun busanna GoAhead a chur san áireamh. Maidir le conair Bus Connects, tá athdhearadh agus uasghrádú mór ar an gcóras ar siúl. Tá plean acmhainní agus imlonnaithe ITS do 2030 ar siúl. |
| 4.3 Treoir agus fís a sholáthar maidir le soláthar bonneagair dhigitigh le cur ar chumas na cathrach leas a bhaint as na deiseanna a sholáthraíonn an teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn | 4.3.1 Bonneagar teileachumarsáide agus ard-acmhainne TFC a spreagadh agus a éascú i suíomhanna cuí ar fud na cathrach mar mhodh chun iomaíochas eacnamaíoch a fheabhsú agus chun cur le gluaiseacht inbhuanaithe trí laghdú ar an ngá le taisteal. | Bunaíodh Aonad Teileachumarsáide chun comhoibriú le hearnáil na tionsclaíochta agus le hOibreoirí Líonra Soghluaiste chun iarracht a dhéanamh clúdach leathanbhanda agus líonra soghluaiste a fheabhsú ar fud na cathrach. Feidhmeoidh an tAonad mar ionad ilfhreastail do dhuine ar bith atá ag iarraidh dul i dteagmháil le ranna na Comhairle Cathrach maidir le feabhsúcháin ar bhonneagar teileachumarsáide agus clúdach líonra.<br>• Próiseas Soláthair ar siúl chun Bainistíocht Teileachumarsáide agus Seirbhísí Gaolmhara a Sholáthar do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath<br>• Mol Saoránach - Tástáil á déanamh ar Phróiseas Iarratais ar líne Alt 254<br>• Iarratas ar chead pleanála déanta chun Bonneagar Teileachumarsáide a chur ar dhíon Ionad Pobail an Bhaile Bhoicht<br>• Cártaí rátaí teileachumarsáide dréachtaithe agus foilsithe<br>• Sonraí agus mapáil Sócmhainní ar siúl go leanúnach - chun cabhrú le húsáid straitéiseach sócmhainní le haghaidh gnóthú costas<br>• Tá rannóg nua Teileachumarsáide tiomnaithe san áireamh ar dublincity.ie ionas go mbeidh sonraí agus faisnéis a bhaineann le teileachumarsáid ar fáil do chách. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 4.3.2 Na Dugthailte Cliste a chomhdhlúthú mar leaba tástála do thionscnaimh nua a bhaineann le teicneolaíocht | Thacaigh clár um Dhugthailte Cliste le haonad teileachumarsáide nua CCBÁC a bhunú, a seoladh i mí Aibreáin 2022. Bhí ról lárnach ag ag méid a foghlaimíodh ó thionscadal píolótach agus obair nascachta 5G na ndugthailte maidir leis an gcás gnó a dhéanamh le haghaidh cur chuige nua i leith teileachumarsáide i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Thacaigh foireann na ndugthailte le seachadadh tacar uirlisí dea-chleachtais chun teileachumarsáid a rolladh amach i gcathracha ag obair leis an Telecoms Infra Project (TIP).<br>Seachadadh clár rannpháirtíochta oideachais rathúil trí 'Academy of the Near Future', i gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an t-ionad taighde CONNECT, ag seachadadh ceardlanna oideachais na cathrach cliste do níos mó ná 1,000 scoláire Idirbhliana ar fud na hÉireann trí dheireadh 2021 agus 2022. Chríochnaigh sé seo le Seachtain na hIdirbhliana 'Design Your Future City' a sheachadadh i mí an Mhárta 2022 a bhí ina chlár seachtaine do scoláirí na hIdirbhliana chun todhchaí na gcathracha a iniúchadh. Thacaigh an Chomhairle Cathrach le leathnú Leapacha Tástála Ceantair Chliste eile ar fud limistéar na Comhairle Cathrach, lenar áiríodh Smart DCU (comhpháirtíocht le DCU) agus Smart D8 (ag díriú ar shláinte agus folláine). Tháinig éacht suntasach do chlár na nDugthailte Cliste ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, a thug aitheantas do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do chlár na Cathrach Cliste mar chomhpháirtí fiontair na bliana do 2021. Aithníonn sin comhpháirtí a chomhoibríonn go comhsheasmhach leis an gcoláiste chun aschur nuálaíochta éifeachtach a spreagadh. |

# Sprioc 4

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 4.3.3 Úsáid a bhaint as an mbonneagar digiteach atá ann cheana féin agus as an nua lena chinntiú go n-oibrítear na príomhchonairí isteach sa chathair ar bhealach nasctha ITS chun conairí bainistithe a sholáthar do bhusanna agus chun gluaiseacht shábháilte agus éifeachtach a chinntiú. | Tá an rannóg Tráchta ag obair ar chóras tosaíochta bus den chéad ghlúin eile chun comhéadan a dhéanamh le córas faisnéise iompair phoiblí na Chéad Ghlúine Eile ón NTA. Bainfear úsáid as an gcóras seo chun tosaíocht fheabhsaithe a sheachadadh do sheirbhísí iompair phoiblí. Mar chuid den obair seo tá measúnú á dhéanamh ar gach conaire Bus Connects chun a gcuid riachtanas maidir le braite breise agus fothaí sonraí a chinneadh. Tá obair ar siúl chun na cineálacha braite is fearr le húsáid a chinneadh agus chun a bhfeidhmíocht a mheas. |
| | 4.3.4 Foinse dhigiteach iontaofa a chur i bhfeidhm le haghaidh feithiclí nasctha agus uathrialaitheacha agus chun a chinntiú go bhfuil léarscáiliú digiteach ardchaighdeáin ann | Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gComhairle Cathrach ar na féidearthachtaí agus na dúshláin a bhaineann le feithiclí uathrialaitheacha agus feithiclí nasctha agus tá an Chomhairle mar chuid de ghrúpa oibre CAV leis an Roinn Iompair. |
| 4.4 Dlúis inbhuanaithe a spreagadh agus a éascú agus an úsáid is fearr a bhaint as talamh tearcúsáidte, folamh agus athfhorbraíochta | 4.4.1 Plean Forbartha na Cathrach agus Pleananna Limistéir Áitiúil gaolmhara a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm chun an úsáid is fearr a bhaint as talamh na cathrach le haghaidh forbartha sa todhchaí | Ghlac an Chomhairle Cathrach le Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022 – 2028 ag Cruinniú Speisialta ar an 01 Samhain. Tiocfaidh an Plean i bhfeidhm 6 seachtaine tar éis do na Comhaltaí Tofa an rún a rith.<br><br>Tá an Plean Forbartha 2016-2022, na CFSanna agus na PCÁnna á gcur i bhfeidhm tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha agus trí mhaoiniú URDF agus LIHAF a chur i bhfeidhm. Leanann an cur i bhfeidhm ar Phleananna Ceantair Áitiúil Bhaile Munna, Úllord na Silíní agus Chluain Ghrífín - Bhéal Maighne; ag obair go tras-rannach chun na cuspóirí a bhaint amach de réir mar a théann céimeanna forbartha na gceantar seo ar aghaidh. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Faoi Ghairm 1 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach, fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas maoiniú don Chreat Straitéiseach, máistirphlean neamhreachtúil dírithe ar 700 heicteár atá suite ar cheantair Bhóthar an Náis/ Inse Chór / Pháirc an Iarthair. I mí Iúil 2022 shonraigh Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an Creat Straitéiseach Imeall na Cathrach. Tá tús curtha le hobair ar an gcéad chéim eile den tionscadal, an plean reachtúil, a mheas.<br><br>Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi Ghairm 2 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach gealltanas maoinithe de €174.3 milliún i dtacaíocht chaipitil do 23 tionscadal. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag ullmhú Réamhchás Gnó le cur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, mar chuid den chéad chéim eile den tionscadal. |
| | 4.4.2 Athfhorbairt Chrios Forbartha Straitéisí na nDugthailte, na Limistéir Forbartha Straitéisí agus Athghiniúna a éascú agus a thiomáint agus athfhorbairt chuí ar bhainc talún tionsclaíochta. | Lean oifig na nDugthailte agus an grúpa maoirseachta ar aghaidh ag cur SDR6 agus SDZanna i bhfeidhm. Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm SDRAnna tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha agus trí ghrúpaí stiúrtha idir-rannacha. Leanadh ar aghaidh leis an obair ar an máistirphlean do Thalamh Tionsclaíoch Bhaile Shéamais, atá ag teastáil tar éis an athraithe, i rith na bliana agus táthar ag súil go bhfoilseofar é mar dhréacht faoi dheireadh na bliana. Tá obair tosaithe freisin ar pháipéir chúlra do thailte Tionsclaíocha Ghlas Naíon.<br><br>Chríochnaigh Tionscadal Imeall na Cathrach, maidir leis na tailte tionsclaíocha ar bhóthar an Náis, Creatphlean Straitéiseach neamhreachtúil don cheantar i gcomhpháirtíocht le SDCC. Leanann na Rannóga Pleanála agus Tithíochta ag obair ar mháistirphleanáil agus ar chur i bhfeidhm raon SDRAanna ar fud na cathrach. Tá Oifig na nDugthailte tar éis tús a chur leis an tionscadal athfhorbartha agus cosanta tuilte sa ríocht phoiblí ag Cé Sir John Rogerson le foireann deartha a cheapadh in 2022 chun dul ar aghaidh chuig an |

# Sprioc 4

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | bpleanáil in 2023. D'athraigh Athrú Uimh. 33 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 40 heicteár talún i bPáirc Ghnó Bhaile Shéamais, Fionnghlas ó Z6 "Fostaíocht & Fiontraíocht" go Z14 "Limistéar Forbartha Straitéisí & Athghiniúna ". I rith 2022, cuireadh obair ar ullmhú an mháistirphlean ar aghaidh leis na húinéirí talún. |
| | 4.4.3 An úsáid is fearr de thalamh agus d'fhoirgnimh a chur chun cinn, lena n-áirítear príomhláithreáin faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, trí chur chuige gníomhach bainistíochta talún agus bainistiú éifeachtach ar phunann maoine tráchtála na Comhairle Cathrach. | Tá tús curtha le hobair ar an bpróiseas mapála agus comhairliúcháin don Cháin ar Thalamh Chriosaithe Cónaithe nua a thiocfaidh in áit an chláir Láithreán Folamh mar phríomhthiománaí airgeadaíochta chun gníomhachtú talún a chur chun cinn laistigh den Chathair. Beidh comhairliúchán poiblí ar an gcéad léarscáil de thailte 'faoi raon feidhme' don Cháin ar siúl i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2022. Tá an dara tréimhse chomhairliúcháin, le haghaidh léarscáil fhorlíontach, sceidealaithe do Bhealtaine 2023.<br><br>Tagann an Grúpa Stiúrtha um Bainistiú Gníomhach Talún le chéile gach dhá mhí agus reáchtáladh cúig chruinniú in 2022. Tá Critéir an Phrótacail Diúscartha in úsáid. Bhí 108 Diúscairt, 20 Athbhreithniú Cíosa, 7 Diúscairt Táille Simplí, 66 Ceadúnas agus 35 Léas deonta go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair. Deimhníodh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh do shuíomh mór ag Ascaill Richmond faoin Acht um Láithreáin Thréigthe. Lóisteáladh an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh le haghaidh athfhorbairt Amharclann na Mainistreach leis an mBord Pleanála. |
| | 4.4.4 Maireachtáil i lár na cathrach a spreagadh trí chónaí ar ardchaighdeán a chur chun cinn | Cuirtear maireachtáil in árasán ar ardchaighdeán i bhfeidhm tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha, lena n-áirítear spásanna taitneamhachta seachtracha agus inmheánacha agus taitneamhachtaí cónaithe a sheachadadh. Cuirtear tacaíocht ghníomhach ar fáil freisin do Thionscnamh na Cathrach Beo agus do thograí eile a chuireann úsáid chónaithe urlár uachtarach folamh d'fhoirgnimh thráchtála chun cinn i lár na cathrach. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| 4.5 Ár bhfearann poiblí a chothabháil agus a fheabhsú, ag soláthar sraith de spásanna poiblí agus de naisc ardchaighdeáin atá nasctha agus inrochtana go huilíoch | 4.5.1 Bonneagar sráide agus cosáin na cathrach, soilsiú poiblí agus troscán sráide a chothabháil agus a bhainistiú chun fearann poiblí sábháilte, inrochtana agus ardchaighdeáin a chinntiú do chách. | I rith 2022, chinntigh an Chomhairle Cathrach gur sholáthair forbairtí príobháideacha ar fud na cathrach spás méadaithe agus forbartha do choisithe agus ríocht phoiblí ardchaighdeáin mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha.<br><br>Tá an Córas TAMS fós á úsáid chun na bóithre agus an bonneagar soilsithe poiblí a bhainistiú. Tacaíonn Aonad Tacaíochta TAMS (TSU) leis an gcóras agus le húsáideoirí atá ag tacú go gníomhach le rannóga éagsúla le roinnt tionscadal gnó.<br><br>Réitigh Seirbhísí Cothabhála Bóithre beagnach 6,000 fiosrúchán ó chustaiméirí agus iarratas ar sheirbhís i rith na tréimhse Eanáir 2022 go Meán Fómhair 2022 san áireamh. Chomh maith leis sin, le linn na tréimhse céanna, rinne ár bhfoirne saothair díreacha thart ar 4,700 fabht agus guais ar an ngréasán bóithre a dheisiú agus/nó a dhéanamh sábháilte. Ina theannta sin, deisíodh timpeall 300 fabht criticiúil agus guaiseacha agus/nó rinneadh iad a shábháil laistigh de 24 uair ó taifeadadh iad.<br><br>Tá obair níocháin araidí, péinteáil araidí agus obair chothabhála ghinearálta ar siúl ar ár n-araidí, a bhfuil c.3500 acu ann, gach obair chothabhála choisctheach agus freagartha riachtanach, chun saol na sócmhainne a fhadú agus cáilíocht ár n-araidí bruscair a choinneáil.<br><br>Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar an tionscadal um Léarscáiliú Straitéiseach Torainn do cheirtleáin Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Luimnigh. Áirítear leis seo comhthiomsú rathúil sonraí ó na páirtithe leasmhara go léir, comhairleoir tionscadail a cheapadh trí phróiseas tairisceana agus comhordú leis an tionscadal Mórbhóithre. Tá an tionscadal ag críochnú tógáil samhlacha faoi láthair agus táthar ag súil go dtosóidh sé ag rith samhlacha in R4 2022. |

# Sprioc 4

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 4.5.2 An clár céimnithe tionscadal a chur i bhfeidhm i Máistirphlean Fearainn Phoiblí Lár na Cathrach 2016 – 2034 | Lean Grúpa Oibre na Ríochta Poiblí de bheartas a thabhairt ar aghaidh, agus clár seachadta tionscadail a chur i bhfeidhm chun sráideanna agus spásanna tábhachtacha na Cathrach a fheabhsú ag tagairt do thionscadail a aithníodh i Máistirphlean Lár na Cathrach. Síníodh tairiscintí tógála do Thionscadal Shráid na Life agus cuirfear tús leis in R1 2023, agus Cearnóg Bharra an Teampaill ina dhiaidh sin. Taisceadh Cuid 8 do Sráid Anna Theas, Sráid an Diúic agus rachaidh Sráid Lemon, Sráid Chathail Brugha agus Sráid Suffolk ar aghaidh go Cuid 8 in 2023. Tacófar le hinfheistíocht phríobháideach sa ríocht phoiblí trí Aonad Bainistíochta Forbartha agus Réimse Poiblí nuair is cuí. |
| | 4.5.3 Na moltaí athbhreithnithe do Phlás Fhaiche an Choláiste a chur chun cinn | Tá tionscadal feabhsaithe Phlás Fhaiche an Choláiste / Shráid an Dáma á chur chun cinn faoi láthair agus tá tairiscint á hullmhú chun foireann deartha iloilte a cheapadh don tionscadal feabhsaithe. Beidh an tairiscint seo ag dul chuig an margadh roimh dheireadh na bliana. |
| | 4.5.4 An coincheap agus na próisis dearaidh a threorú do phríomhthionscadail bhonneagair droichid | Chuir Pleanáil Iompair comhairle agus ionchur pleanála ar fáil do Dhearadh & Tógáil Bóithre le linn 2022 ar phríomhthionscadail droichid. |
| 4.6 I gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann, bonneagar Seirbhísí Uisce a bhainistiú agus a fheabhsú | 4.6.1 An Comhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann a bhainistiú agus an clár oibre comhaontaithe a sheachadadh | Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag leanúint ar aghaidh ag obair go rathúil le hUisce Éireann faoin gComhaontú Seirbhíse chun Seirbhísí Uisce a bhainistiú agus chun Tionscadail Uisce nua a chomhtháthú sa Líonra Uisce. Tá athsholáthar ar an gComhaontú Seirbhíse á shocrú trí idirbheartaíocht mar chuid den Chreat chun Seirbhísí Uisce a sholáthar amach anseo chun timpeallacht oibríochtúil chobhsaí a chinntiú don aistriú chuig Údarás Náisiúnta Seirbhísí Uisce. |

# Sprioc 5

## Tacú le agus tabhairt faoi phobail ghníomhacha ionchuimsitheacha

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| 5.1 Deis a thabhairt do dhaoine rochtain a fháil ar chaitheamh aimsire lasmuigh agus ar imshaoil nádúrtha trínár líonra páirceanna agus spásanna glasa a fheabhsú agus a leathnú | 5.1.1 Straitéis Pháirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2017 – 2022 a chur i bhfeidhm | Osclaíodh páirc Shráid Bhun Droichid agus rinneadh feabhsúcháin eile ar pháirceanna ar fud na cathrach, bhí Páirc Éadan Mór agus Páirc Wolfe Tone ar bhuaicphointí na bhfeabhsúchán. |
| | 5.1.2 Leanúint le tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath chun rochtain inbhuanaithe ar na sléibhte a bhaint amach do shaoránaigh agus do chuairteoirí go Baile Átha Cliath | Tháinig méadú suntasach ar líon na gcuairteoirí le roinnt blianta anuas agus tá líon na gcuairteoirí fós níos airde ná mar a bhí roimh an bpaindéim. |
| 5.2 Saoránacht ghníomhach i bpobail chathrach a éascú agus rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara | 5.2.1 Tionscnaimh forbartha áitiúla agus cuimsiú sóisialta a fhorbairt tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil | Tháinig an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil le chéile cúig huaire ó Eanáir go Meán Fómhair 2022 le cruinniú deiridh amháin mar ullmhúchán do Shamhain 2022. Ar fud na tréimhse, tar éis forbairt agus glacadh lena Phlean Bliantúil, rinne an CFPÁ maoirseacht ar:<br>• Iniúchadh roghnaithe Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) ar chlár SICAP Bhaile Átha Cliath 2018-2022 a thabhairt chun críche<br>• Thacaigh sé le hardú i leithdháileadh foriomlán bliantúil bhuiséad SICAP go €5.95M in 2022 (ó €5.56M in 2021)<br>• Ghlac sé le pleananna gníomhaíochta bliantúla SICAP agus athbhreithnithe lár bliana do gach ceann de chúig fheidhmeoir cláir Bhaile Átha Cliath agus thug siad faoi leathnú tiomnaithe ar SICAP chun freastal ar riachtanais reatha Dhídeanaithe na hÚcráine faoi €493,721 breise a fuarthas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD)<br>• D'fhorbair agus ghlac le cláir mhaoinithe na Roinne 'Sláintecare', eadhon an clár Babhta 4 de Chiste Éire Shláintiúil ar fud na cathrach do Bhaile Átha Cliath agus an Clár Pobail Shláintiúla limistéarbhunaithe do cheithre réimse cláir; |

# Sprioc 5

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | • Cheadaigh sé Ciste Gníomhaíochtaí Pobail DRCD 2022 (Babhta 1) de €427,358 agus dháil sé deontais ar 61 grúpa pobail agus deonach;<br>• D'fhaomh sé ainmniúcháin do Scéim um Dheontais Chaipitil d'Fhiontair Shóisialta DRCD (Ciste na gCuntas Díomhaoin) ar shuim leithdháilte de €98,060<br>• Ghlac sé páirt i bhFóram Freagartha Pobail na hÚcráine agus chuir sé sraith gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí ar fáil, lena n-áirítear suíomh gréasáin Freagartha Pobail na hÚcráine agus imeacht gníomhaíochtaí teaghlaigh ilchultúrtha i mBaile Átha Cliath 8 |
| | 5.2.2 Tacú le gníomhartha agus sainaithin obair atá le dul chun cinn faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2021 agus plean nua a fhorbairt a gcuirfear tús leis in 2022. | Bhunaigh an CFPÁ, ag obair i gcomhar leis an CBS um Fhorbairt Geilleagair agus Fiontraíocht, Grúpa Comhairleach don Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) do Bhaile Átha Cliath. Tháinig Grúpa Comhairleach LECP le chéile 6 huaire ar leith in 2022 faoi Chéim 1 den phróiseas agus rinne sé athbhreithniú ar an LECP roimhe seo (2016 go 2021), chomhaontaigh sé an raon príomhcheisteanna téamacha lena mbreithniú, d'fhorbair sé próiseas malartaithe eolais le haghaidh bailiú fianaise, chuir sé an Ráiteas Socheacnamaíoch ar fáil do Bhaile Átha Cliath agus na dréacht-Spriocanna Ardleibhéil le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta agus comhairliúcháin phoiblí faoi Chéim 2 den phróiseas atá le teacht in 2023. |
| | 5.2.3 Rannpháirtíocht a neartú trí fhorbairt a dhéanamh ar an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus ar Chomhairle na nÓg | Thacaigh an CFPÁ le hAthbhreithniú Mazars ar struchtúir PPN a choimisiúnaigh DRCD agus a bhí i mbun moltaí a fhorbairt le haghaidh gnímh in 2023. Ina theannta sin, leathnaíodh an PPN chun níos mó ná 1,000 grúpa agus gníomhaireacht áitiúil agus pobail a áireamh agus bunaíodh grúpaí téamacha nua ar mhíchumas agus ar chomhtháthú. Bhí bliain rathúil de rannpháirteachas agus forbairt ag Comhairle na nÓg faoina téama do 2022, Meabhairshláinte. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 5.2.4 Tógáil pobail áitiúil a chumhachtú agus a neartú trínár gcláir forbartha pobail agus rannpháirtíochta | Sheachaid an CFPÁ an Clár um Cheannaireacht Áitbhunaithe arna mhaoiniú ag DRCD, an Clár um Phobail a Chumasú agus an Clár Píolótach um Fhorbairt Pobail do Bhaile Átha Cliath in 2022.<br><br>Seachadadh scéim Deontais Phobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2022 do níos mó ná 650 grúpa agus eagraíocht pobail áitiúil agus bhí leithdháileadh maoinithe méadaithe faoi Chiste Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh san áireamh. |
| | 5.2.5 Cuir ár gcomhairliúcháin phoiblí ar fad ar fáil ar mhol comhairliúcháin ar líne na Comhairle Cathrach, agus i bhformáidí traidisiúnta chomh maith | Rinneadh 40 comhairliúchán poiblí ag baint úsáid as an mol comhairliúcháin ar líne. Tá Tionscadal Deartha do Sheirbhísí Corparáideacha nua ar siúl chun próiseas a chomhdhearadh chun teagmháil a dhéanamh le hEagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas roimh thionscadail, lena linn agus ina ndiaidh. |
| | 5.2.6 Bainistigh an t-ardán Your Dublin, Your Voice chun tuairimí daoine a fháil ar raon saincheisteanna | Críochnaíodh agus scaipeadh suirbhéanna ar úsáid na Gaeilge agus ar dhearcthaí ina leith agus ar mhicrea-shoghluaisteacht i Ráithe 1 agus Ráithe 2. Rinneadh suirbhé ar an LECP i mí Lúnasa agus críochnaíodh an anailís ar fad. Tá na téamaí don suirbhé deiridh den bhliain á bplé faoi láthair. Is é 4,600 uimhir an phainéil YDYV faoi láthair. |
| 5.3 Cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht a chur chun cinn trí oibriú le grúpaí ar fud gach earnála den phobal agus trí chumhacht a thabhairt dóibh | 5.3.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na Straitéisí um Chuimsiú Sóisialta, Comhtháthú agus Aoisbhá | Rinneadh athbhreithniú ar na straitéisí um Ionchuimsiú Sóisialta, Comhtháthú agus Aoisbhá chun comhleanúnachas a chinntiú le creataí beartais náisiúnta faoi seach. I measc na ngníomhartha nua do 2022 bhí:<br>• Seachtain Ionchuimsithe agus Lánpháirtíochta Chathair Bhaile Átha Cliath athbhreithnithe agus leathnaithe<br>• Comhoibriú le Misean na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Imirce go hÉirinn de chuid na Náisiún Aontaithe ar Thuarascáil Tháscairí Rialachais Imirceach (MGI) Chathair Bhaile Átha Cliath |

# Sprioc 5

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | • Cuireadh tús arís le clár Aoisbhá Bhaile Átha Cliath faoi shocruithe athbhreithnithe leis an gceannasaí ar an gclár treorach agus obair thacaíochta a d'fhág go raibh Páirc an Chrócaigh aitheanta mar an chéad Staid Aoisbháúil in Éirinn ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), Gréasán Domhanda na gCathracha agus na bPobal Aoisbháúil agus Aoisbhá Éireann. |
| | 5.3.2 Spásanna fáilteacha agus cuimsitheacha a sholáthar do gach duine ar fud líonra na leabharlann poiblí | Cuireadh tús le hoibreacha ar leabharlann nua d'Fhionnghlas, atá le hoscailt in R2 2023. Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar Leabharlann Ráth Eanaigh. Cuireadh tús le seirbhís Mo Leabharlann Oscailte i Leabharlann Pheambróg agus tá sé beartaithe í a chur ar fáil i Ráth Eanaigh faoi dheireadh 2022.<br><br>Cuireadh tús le hoibreacha chun Meall Charleville a athchóiriú, lena n-áirítear leithris phoiblí agus bealach isteach tosaigh atá inrochtana go huilíoch a sholáthar. Tá pleananna do leabharlann Thír an Iúir a ullmhaíodh do Chuid 8 agus pleananna le síneadh go leabharlann Rinn an Iúir á bhforbairt. Tá tús curtha le pleananna raon feidhme maidir le leabharlann phoiblí i gCromghlinn/Droimeanach.<br><br>Suiteáladh Taisceadán Leabharlainne féinseirbhíse i Halla Mhuire, Droimeanach agus tá obair ag leanúint ar aghaidh ar sholáthar Leabharlainne Leictrí sa veain Phobail. D'éascaigh an Fhoireann Leabharlainne sa Phobal breis coinní poiblí agus bailiúcháin taisce sa phobal. |
| | 5.3.3 Leanúint le láithreáin agus foirgnimh chuí a sholáthar le haghaidh úsáid an phobail | Leanann an rannóg um Bainistiú Réadmhaoine ar aghaidh ag cur áiseanna cuí ar fáil d'úsáid an phobail i gcomhairle leis na hOifigí Ceantair agus Rannóga eile. Tugadh breis agus 275 foirgneamh pobail do ghrúpaí éagsúla chun seirbhísí a sholáthar, trí chomhaontuithe Léasa agus Ceadúnais. Cuireann na grúpaí seo go léir seirbhísí ar fáil don phobal agus tá siad scaipthe ar fud réimsí mar na hEalaíona, Sláinte agus Folláine, Crèche, Reiligiúnach, Eagraíochtaí Carthanachta, agus grúpaí Spóirt. Is éard atá i gceist le teagmháil rialta leis na |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | grúpaí seo deisiúcháin tiarnaí talún ar a bhfoirgnimh, athnuachaintí léasa agus athbhreithnithe cíosa. |
| 5.4 Sláinte agus folláine pobal ar fud na cathrach a fheabhsú trí rochtain ar rannpháirtíocht i spóirt, caitheamh aimsire agus gníomhaíocht shláintiúil a mhéadú | 5.4.1 Athbhreithniú STRIDE: 2017–2020, Straitéis Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath | Cuireadh moltaí chun Plean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a fhorbairt faoi bhráid an CBS i mí Mheán Fómhair. Cuimseoidh an Plean athbhreithniú straitéiseach cuimsitheach ar bheartas, ar chláreagrú agus ar bhonneagar spóirt. Cuimsíonn an t-athbhreithniú seo STRIDE agus tabharfar faoi in 2023. |
| | 5.4.2 Straitéis nua Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm | Seoladh Straitéis Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2027 ‘Gach Áit, Lá ar Bith, Is Féidir Leat a Bheith ag Súgradh’ in 2022 |

# Sprioc 6

## Beatha chultúrtha bheoga a chothú

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|---|---|
| 6.1 | Stair, cultúr agus traidisiúin liteartha na cathrach a cheiliúradh agus a chur chun cinn chun cur lena luach d'fhéiniúlacht na cathrach, don tsochaí agus don gheilleagar | 6.1.1 | Libraries Unlimited: Treo Straitéiseach do Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2019-2023 a chur i bhfeidhm | Tá an cur i bhfeidhm ag dul ar aghaidh le fócas ar uasghrádú brainsí, ar sholáthar rochtana ar theicneolaíochtaí nua agus ar spásanna déantóra. Bhí Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath (DCL) i gceannas ar chur i bhfeidhm an chórais nua náisiúnta bainistíochta leabharlainne a cuireadh i bhfeidhm i mí an Mhárta. Tá an deasc chabhrach náisiúnta don chóras nua á bainistiú ag foireann na leabharlainne. Ghlac DCL páirt in athbhreithniú náisiúnta Leabharlanna Príosún na hÉireann. Tá feachtas don fhómhar le líon na ndaoine a thugann cuairt ar an leabharlann á ullmhú. |
| | | 6.1.2 | Plean straitéiseach trí bliana nua do Chathair Litríochta UNESCO 2020 – 2022 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Feachtas Bhaile Átha Cliath: Cathair Amháin, Leabhar Amháin a sheachadadh i mí Aibreáin 2022 ag cur úrscéal stairiúil Nora le Nuala O'Connor chun cinn, ag spreagadh mhuintir Bhaile Átha Cliath an leabhar céanna a léamh an mhí sin agus ag tacú le scríbhneoirí agus á gcur chun cinn. Bhí 798 duine ann ar an láthair, 417 ar líne le 828 radharc ar imeachtaí, lenar áiríodh clubanna leabhar, ceadal ceoil, dráma a coimisiúnaíodh go speisialta, agus cóisir ghairdín.<br><br>I mí na Bealtaine, fógraíodh Buaiteoirí Ghradaim Liteartha Bhaile Átha Cliath ag Féile Idirnáisiúnta Litríochta Bhaile Átha Cliath. Bhí 200 duine i láthair ag an searmanas; d'amharc 449 duine ar an searmanas ar líne. |
| | | 6.1.3 | Feasacht ar an nGaeilge a chur chun cinn agus a thacú agus a hionad uathúil agus a rannchuidiú le héagsúlacht chultúrtha ár gCathair a aithint | Ar mhaithe le spás infheicthe a chruthú agus le béim a chur ar thábhacht na teanga, tá an Ghaeilge á cur chun cinn i gcónaí ar chomharthaí, taispeántais, meirgí, cláir agus cláir faisnéise ar fud na cathrach.<br><br>Lean an tAonad Forbartha Gaeilge ag cur comhairle, cúnamh agus seirbhís aistriúcháin agus profléitheoireachta ar fáil do gach Rannóg, go háirithe i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus i gcomhthéacs thosach feidhme Alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) i mí Dheireadh Fómhair 2022. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | D'oibrigh Oifig Forbartha na Gaeilge go dlúth le Fochoiste na Gaeilge, le Conradh na Gaeilge agus le BÁC le Gaeilge chun úsáid agus infheictheacht na Gaeilge mar theanga bheo sa Chathair a chur chun cinn agus a mhéadú. |
| | 6.1.4 Ár gclár forbartha ealaíon a chur i bhfeidhm | Saothar sonrach in Áiteanna Cruthaitheacha Cheantar an Lárthuaiscirt, Darndál, Ceardlanna Ealaíontóra Faoin Spéir Artists Workspaces ag Plás Ard Aidhin agus taighde ar rannpháirtíocht sna hEalaíona. |
| | 6.1.5 Oidhreacht ailtireachta na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn agus dea-chleachtas caomhnaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear athúsáid oiriúnaitheach foirgneamh stairiúil | Cuimsíonn an Dréachtphlean Forbartha tograí le haghaidh 101 breiseanna, 3 scriosadh agus leasú ar 55 iontráil ar an RPS. Tá maoiniú tionscadail á chur ar fáil do 55 tionscadal faofa faoin 2 scéim náisiúnta deontas caomhantais - Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha agus Ciste na Struchtúr Stairiúil. Tá Plean Oidhreachta Cathrach nua á ullmhú. |
| | 6.1.6 Leanúint le stair agus oidhreacht uathúil Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí mhúscailt feasachta ar ár seandálaíocht Lochlannach agus Meánaoise, Deich mBliana na gCéad Bliain, tionscadail dhigiteacha agus imeachtaí eile, foilseacháin agus tionscadail chomhpháirtíochta. | Tá Oifig na nDugthailte le Dugthailte Cliste agus Fáilte Éireann ag críochnú aip conaire oidhreachta do na Dugthailte le tacaíocht ó theicneolaíocht AR (Réaltacht Fhíorúil) chun oidhreacht agus stair na nDugthailte a chur chun cinn.<br><br>Cuireadh tacaíocht agus comhairle do thionscadal seandálaíochta ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le raon leathan ábhar, lena n-áirítear pleanáil, réamhphleanáil, athrú aeráide, tithíocht, iompar, athfhorbairt ar láithreáin athfhorbraíochta agus saoránacht ghníomhach.<br><br>Tacaíodh le cúig thionscadal de chuid Chiste na Séadchomharthaí Pobail Náisiúnta lena seachadadh in 2022, lena n-áirítear oibreacha chun séipéal agus reilig Chainnigh a dheisiú i bhFionnghlas agus i Séipéal San Audoen, pleananna bainistíochta caomhnaithe nua do |

# Sprioc 6

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Chaisleán Dhroimeanaigh agus Ardeaglais Chríost agus podchraoladh staire do Reilig San Séamas. Tá plean bainistíochta caomhnaithe á ullmhú do reilig San Werburgh chun tacú le hathchóiriú na heaglaise, le máistirphlean Shráid San Werburgh agus leis an Dréachtphlean Forbartha SDRA 17. Tá monatóireacht ar bhalla na cathrach ag Ionad na Cé Adhmaid ar siúl faoi láthair chun Toiliú an Aire a chomhlíonadh.<br><br>Reáchtáladh dhá cheardlann líonra de thionscadal AHRC na Lochlannach-Eabhrac-Ais i mBaile Átha Cliath in 2022. D'óstáil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ceardlann agus léacht Idirnáisiúnta Lochlannach le OÉ le haghaidh Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath. Nochtadh plaic chun suíomh eaglais ón dara haois déag atá tiomnaithe do Naomh Amhlaoibh na hIorua a chomóradh i gcomhpháirtíocht le hAmbasáid Ríoga na hIorua agus OÉ. Forbraíodh agus foilsíodh líníocht atógála de Phrióireacht San Eoin, Cill Mhaighneann ar na meáin shóisialta i gcomhar le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann, Oifig na nOibreacha Poiblí agus saineolaithe ábhair.<br><br>Cuireadh tacaíocht ar fáil don Phlean Oidhreachta Straitéiseach 2023 - 2028 agus do thionscadail phlean oidhreachta bliantúil 2022, lena n-áirítear tionscadal Seandálaíochta Pobail San Anna a sheachadadh le hÉire Ildánach. Foilseofar imeachtaí Shiompóisiam Chairde Bhaile Átha Cliath na Meánaoise 2018 faoi dheireadh na bliana. Tá taispeántas ar Mhná Lochlannacha le déantáin ó iarthar na hIorua beartaithe do 2023 i gcomhpháirtíocht le Dublinia agus Stavanger Archaeological Museum. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 6.1.7 Plean nua cúig bliana Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2020-2025 a ullmhú | Tá dhá chéim de chomhairliúchán poiblí maidir le Plean Straitéiseach Oidhreachta nua curtha i gcrích agus foilseofar an plean tar éis comhairliúcháin phoiblí deiridh i mí na Nollag 2022. I measc na dtionscadal Plean Oidhreachta Straitéiseach a chuirfear i gcrích in 2022, tá: Clár Seandálaíochta Pobail Pháirc San Anna - bliain 2; Oidhreacht Thionsclaíoch Limistéar SE i gCathair Bhaile Átha Cliath - lámhscríbhinn leabhar; an Cúrsa Bliantúil - Caomhnaigh do Theach Bhaile Átha Cliath ón seanré; Foilseachán ar Tógtha go Seasfaidh sé: Athchóiriú Fuinnimh ar thithe Bhaile Átha Cliath roimh 1945 - cás-staidéir; Deireadh Seachtaine - Foirgnimh Oidhreachta Bhaile Átha Cliath; Eagarthóireacht ar 'Níos mó ná Bloic Choincréite amháin' Imleabhar III le foilsiú in 2023<br><br>Eagraíodh sraith cainteanna Sheachtain na hOidhreachta ar oidhreacht abhann Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO). |
| | 6.1.8 Clár taispeántais den scoth de shaothair ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag Dánlann Aodh Lána a choinneáil | In 2022, d'óstáil an Gailearaí dhá mhórthaispeántas le healaíontóirí Éireannacha a scrúdaigh saincheisteanna sóisialta stairiúla, agus an tríú ceann ag díriú ar thodhchaí an fheimineachais in Éirinn.<br><br>Ba é Patrick Graham a chruthaigh an chéad taispeántas, dar teideal Transfiguration, agus bhí clár rathúil imeachtaí agus léirmheasanna preasa ar siúl mar aon le clár oideachais agus pobail iomlán a coimeádadh mar fhreagra ar an taispeántas. Forbraíodh feachtas caidrimh phoiblí agus meán sóisialta chomh maith le sraith mealltóg ina raibh an t-ealaíontóir i mbun comhrá le Ceann Taispeántas, Michael Dempsey.<br><br>Taispeántas idirghlúine ab ea 'Bones in the Attic' ina raibh saothar aon ealaíontóir déag as Éirinn, gach ceann acu ag déanamh iniúchadh ar shaincheisteanna sochaíocha a thagann aníos agus aníos eile agus |

# Sprioc 6

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | saincheisteanna leanúnacha a théann i bhfeidhm ar mhná. Taispeántar saothair le príomhealaíontóirí i mbailiúchán Ghailearaí Hugh Lane, lena n-áirítear Rita Duffy, Dorothy Cross, Kathy Prendergast, Alice Maher agus Jesse Jones in éineacht le saothair leis na healaíontóirí ar tugadh cuireadh dóibh Myrid Carten, Eleanor McCaughey, Amanda Doran, Sarah Jayne Booth, Ruby Wallis, agus an comharghrúpa ealaíne, Na Cailleacha. Coimeádadh an taispeántas trasghlúine seo le clár gnóthach rannpháirtíochta pobail.<br><br>Stiúideo agus Stát: Muintir Lavery agus an Conradh Angla-Éireannach i gcomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem na hÉireann. Eagraíodh 'Eva is what Dublin needs' i gcomhpháirtíocht le National Gallery London. |
| | 6.1.9 A chinntiú go ndéantar ár bhfoirgnimh chathartha, phoiblí agus oibríochtúla a bhainistiú ar bhealach a sholáthraíonn áiseanna den chaighdeán is airde don phobal agus a chothaíonn príomhfhoirgnimh stairiúla ar son an phobail. | Tá Gradaim Chaighdeán Cáilíochta bainte amach ag líon suntasach d'áiseanna Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2022, díreoidh ionaid bhreise ar ghradaim chomhchosúla in 2023.<br><br>Tá obair ar siúl ar fad ar mhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt polasaithe, caighdeáin agus dea-chleachtais ar fud ár n-eastát ar fad, lena n-áirítear foirgnimh chathartha, phoiblí agus oibríochtúla. Tá saineolas cuí ar chaomhnú agus ar fhoirgnimh theicniúla á dhíriú ar bhainistíocht ghinearálta foirgneamh, ar chothabháil, ar dheisiúcháin agus ar sheirbhísiú a thacaíonn le feidhmiúlacht, sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus comhlíonadh foirgneamh roinnt foirgneamh roghnaithe. |
| 6.2 Éagsúlacht i rochtain ar na healaíona agus ar an gcultúr a chumasú chun deis a thabhairt do gach duine a bheith rannpháirteach | 6.2.1 Éagsúlacht atá soiléir i gcláir reatha a shainaithint agus a dhoiciméadú agus liostaigh na deiseanna chun rochtain agus éagsúlacht a mhéadú | Tá Gailearaí Hugh Lane agus Create ag soláthar coimisiún €50,000 d'ealaíontóir atá rannpháirteach go sóisialta 2022 - 2023 ó chúlra imirceach.<br><br>Reáchtáil HLG ceardlanna faoi stiúir ealaíontóirí do leanaí gan dídean ó Thionscadal na bhFondúireachtaí agus d'óstáil sé an clár 'Make and Be' clár idirghabhála cultúrtha ina raibh sraith ceardlann cruthaitheach teaghlaigh i gceist. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Díríonn gach Clár de chuid na hOifige Ealaíon ar dheiseanna maidir le héagsúlacht cleachtais, rannpháirtíochta agus forbairt lucht féachana agus éisteachta. |
| | 6.2.2 Sceideal tionscadal agus clár oideachais rannpháirtíochta a sheachadadh a spreagann rannpháirtíocht sna hamharcealaíona i measc raon spriocghrúpaí | Go dtí Meán Fómhair 2022, chuir HLG níos mó ná 580 clár oideachais ar fáil le thart ar 11,988 rannpháirtí orthu, lenar áiríodh Maidineacha Staidéir, Comhráite Caife, Clubanna Cultúir, cúrsaí le meas a léiriú ar ealaín, cláir Idirbhliana, turais threoraithe, clár teaghlaigh, Ealaín agus Féile Amuigh Faoin Aer, clár Oíche Chultúir, cúrsaí Punainne, scoil Samhraidh, Sraith Gabhálacha Ealaíontóirí, Ceardlanna ealaíne do Dhéagóirí, Ag Breathnú ar Ealaín - Club VTS, Seilbh ealaíne taibhithe, tionscadal speisialta The Map@ Gailearaí Hugh Lane, clár Luathbhlianta, comhoibrithe tríú leibhéal, HLG 'What I Love about the Great Outdoors!' Taispeántas ealaíne do leanaí ar fud na cathrach do leanaí in aois na bunscoile, Clár VTS Léagas agus Ealaín Leanaí i Leabharlanna. |
| | 6.2.3 Clár fócasaithe cruthaitheach a sheachadadh ar fud bhunscoileanna uile Bhaile Átha Cliath a bheidh ag plé go díreach le bailiúchán ealaíne na cathrach | Ghlac 19 scoil (14 Scoil DEIS) páirt i gCéim IV de thionscadal HLG ar fud na cathrach agus ghlac 598 scoláire páirt sa ghailearaí. Ba é seo an chéad uair do chuid acu teagmháil a bheith acu leis an ngailearaí. Bhí 27 réamhchuairt ar líne ann agus 32 cheardlann faoi stiúir ealaíontóirí ag féachaint ar 27 saothar ealaíne éagsúla ón mbailiúchán agus ó thaispeántais shealadacha. Tá gearrscannán ina bhfuil cur síos ar an gcéim seo curtha le chéile agus tá léarscáil idirghníomhach den tionscadal á fhorbairt. |
| | 6.2.4 Spásanna leabharlainne a bheochan le clár imeachtaí ilchineálach agus cuimsitheach | Cuireadh raon éagsúil clár ar fáil ar na téamaí a leanas; sláinte, gairmeacha agus fostaíocht, eolaíocht, an t-athrú aeráide, an Ghaeilge, ceol, litríocht.<br><br>Moil Chruthaitheacha: I gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon na Comhairle Cathrach, d'óstáil na moil ag leabharlanna Bhaile Formaid, na Cabraí agus na Cúlóige 110 imeacht le lucht freastail 2040. Áiríodh ar an gclár ceardlanna a bhain leis na hamharc-ealaíona, damhsa, beochan, ailtireacht agus dearadh. D'óstáil gach |

# Sprioc 6

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | leabharlann taispeántas 'My House' leis an ealaíontóir Jane Groves, in éineacht le sraith ceardlann a rinne iarracht paisean, spraoi agus fiosracht a spreagadh. Beidh dhá choimisiún i gceist le clár an fhómhair, The Giggler Treatment, ceoldráma nua le Fionn Foley atá bunaithe ar an leabhar mór le rá le Roddy Doyle agus The Galaxy of Occupations. Fiafraíonn an coimisiún seo de leanaí, cad é atá tú ag iarraidh a bheith agus tú níos sine? Beidh Leabharlann Bhaile Formaid ina hóstach ar The Lighthouse, suiteáil amharc-ealaíon i gcomhpháirtíocht leis an Acadamh Ibeirneach Ríoga.. Cuimseoidh sraith an fhómhair clár Luathbhlianta freisin i gcomhpháirtíocht le The Ark, clár scoileanna, lena n-áireofar ceardlanna ETIM, amharc-ealaíon agus damhsa. Tá 50+ seisiúin beartaithe do Dheireadh Fómhair-Nollaig 2022.<br><br>Clár Samhraidh do Leanaí: D'óstáil Leabharlanna 50 imeacht le 1,202 duine i láthair i rith mhí Iúil agus Lúnasa, thar raon ceardlann ceardaíochta, drámaíochta, ceoil agus scéalaíochta. Áiríodh sa snáithe ETIM seisiúin ar bheochan íomhá ar íomhá, dearadh podchraolta agus ceardlanna innealtóireachta le téama Lego agus ceardlanna spáis. Óstáladh ceardlanna garraíodóireachta a bhí báúil maidir leis na céadfaí freisin. Reáchtáil na leabharlanna imeachtaí agus cláir do Lá Éigse Éireann, féile na Bealtaine (12 imeacht, 218 a d'fhreastail), Seachtain na nInnealtóirí (6 imeacht, 302 a d'fhreastail), Cruinniú na nÓg, (434 a d'fhreastail ar 10 mbrainse), Oíche Chultúir (2 bhrainse; 200 a d'fhreastail), Éire Shláintiúil (24 imeacht; 502 a d'fhreastail), Work Matters (16 imeacht; 256 a d'fhreastail), Féile Leabhar na Leanaí (24 imeacht beartaithe agus leabhair mar théama acu).<br><br>Imeacht Blooms Day: 79 imeacht le 3,029 ag na himeachtaí.<br><br>Tacaíodh le rannpháirtíocht le Feachtais na Leabharlann Náisiúnta mar chuid den tionscnamh 'Keep Well' le 8 n-imeacht do Éire ag Léamh agus 4 imeacht do Grow it Forward - 211 duine a bhí i láthair ar líne. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| 6.3 Deis oideachais a éascú trí chláir agus trí mhaoiniú | 6.3.1 Clár ilghnéitheach a sheachadadh ar fud líonra na mbrainsí leabharlainne le béim ar litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus ar thacú le gluaiseacht na déantóirí | Ceannaíodh teicneolaíocht chúnta C-Pen do gach brainse.<br>Tá seisiúin Litearthachta Digití do Dhaoine Fásta ar siúl i dtrí bhrainse faoi láthair.<br>Tá Táibléid Acorn á gceannach don tSeirbhís Leabharlainne sa Phobal. (Acorns – táibléad atá oiriúnaithe go sonrach le húsáid ag Daoine Scothaosta).<br>iPadanna agus pinn Apple á gceannach chun tacú le clár déantóra a rolladh amach le fócas ar chluichíocht, beochan, ceol agus úsáid trealaimh déantóra mar chlódóirí 3D agus trealamh ceardaíochta. |
| 6.4 Beochan a dhéanamh ar spásanna cathrach trí raon imeachtaí, féilte agus deiseanna a sholáthar agus tacú le daoine chun ceiliúradh a dhéanamh agus teacht le chéile | 6.4.1 Raon ilghnéitheach imeachtaí, féilte agus páirceanna a fhorbairt, a mhaoiniú agus a bheith ag tacú leo | Lean Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag seachadadh imeachtaí móra i lár na cathrach, lenar áiríodh Soilse Geimhridh Bhaile Átha Cliath, Féile Bram Stoker, Imeachtaí Pháirc Funtropolis agus Fleadh Mhargadh na Feirme.<br><br>Lean an Chomhairle Cathrach ag tacú le himeachtaí a thugann infheistíocht agus turasóireacht shuntasach don Chathair amhail:<br>• Féile Naomh Pádraig:<br>• Bród Bhaile Átha Cliath<br>• Peil Mheiriceánach na gColáistí<br>• An Nollaig sa Chaisleán<br><br>D'óstáil Páirceanna na Cathrach go leor imeachtaí in 2022 ó cheolchoirmeacha pop/rac go margaí agus imeachtaí pobail áitiúla. |
| | 6.4.2 Déan margaí sráide na cathrach, trádáil ócáideach agus léiriú sráide a cheadúnú ar bhealach a chuireann le heispéireas daoine sa chathair | Bainistíonn an Oifig um Théarnamh na Cathrach ceadúnú na margaí ar an tsráid de chuid na Cathrach, trádála ócáideach agus taibheoirí sráide. Tá córas ceadúnaithe i bhfeidhm a éascaíonn beogacht na Cathrach le margaí ar an tsráid a sholáthar, lena n-áirítear margadh nua ag Sráid an Mhúraigh chun cur leis an margadh atá ann cheana agus raon leathan deiseanna corrthrádála in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach agus ag mórimeachtaí. Cuireann an Oifig ceadúnais taibhithe ar fáil freisin do thaibheoirí sráide a thugann dath agus beocht don chathair. |

# Sprioc 6

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|---|---|
| 6.5 | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do sholáthar saoráidí ealaíon agus cultúrtha chun a chinntiú go bhfuil spás ag saol cultúrtha na cathrach le bheith rathúil | 6.5.1 | Ceathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell a sheachadadh ar bhonn céimnithe | Tá tús curtha le hoibreacha scartála agus tá tairiscint ar siúl chun soláthar d'fhoireann deartha ildisciplíneach a fháil. |
| | | 6.5.2 | Iniúchadh a dhéanamh ar spásanna oibre ealaíontóirí ag aithint easnaimh agus deiseanna chun foirgnimh a aistriú chuig úsáid chultúrtha/ spásanna oibre | Iniúchadh críochnaithe agus tá forbairt ar Bheartas Bonneagair Ealaíon, agus ar Thacar Uirlisí d'Fhorbróirí do na hEalaíona, beartaithe. |
| | | 6.5.3 | Leanúint ar aghaidh le féidearthacht láithreán faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh spásanna oibre ealaíontóirí agus oibriú le forbróirí chun spásanna oibre ealaíon agus cultúrtha a leabú i bhforbairtí nua | Staidéar Féidearthachta ar siúl faoi láthair. Suíomh aitheanta ag Cé na gCeannaithe. Anailís Eacnamaíoch coimisiúnaithe mar chuid d'iarratais nua ar mhaoiniú. |
| | | 6.5.4 | Leathnaigh Lána Aodh chun sciathán nua a chur san áireamh i mBarra an Teampaill le haghaidh gailearaí agus spás ríomhchláraithe | Cuimsíonn leathnú HLG 2 réadmhaoin in aice láimhe anois. Forbrófar 20/ 21 Cearnóg Parnell le haghaidh spás breise Gailearaí, cláir agus rannpháirtíocht an phobail; agus úsáidfear 1 Lána Fheidric Thuaidh le haghaidh oibreacha ealaíne a stóráil. Cuireadh tús le feistiú Lána Fheidric Thuaidh in 2022. |

# Sprioc 7

## Comhairle Cathrach níos freagrúla agus níos nuálaí a dhéanamh den Chomhairle

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| 7.1 Tacú le cultúr nuálaíochta, oiliúna agus forbartha | 7.1.1 A chinntiú go bhfuil dearadh agus struchtúr ár n-eagraíochta oiriúnach chun ár spriocanna agus cuspóirí corparáideacha a sheachadadh, ag teacht le Straitéis Daoine an Údaráis Áitiúil | Cuireadh 97 feachtas earcaíochta i gcrích nó tá siad ar siúl go dtí seo in 2022. Rinneadh 377 ceapachán go dtí an 22 Samhain 2022.<br><br>Bíonn baint leanúnach ag an gComhairle Cathrach leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) maidir le feachtais earcaíochta na Bainistíochta Sinsearaí agus na nGairmithe Sinsearacha. Rinneadh 41 ceapachán go dtí seo in 2022 ó phainéil a bhunaigh PAS.<br><br>Tá pleanáil fórsa saothair ar siúl go leanúnach chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh trí rannpháirtíocht leis an mbainistíocht shinsearach i ngach Roinn chun aghaidh a thabhairt ar an mbealach is fearr orthu. Tá obair ar siúl freisin ar Phlean Straitéiseach um Fhórsa Saothair a chuirfidh creat ar fáil a chuirfidh ar chumas na Comhairle Cathrach freagairt do thimpeallacht oibriúcháin atá ag athrú.<br><br>Tá obair ar siúl ar an gCóras Acmhainní Daonna agus Párolla CORE a fhorbairt agus táthar ag súil le dáta cur chun feidhme a shocrú i Márta 2023.<br><br>Tá an clár claochlaithe eagraíochtúil, FutureWork, a bunaíodh in 2021, tar éis roinnt cuspóirí a bhaint amach. Cuireadh Beartas Oibre Cumaisc i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2022 agus fuarthas os cionn 1,700 iarratas go dtí seo ar fud na heagraíochta. Forbraíodh dréacht-Straitéis Dhigiteach agus Creat Nuálaíochta agus tá obair ar siúl faoi láthair. Tá roinnt doiciméad straitéise curtha i gcrích faoin gcolún Daoine, Foghlaim agus Forbairt agus foilseofar iad sna míonna amach romhainn. Ina measc seo tá Straitéis Foghlama agus Forbartha, Straitéis Sláinte agus Folláine agus Straitéis Daoine. |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 7.1.2 Timpeallacht feabhsúcháin agus forbartha leanúnaí a chothú dár bhfoireann | Forbraíodh Straitéis Foghlama agus Forbartha nua don Chomhairle Cathrach i gcomhar leis an gclár FutureWork.<br>Cuireadh oiliúint agus forbairt ar fáil don fhoireann ar fud na heagraíochta sna réimsí seo a leanas:<br>• 'Ag bainistiú sa timpeallacht hibrideach' mar thacaíocht do bhainisteoirí le tabhairt isteach an Bheartais Oibre Cumaisc<br>• Cuireadh ionduchtúchán, lé tacaíocht ón IPA, ar fáil d'Oifigigh Shinsearacha Foirne nuacheaptha<br>• Forbraíodh Clár Oiliúna Rialachais agus cuireadh ar fáil é do Bhainisteoirí Sinsearacha san eagraíocht<br>• Tá oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide ar siúl trí Ghrúpa Náisiúnta Oiliúna na nÚdarás Áitiúil (LASNTG)<br>• Tá Oiliúint Bainistíochta Tionscadail i dTionscadail Soláthair agus Chaipitil déanta ag baill foirne atá ag freastal ar oiliúint Leibhéal 1 acadamh scileanna tráchtála OGP<br>• Cuireadh oiliúint ar Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil d'fhoireann oibríochtúil lasmuigh ó na Rannóga Tithíochta agus Bainistíochta Dramhaíola<br>• Cuireadh oiliúint Acmhainní Daonna mar a bhaineann sé le bainistíocht a dhéanamh ar an bhfoireann ar fáil d'fhoireann Bainistíochta agus Maoirseachta oibríochta na Rannóige Cothabhála Tithíochta<br>• Cuireadh an Scéim Cúnaimh agus Scoláireachta Oideachais ar fáil don fhoireann chun leanúint leis an oideachas a bhaineann lena róil agus chun é a fhorbairt.<br>• Athsheoladh 'Filleadh ar an bhFoghlaim' agus seoladh 'Scileanna le hObair a Dhéanamh' freisin i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.<br>• Cuireadh foghlaim ar líne tríd an gCóras Bainistíochta Foghlama (Totara) ar fáil i réimsí an RGCS agus an tSoláthair.<br>• Tá oiliúint reachtach agus an A - Z d'oiliúint rialtais áitiúil á gcur ar fáil i bhformáid ar líne i gcomhar leis an IPA.<br>• Tá oiliúint 'Ag Tosú ar an gCeannaireacht' á cur ar |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | fáil i gcónaí do Ghrád 7 agus do bhaill foirne den chineál céanna<br>• Feasacht agus Folláine Meabhairshláinte<br><br>Bhain baill foirne ar fud na Rannóg leas as deiseanna foghlama agus oiliúna eile, lena n-áirítear:<br>• Dioplóma sa Dlí Foirgníochta<br>• Dioplóma sa Dlí Soláthair<br>• Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht agus Athrú<br>• Bainistíocht Tionscadail<br>• B.A de Staidéar Gnó i mBainistíocht Seirbhísí Éigeandála<br>• Innealtóireacht um Shábháilteacht ó Dhóiteán<br>• Excel ag Leibhéal Idirmheánach agus ag an Ard-Leibhéal<br>• Na Meáin Shóisialta & Cruthú Ábhair<br>• Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta, lena n-áirítear Measúnóir VDU, Cathaoir Aslonnaithe, agus Freagróir Garchabhrach<br>• SuDS agus beartais SuDS nua<br><br>In 2022 cuireadh tús le rolladh amach céimnithe ardáin ríomhfhoghlama chun Oiliúint Úsáideora Oracle a sheachadadh ag an Roinn Airgeadais le modúl oiliúna píolótach le rolladh amach do chruthaitheoirí Orduithe Ceannaigh na Comhairle Cathrach. Tá tuilleadh clár á bhforbairt le go mbeidh siad ar fáil in 2023 ag baint úsáid as an ardán ríomhfhoghlama seo agus beidh siad inrochtana ar CitiDesk d'úsáideoirí Oracle.<br><br>Cuirtear Cláir, imeachtaí agus deiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) ar fáil don fhoireann i róil dhlíthiúla, chuntasaíochta agus innealtóireachta ar bhonn leanúnach. Tá Clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí Innealtóireachta na Comhairle Cathrach creidiúnaithe ag Innealtóirí Éireann<br><br>Lean an Oifig Tacaíochta um Thionscadail Chorparáideacha (CPSO) ag aithint agus ag comhroinnt ceachtanna a foghlaimíodh trí thaithí eagraíochta tionscadail agus á gcur in iúl go corparáideach trí Líonra Bainisteoirí Tionscadail na Comhairle Cathrach (PM) |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
| --- | --- | --- |
| | | agus trí chlár na gceachtanna a foghlaimíodh. Is áis í sin atá ar fáil do gach ball foirne ar Shuíomh Gréasáin CPSO. Tionóladh imeacht Líonra PM, 'Ag Bainistiú Tionscadal i dTimpeallacht atá ag Athrú', i mí Mheán Fómhair 2022. |
| | 7.1.3 An fhoireann a éascú chun cur chuige nuálach a ghlacadh ina gcuid oibre trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar thionscnaimh bhainistíochta athraithe ar nós BETA DCC | Forbraíodh Creat Nuálaíochta i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Teicneolaíochta agus Fiontraíochta ag Harvard agus Comhairle Cathrach San José mar chuid den Chlár FutureWork agus déanfar é a phíolótú leis an bhFoireann Nuálaíochta agus Claochlaithe Gnó.<br><br>Bhí an 4ú  Seachtain Nuálaíochta Bhliantúil de chuid na Comhairle Cathrach ar siúl mar chuid de Sheachtain Náisiúnta Nuálaíochta na hEarnála Poiblí ag tús mhí na Samhna. Cuireadh os cionn 40 tionscadal nuálach ar taispeáint ar fud na heagraíochta i rith na seachtaine, lena n-áirítear an seoladh don Bhaoi Smart Ring ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys.<br><br>Tá foireann ildisciplíneach ó gach cearn den Chomhairle Cathrach ag gabháil do chlár Oiliúna Nuálaíochta ó Mhárta 2022 i gcomhpháirtíocht le Bloomberg Philanthropies, the Centre for Public Impact agus cathracha ar fud an domhain. Baineann an clár seo le bealaí nuálacha a fhoghlaim chun dul i ngleic le dúshláin na Cathrach trí dhearadh atá dírithe ar an duine.<br><br>Tá 16 tionscadal á gcur chun cinn faoin gclár BETA. |
| 7.2 Ár bhfís, ár n-éachtaí agus ár seirbhísí a chur chun cinn trí chumarsáid fheabhsaithe, réamhghníomhach | 7.2.1 Suíomh gréasáin na Comhairle Cathrach a athdhearadh chun feidhmiú mar thairseach ar líne agus mar acmhainn faisnéise atá furasta le húsáid | Chuir suíomh gréasáin na Comhairle Cathrach faisnéis ar fáil faoi sheirbhísí na Comhairle Cathrach. Forbraíodh leathanach tionscadail nua a chuireann ar ár gcumas faisnéis ábhartha a sholáthar maidir le tionscadail chaipitil. Rinneadh athbhreithniú ar na 300 leathanach ab fhearr ar an suíomh gréasáin ó thaobh an chustaiméara de agus rinneadh iad a athscríobh le go mbeadh siad níos úsáidí don phobal. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 7.2.2 Leas a bhaint as an rochtain agus an deis a sholáthraíonn na meáin shóisialta chun cumarsáid agus rannpháirtíocht leis an bpobal a leathnú | Chuir an tAonad um na Meáin Shóisialta Chorparáideacha tús le hathbhreithniú ar chuntais na meán sóisialta. Is í an aidhm ná cuntais a chónascadh chun a chinntiú go bhfuil teachtaireachtaí níos inrochtana agus comhlíontach. Tá athbhreithniú ar an straitéis agus ar an mbeartas ar siúl. |
| | 7.2.3 Uirlisí cumarsáide inmheánacha a fheabhsú ionas go mbeidh an fhoireann ar an eolas go héasca faoi na forbairtí ábhartha go léir | Cuirtear an Feasachán Foirne le chéile gach coicís agus scaiptear é trí ríomhphost chuig gach duine san eagraíocht le seoladh ríomhphoist. Tá cóip chrua ar fáil ach í a iarraidh. Tá dul chun cinn déanta maidir le hobair chun aip chumarsáide a fhorbairt do gach ball foirne d'fhonn cur chun feidhme píolótach a dhéanamh go luath in 2023. |
| 7.3 Neartaigh ár ról ceannaireachta cathartha agus déan an comhoibriú mar chuid bhunúsach den tslí ina n-oibrímid | 7.3.1 Córais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis na Comhaltaí Tofa ina ról | Tionóladh cruinniú ionduchtúcháin leis an Ardmhéara, lena n-áirítear prótacal agus pacáiste faisnéise a sholáthar; forbraíodh agus cuireadh Clár Oiliúna i bhfeidhm do na Comhaltaí Tofa lena n-áirítear Scileanna Cur i láthair, Oiliúint Scileanna Meán, Feasacht ar Néaltrú, Clár Folláine, Oiliúint Ceannaireachta Aeráide, Dul i ngleic le bréagaisnéis ar líne agus oiliúint RGCS.<br><br>Soláthar leanúnach seirbhíse tacaíochta comhairleoireachta do Chomhaltaí Tofa.<br><br>Tá obair ar siúl leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha & Claochlaithe chun Tairseach Comhairleoirí a fhorbairt. |
| | 7.3.2 Comhoibrithe éifeachtacha a chruthú le húdaráis áitiúla eile agus le heagraíochtaí san earnáil phoiblí, leis an saol acadúil, le gnólachtaí, le saoránaigh agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta | Chothaigh agus d'fhorbair rannóga ar fud na Comhairle Cathrach comhoibrithe nua le heagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla le linn 2022. I measc cuid de na buaicphointí tá:<br>• Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an príomhúdarás d'earnáil na n-údarás áitiúil maidir le Voter.ie a ghlacadh mar Chóras Náisiúnta Clárúcháin Toghthóirí.<br>• Reáchtáil Oifig an Ardmhéara imeachtaí comhoibríocha le Tionscadal Bithéagsúlachta agus Grúpaí Pobail agus Fiontair Shóisialta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.<br>• I mí an Mhárta shínigh Ardmhéara Bhaile |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Átha Cliath ag an am, Alison Gilliland, comhaontú le Ardmhéaraí Bhéal Feirste, Learphoill agus Mhanchain. Cuireann an comhaontú comhpháirtíochta comhoibritheach ceangal ar na ceithre chathair a bheith ag tabhairt cúnaimh agus ag comhoibriú lena chéile chun spriocanna neodrachta carbóin a bhaint amach trí eolas, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú agus trí eagraíochtaí a nascadh agus comhoibriú T&F, gnó agus infheistíochta a éascú. De bhun na comhpháirtíochta seo, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhéal Feirste iarratas faoi bhráid Chiste na nOileán Comhroinnte chun tabhairt faoi staidéar féidearthachta - Geilleagar Ciorclach Nasctha.<br>• Lean Aonad Taighde agus Straitéise na Rannóga Tithíochta agus Pobail (Faireachlann Tithíochta Bhaile Átha Cliath) lena chomhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus le hOllscoil Mhá Nuad chun a Lorgaire Sonraí Tithíochta geospásúla ar líne a chothabháil agus a fheabhsú.<br>• Tá athbhreithniú ar Mhaoiniú Rialtais Áitiúil curtha i gcrích agus bunaíodh grúpa oibre de chuid na Comhairle Cathrach chun deiseanna a aithint chun maoiniú na Comhairle a neartú tuilleadh. Glacann an Rannóg Airgeadais páirt ar son Cheann an Ghrúpa Airgeadais agus ar Choiste Airgeadais CCMA maidir le bonn eolais a chur faoi réitigh ar dhúshláin airgeadais agus iad a chur chun cinn<br>• Rinneadh obair leis an earnáil chun an Straitéis TFC earnála a fhorbairt agus tá sí ag leanúint ar aghaidh ag forbairt socruithe slándála earnála a thacaíonn le ISAC earnála.<br>• Glacann DFB páirt i gcomhroinnt faisnéise leis an bpobal trí oiliúint na Seirbhíse Leighis Éigeandála (EMS) le baill imeallaithe den phobal agus freisin i dteagmháil le Grúpa Comhpháirtíochtaí Cathrach - Clár Forbartha Maoine Pobail. Oiliúint |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | agus cleachtaí MEM Bhaile Átha Cliath le suíomhanna COMAH, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus ERWG.<br>• Mar chuid den athbhreithniú ar an tSeirbhís Otharchairr Éigeandála, coinníonn DFB comhpháirtíochtaí láidre le RCSI, UCD agus UCC agus téann sé i dteagmháil le comhlachtaí idirnáisiúnta chun taighde a dhéanamh ar Ardáin Sonraí Shoghluaiste le haghaidh oiriúnachta le cuspóirí OIU DFB. In 2022 bhí ionadaíocht leanúnach ar an bhFochoiste Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán le hionchur i ndoiciméid threoracha nua um shábháilteacht ó dhóiteán agus i samhlacha pleanála réamhtheachtaithe.<br>• Is tionscadal é ENFUSE a bhfuil duaiseanna buaite aige agus atá á stiúradh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ag an Oifig Fiontair Áitiúil i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Bhaile Átha Cliath), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI), Branda Áite Bhaile Átha Cliath, Fóram Scileanna Réigiúnach Bhaile Átha Cliath (DRSF) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) agus le tacaíocht ó Fhiontar Éireann, Element 78, Slabhra Bia Bhaile Átha Cliath, Líonra Fiontar Sóisialta na hÉireann agus Líonra na mBan i nGnó OFÁ. I rith 2022, ghlac 46 fiontar, 214 scoláire, 8 gcomhpháirtí tionscadail, agus 14 léachtóir páirt agus bhain siad tairbhe as.<br>• Tá Trácht na Comhairle Cathrach ina mbaill de roinnt grúpaí idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear Cities Today Institute, IMPACTS agus ITS Ireland.<br>• Bhunaigh Pleanáil Iompair fóram comhoibritheach le foirne iompair in Údaráis Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath agus leanann sé ag comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha, lena n-áirítear NTA agus TII agus le TUD.<br>• Lean an EMWERLA ar aghaidh ag obair ar bhealach comhoibríoch le comhúdaráis áitiúla sa |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | limistéar oirthear lár na tíre, le gníomhaireachtaí stáit eile, lena n-áirítear an DECC, GBRÁ, CCMA, An Garda, an GCC, NWCPO, agus an Earnáil na Tionsclaíochta chun éifeachtúlacht na bainistíochta dramhaíola a mhéadú.<br>• Chruinnigh an CPSO ar Chomhairle Contae Chorcaí chun faisnéis agus eispéiris a roinnt maidir le Tionscadail Chaipitil agus eispéiris a bhainistiú go dtí seo i mbunú Oifigí Bainistíochta Tionscadail gach údaráis áitiúil faoi seach.<br>• Leanann an Chomhairle Cathrach ag comhoibriú le roinnt údarás áitiúil agus páirtithe leasmhara eile i seachadadh Léarscáileanna Torainn Straitéiseacha agus Pleananna Gníomhaíochta Torainn do Bhabhta 4 den Treoir Torainn Comhshaoil.<br>• Chuir an Rannóg um Chaomhnú Comhshaoil an Grúpa Comhairleach Pleanála Straitéisí ar bun arís le hÚdaráis Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath agus le hUisce Éireann. Tá Grúpaí Stiúrtha i bhfeidhm do gach scéim dobharcheantair abhann trasteorann. Leanadh den chomhoibriú leis an IFI agus Uiscebhealaí Éireann ar thionscadail tuilte.<br>• Tá roinnt tionscadal comhoibritheach tosaithe agus críochnaithe ag Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola in 2022, lena n-áirítear comhoibriú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun an Feachtas ‘Cuir Cosc ar Dhramhbhia’ a chur chun cinn agus leis an EMRWPO ar an ‘Mí Athúsáide’.<br>• Tá tús curtha ag Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola le teagmháil le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ar chomhréimsí soláthair seirbhíse i mBainistíocht Dramhaíola, eolas agus dea-chleachtas a roinnt agus le hÚdarás Bardasach Dhún Éideann ar dhea-chleachtas maidir leis an gcuma ar an dramhaíl dhonn agus í a bhailiú.<br>• Tá teagmháil leanúnach ann leis an mbainistíocht, leis an bhfoireann, le comhlachtaí ionadaíocha earnála agus le Ceardchumainn |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | agus le hionadaithe foirne maidir le dea-chaidreamh fostaithe agus tionsclaíoch, caighdeáin chorparáideacha agus athrú eagraíochtúil a chur chun cinn.<br><br>Bíonn an Chomhairle Cathrach i dteagmháil go rialta le scoileanna agus le soláthraithe oideachais tríú leibhéal ar roinnt bealaí:<br>• Glacadh páirt i dtionscadal píolótach chun clár oiliúna a chur i bhfeidhm i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath agus ETC Baile Fhormaid chun oibrithe ginearálta oilte a oiliúint agus a earcú isteach san eagraíocht.<br>• Chomhoibrigh an Chomhairle Cathrach le scoileanna áitiúla agus le hionaid fostaíochta chun an chomhairle a chur chun cinn mar fhostóir de rogha agus chun díriú ar earcaíocht laistigh de phobail atá i mbaol míbhuntáiste shóisialta agus eacnamaíoch.<br>• Comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal, mar shampla NCAD, DCU agus Coláiste na Tríonóide, ar raon tionscadal, socrúchán agus intéirneachtaí do mhic léinn<br>• Treoracha físe do scoileanna maidir leis an gcuma a mbíonn ar dramhaíl agus í a bhainistiú le Guth Éireann le Comhairlí Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Fhine Gall, clár oideachais ar dhramhaíl inmhúirínithe do scoileanna agus clár faisnéise maidir le faisean mall le Baile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus EMRWPO, ‘Comórtas Tabhair Grá d’Fhaisean Arís’ do mheánscoileanna le haon údarás áitiúil déag eile agus an tIonad Athfhionnachtana. |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
| --- | --- | --- |
| | 7.3.3 Ár gcuid oibre a shuíomh laistigh de chreat domhanda níos leithne trí dhul i dteagmháil le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus cláir a chuireann ár spriocanna don Chathair chun cinn | • In Aibreán 2022, roghnaíodh Cathair Bhaile Átha Cliath agus Cathair Chorcaí mar an dá chathair rathúla in Éirinn chun dul isteach i Misean an AE do 100 Cathair Aeráid-Neodrach Cliste.<br>• Bhunaigh an Chomhairle Cathrach a hOifig Tacaíochta féin do Chlár an AE le linn 2022 chun ár rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus i gcláir Eorpacha a fheabhsú<br>• Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina ball gníomhach de Líonra Eurocities agus Grúpaí Oibre Eurocities, lena n-áirítear a bheith ag comhoibriú go rathúil le hAiltirí Cathrach chun ionchuir a chur ar fáil don chur i láthair deiridh de Thaispeántas Foirgníochta Idirnáisiúnta Chathair Vín 2022 (IBA Wien 2022) ar thithíocht shóisialta nua.<br>• Iasachtaí ó bhailiúchán Ghailearaí Hugh Lane chuig Philadelphia Museum of Art, Fort Worth Museum of Modern Art, Tate Britain, Londain, Petit Palais, Páras, Kunsthalle Bremen, Whitechapel Gallery, Londain. Comhoibriú leis an National Gallery, Londain ar Thaispeántas “Eva Gonzales “.<br>• Freastal ar an gComhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha na hEorpa de chuid Chomhairle na hEorpa<br>• Rannpháirtíocht i gclár an AE um Chomhar Idirnáisiúnta Uirbeach agus Réigiúnach (IURC) a d’fhág go raibh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar cheann de thrí chathair de chuid an AE atá i gcomhpháirtíocht le cathracha sa Chóiré Theas.<br>• I gcomhar le Tithíocht na hEorpa agus leis an Líonra Eorpach um Thaighde Tithíochta (ENHR) bhunaigh Faireachlann Tithíochta Bhaile Átha Cliath de chuid na Comhairle Cathrach Grúpa Oibre nua ENHR de Fhaireachlanna Tithíochta an AE in 2022.<br>• Ghlac Pleanáil Iompair páirt réamhghníomhach in ullmhú thuarascáil an OECD Athdhearadh |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
| --- | --- | --- |
| | | a dhéanamh ar ag Athdhearadh Iompar na hÉireann le haghaidh glan-nialas: i dTreo Córais a Oibríonn do Dhaoine agus don Phláinéad.<br>• Roghnaíodh an Chomhairle Cathrach chun páirt a ghlacadh i gClár Oiliúna Idirnáisiúnta um Nuálaíocht Cathrach le Bloomberg Philanthropies agus an Centre for Public Impact i gcomhar le Johns Hopkins University. |
| 7.4 Leanúint ag díriú ar Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a sholáthar chun an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar do shaoránaigh agus do chustaiméirí | 7.4.1 An Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm agus a athnuachan | Is doiciméad tábhachtach é an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí ina leagtar amach caighdeáin na seirbhísí a chuirfear ar fáil do shaoránaigh. Leagann sé béim freisin ar spriocanna i bhfeabhsúcháin seirbhíse ar féidir le saoránaigh a bheith ag súil leo a fheiceáil ar fud réimse leathan de na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Forbraíodh dréachtphlean do 2022 - 2024. Is féidir le saoránaigh gearáin a dhéanamh ar líne anois tríd an Mol Saoránach agus déantar monatóireacht air seo chun feabhsuithe breise a fháil ar eispéireas an chustaiméara agus an córas gearán ar líne á úsáid. |
| | 7.4.2 Feabhas a chur ar bhealaí teagmhála custaiméirí agus iad a chuíchóiriú chun é a dhéanamh níos fusa don phobal rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí, ag an am, an áit agus ar chaoi a n-oireann dóibh | Leantar le seirbhísí pearsanta ar an láthair a chur ar fáil do shaoránaigh tríd an Deasc Fáiltithe ag Cé an Adhmaid, an Oifig Airgid agus an limistéar 1 - 1 do chustaiméirí Ceada Páirceála a thagann isteach i Seirbhísí do Chustaiméirí.<br><br>Leanann an Chomhairle ag aithint deiseanna chun é a dhéanamh níos éasca do shaoránaigh agus d'earnáil an ghnó teagmháil a dhéanamh linn. Seoladh acmhainn nua choinne ar líne chun ligean do shaoránaigh cruinnithe ar líne a chur in áirithe nó cruinnithe duine le duine leis an bhfoireann. Táimid ag sruthlíniú ár gcainéil teileafónaíochta agus ag iniúchadh roghanna glaonna ar ais agus comhrá gréasáin. |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | 7.4.3 Feabhsaigh agus leathnaigh ról an Ionaid Seirbhísí do Chustaiméirí mar ár bpríomhphointe teagmhála do chustaiméirí agus muid ag teacht ar sheirbhísí | Tá obair ar siúl fós ar thabhairt isteach an chórais JAM (Nóiméad Amháin). M. Ligeann an Cárta JAM do dhaoine faoi mhíchumas intleachta a bheith níos muiníní as déileáil le baill foirne atá os comhair an phobail.<br><br>Tá athdhearadh á dhéanamh ar an Aitriam in Oifigí Cathartha chun taithí fheabhsaithe do chuairteoirí agus don phobal a chur ar fáil. |
| | 7.4.4 Straitéis Dhigiteach a fhorbairt don Chathair, lena n-áirítear cur lenár raon seirbhísí digiteacha agus ar líne | Forbraíodh dréacht-Straitéis Dhigiteach mar chuid den Chlár FutureWork agus rachaidh sí chuig comhairliúchán poiblí i Ráithe 4 2022.<br><br>Tháinig an Mol Saoránach i bhfeidhm i R4 2021 agus faoi R4 2022 bhí 23 sheirbhís beo ar an ardán agus beagnach 12,500 úsáideoir cláraithe, rud a chuir ar chumas na Comhairle Cathrach seirbhísí a sholáthar ar líne do shaoránaigh.<br><br>Tá Áis Foláirimh nua CCBÁC curtha ar fáil trínar féidir le saoránaigh clárú chun foláirimh a fháil faoi phleanáil/oibreacha bóthair/rabhadh drochaimsire/tránna. Cuirfear tuilleadh seirbhísí ar fáil ar an ardán seo in 2023.<br><br>Le linn 2022, bhog an tAonad um Chuntais Iníoctha Láraithe (CAPU) chuig timpeallacht phróiseála nach mbaineann páipéar ar bith léi maidir le breis is 40,000 sonrasc a phróiseáil. Beidh éifeachtúlachtaí breise mar thoradh ar an bpróiseas seo i dtéarmaí luasanna próiseála agus stóráil dhigiteach. |
| 7.5 Ár n-úsáid teicneolaíochta agus sonraí a athrú i gcinnteoireacht agus i seachadadh seirbhíse | 7.5.1 Leanúint ar aghaidh ag leathnú Tionscnamh na Cathrach Cliste chun úsáid teicneolaíochtaí nua inár seachadadh seirbhíse a iniúchadh agus a phíolótú | Bhí bliain thar a bheith rathúil ag Clár na Cathrach Cliste agus bhí Baile Átha Cliath sa dara háit do ghradam mór le rá Phríomhchathair Nuálaíochta na hEorpa do 2021. I measc na n-éachtaí suntasacha eile bhí an méid seo a leanas: Bhíomar ar an ngearrliosta do Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste agus bhuaigh an Clár Turasóireachta Cliste Gradam Nuálaíochta Turasóireachta Domhanda ag an gCruinniú Mullaigh Nuálaíochta Turasóireachta. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|
| | | Bhuaigh seachadadh tionscadal agus tacar uirlisí “Acmhainn dróin don Rialtas Áitiúil a Luathú” Gradam Domhanda na Cathrach Cliste as an gcleachtas is fearr i Rialachas Teicneolaíochta.<br><br>Críochnaíodh cur i bhfeidhm céimnithe de Wi-Fi poiblí saor in aisce ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath i rith 2022 mar chuid den tionscnamh Wifi4EU le níos mó ná 20 láithreán agus 180 Pointe Rochtana imscartha.<br><br>Bhí Baile Átha Cliath ar cheann de 4 chathair a roghnaíodh mar chuid de thionscnamh na Náisiún Aontaithe um Chearta Digiteacha chun baill foirne agus mic léinn Idirbhliana a uasoiliúint i bpríobháideacht agus eitic a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.<br><br>Cuireadh tionscadal Buoi Smart Ring ar an ngearrliosta do dhámhachtain AE i gceannaireacht soláthair as cur chuige nua ‘píolótach le ceannach’ a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht uisce. Thug an cur chuige seo deis d’fhoireann Bhaile Átha Cliath Cliste oibriú le Sábháilteacht Uisce na hÉireann agus le 23 údarás áitiúil chun teicneolaíochtaí nua bunaithe ar bhraiteoirí a úsáid a thugann aghaidh ar ghadaíocht / cur isteach ar bhaoithe fáinne.<br><br>Chríochnaigh tionscadal Google Airview a chéim bailithe sonraí ag giniúint os cionn 50 milliún pointe sonraí ar fud na cathrach ar cháilíocht aeir áitiúil agus foilseofar na torthaí go luath in 2023. |
| | 7.5.2 Straitéis Bainistíochta Sonraí a fhorbairt don eagraíocht a fheabhsaíonn an chaoi a ndéantar ár sonraí a bhainistiú, a úsáid agus a athúsáid, agus a fheabhsaítear cáilíocht na seirbhíse trína úsáid | Bunaíodh Aonad Sonraí Corparáideacha & Anailísíochta laistigh den Rannóg Seirbhísí Corparáideacha & Claochlaithe in R3 2022. Tá Beartas Bainistithe Sonraí agus Creat Rialachais Sonraí á n-ullmhú faoi láthair. Tríd an dá rud sin, déanfaidh an Chomhairle Cathrach beartais, nósanna imeachta, struchtúr, róil agus freagrachtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chinntíonn ardán do thrédhearcacht, oscailteacht, cáilíocht agus cuntasacht chun sócmhainní sonraí a bhainistiú go héifeachtach. |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | | DUL CHUN CINN IN 2022 |
|---|---|---|---|---|
| 7.6 | Oibriú chun cearta daonna agus comhionannas a chur i gcroílár an chaoi a gcuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích | 7.6.1 | Ár bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas Earnála Poiblí a chur i bhfeidhm thar shaolré an Phlean Chorparáidigh seo | Tá Dualgas na hEarnála Poiblí á chur i bhfeidhm i mBriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Claochlaithe agus Acmhainní Daonna. Cuirfear tús le cur i bhfeidhm an Dhualgas na hEarnála Poiblí i rannóga eile in 2023. |
# Phríomhsheirbhísí

# Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Saincheadúnas** | Tháinig Clár na dToghthóirí do 2022-2023 i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2022 agus bhí 347,862 toghthóir san iomlán ar an gClár Deiridh.<br><br>Le cur i bhfeidhm an Achta um Athchóiriú Toghcháin 2022, bhí sé indéanta clár rollach a chruthú, catagóir nua toghthóirí 'J' saoránach de chuid na Breataine agus an AE, toghthóirí gan ainm, toghthóirí nach bhfuil aon áit chónaithe sheasta acu, ag cur toghthóirí faoi 18 mbliana leis.<br><br>Tugadh an chéad chóras náisiúnta clárúcháin ar líne www.checktheregister.ie isteach i mí Dheireadh Fómhair 2022. Faoin 31 Nollaig bhí 5,564 foirm iarratais faighte ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath trí Check the Register. |
| **Ionadaíocht Áitiúil/ Ceannaireacht Shibhialta** | Bronnadh Saoirse Oinigh na Cathrach ar an Dochtúir Mary Aiken, Ailbhe Smyth agus Kellie Harrington as a n-ionchur suntasach dár gcathair. Aithníodh Ailbhe Smyth as a cuid oibre i réimsí chearta an duine, ceartais shóisialta agus an saol acadúil, an tOllamh Mary Aiken as a cuid oibre i réimsí na cibirshiceolaíochta, na sábháilteachta agus na slándála ar líne, agus Kellie Harrington as a cuid oibre gan staonadh sa phobal, a heiseamláir chomhbhách agus a eiseamláir do dhaoine óga agus as a cuid éachtaí spóirt.<br><br>Bhronn an tArdmhéara Alison Gilliland Gradam an Ardmhéara ar na daoine agus na grúpaí seo a leanas in ómós dá n-ionchur speisialta do Bhaile Átha Cliath agus dá saoránaigh ar leibhéal áitiúil nó ar leibhéal cathrach:<br>• Susan French<br>• An Dochtúir Austin O'Carroll<br>• James McConnell<br>• Banna Píob DFB<br>• FamiliBase<br>• Grúpa Múinteoirí LADTA+ de chuid Chumann Múinteoirí Éireann<br>• An Dochtúir Salome Mbugua |
| **Tacaíocht do Chomhaltaí Tofa** | D'fhorbair Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh Clár Oiliúna cuimsitheach do Chomhairleoirí a chlúdaigh réimsí ar nós Ceannaireacht Aeráide, RGCS, Folláine agus déileáil le bréagaisnéis. Chomh maith leis sin, cuireann an Clár deiseanna ar fáil do Chomhairleoirí maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.<br><br>Cuireadh scéim nua speansas do na Comhaltaí Tofa i bhfeidhm in 2022. Mar thoradh air seo tugadh isteach an Liúntas Ionadaíochta Áitiúil (LRA), atá iníoctha le baill ar bhonn deimhnithe.<br><br>Tionóladh Coiste na mBan, fochoiste den Phrótacal, le haghaidh 6 chruinniú in 2022. I measc na réimsí fócais i rith na bliana bhí Lá Idirnáisiúnta na mBan 8 Márta 2022 agus Iniúchtaí Sábháilteachta Ceantair<br><br>Tar éis iarratas rathúil ar mhaoiniú ón Roinn chun Rannpháirtíocht na mBan agus na hÉagsúlachta sa Rialtas Áitiúil a Mhéadú 2022, bronnadh maoiniú €11,000 ar Choiste na mBan i Meán Fómhair 2022. Is iad na tograí atá le maoiniú ná Imeacht Idirnáisiúnta Lá na mBan 2023, Oiliúint um Fhorbairt Acmhainne agus na Meáin Shóisialta agus Cumarsáid. |

# Roinn an Phríomhfheidhmeannaigh ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Tionscadal - Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS)** | Beidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar phríomhúdarás, freagrach as Tionscadal Chóras Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS) a sheachadadh thar ceann na hearnála Rialtais Áitiúil. Is é aidhm an tionscadail seo córas clárúcháin nua-aimseartha inrochtana, inscálaithe agus slán a sholáthar a sholáthraíonn faisnéis chruinn toghcháin do vótálaithe agus do dhaoine eile atá ag gabháil don phróiseas toghcháin. Ní mór don chóras tacú le sláine an phróisis toghcháin, na hathruithe ábhartha ar an gClár Náisiúnta um Athchóiriú Toghcháin a sheachadadh agus ní mór d’údaráis áitiúla é a riar go héasca.<br><br>Cuireadh tús le huasghrádú ar chóras Voter.ie, atá in úsáid faoi láthair ag údaráis Bhaile Átha Cliath, chun ceanglais láithreacha an Achta Toghcháin 2022 a chomhlíonadh i mí Eanáir agus críochnaíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2022.<br><br>I mí Iúil 2022, bunaíodh Líonra um Athrú Toghcháin (ECN) earnála chun oibriú leis an tionscadal chun comhsheasmhacht cur chuige, soiléireacht ar chumarsáid a chinntiú agus chun dúbailt iarrachta d’fhoireann na n-údarás áitiúil a íoslaghdú tar éis chur i bhfeidhm na reachtaíochta. Chomh maith leis an ECN, bunaíodh 2 ghrúpa oibre chun treoirlínte próisis a ullmhú don earnáil agus chun riachtanais údaráis áitiúil a shainaithint don chóras náisiúnta clárúcháin toghthóirí. Tugadh Cás Gnó chun críche ag deireadh na bliana agus cuireadh faoi bhráid na hearnála é lena athbhreithniú. |

# An Rannóg Tithíochta & Pobail

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Aonaid tithíochta údaráis áitiúil a chothabháil agus a fheabhsú** | Tithe folmha a ndearnadh athchóiriú orthu: 772 Aonad (669 réadmhaoin fholamh de chuid na comhairle agus 103 ceannach).<br><br>Bunaíodh creat nua maidir le cothabháil téarma ar thithe folmha agus mairfidh sé ar feadh 2 bhliain. Tá ról lárnach ag an gcreat conraitheoirí seo i seachadadh chlár na dtithe folmha. Clár Inrochtaineachta Tionóntaí um Oiriúnuithe agus Síntí: 140 oiriúnú cithfholcadáin; 33 Rampa; 30 Ardaitheoir Staighre; 2 Shíneadh agus 147 athrú níos lú eile.<br>Feabhsúcháin Éifeachtúlachta Fuinnimh: 202 réadmhaoin<br><br>Freagra Fo-Chomhdhlúthúcháin: Shann an rannóg Cothabhála Pleanáilte 700 post le freastal orthu le haghaidh taise agus múscán ag sainchonraitheoirí. In 2022 fuaireamar 292 tuarascáil suirbhé agus deimhniú ar chríochnú poist laistigh de 254 seoladh. Ba é líon iomlán na bpost a críochnaíodh ná 399 agus áiríodh i 392 díobh sin suiteáil aerála meicniúla agus áiríodh le 14 díobh oibreacha inslithe le líneáil thirim. B'iad na cineálacha réadmhaoine: Árasáin: 277; Tithe: 69; Seanóirí: 53.<br><br>Chuir Cothabháil Phleanáilte tús le clár seirbhíse nua chun cothabháil na gcóras aerála meicniúla suiteáilte a choinneáil chun a bhfeidhmíocht cháilíochta leanúnach a chinntiú dár dtionóntaí. Ag tosú ar na hairíonna leis an aeráil is faide in úsáid, rinneadh seirbhísiú na gcóras aerála ag 85 réadmhaoin. |
| **Measúnú, leithdháileadh agus aistriú tithíochta** | Ar an meán, rinneadh 150 Iarratas ar Thithíocht Shóisialta a mheasúnú in aghaidh na seachtaine agus cuireadh pacáistí ÍCT ar fáil dóibh siúd a bhí i dteideal tacaíochta tithíochta sóisialta. Leithdháileadh 2,037 aonad san iomlán in 2022.<br><br>Amhail an Tuarascáil ar Leithdháiltí Tithíochta i mí Eanáir 2023 bhí 12,247 iarratasóir ar an liosta Tithíochta agus 16,839 iarratasóir ar an Liosta Aistrithe.<br><br>Cuireadh an Mol Saoránach i bhfeidhm in 2021 le 700 ceist ar an meán in aghaidh na míosa. Ligeann an tairseach d'iarratasóirí a n-iarratais a nuashonrú, in éineacht le seirbhís bunaithe ar an bhfón a fhreagraíonn do thart ar 1,200 glao gutháin in aghaidh na seachtaine.<br><br>Tá obair ar siúl leis an tionscadal nua NEC a thiocfaidh in áit an chórais tithíochta atá againn cheana féin. |
| **Bainistíocht cíosa tithíochta** | Bhailigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath €94.9 milliún in bhfáltais ó chíos in 2022. Sháraigh na fáltais an dochar faoi €1.9 milliún. Tá méadú €1.6 milliún tagtha ar fháltais le bliain anuas agus €19 milliún ó 2016 i leith.<br>• Tá tuairim is 70% de thionóntaí i gcreidmheas/tá cuntas glan cíosa acu nó tá riaráistí beaga orthu<br>• Déanann baill foirne bainistíochta riaráistí monatóireacht ar 30% de na cuntais, agus é mar aidhm dheiridh acu comhaontuithe athsceidealaithe cothroma agus inbhuanaithe a dhéanamh<br>• Eisíodh 189 rabhadh tionóntachta in 2022<br>• Chuaigh 98 tionónta isteach i gcomhaontuithe athsceidealaithe de bhun na rabhadh agus cuireadh na 91 tionónta eile ar aghaidh chuig an Roinn Dlí chun tús a chur le himeachtaí chun a gcuid réadmhaoine a athshealbhú<br>• Deonaíodh 17 Ordú Seilbhe in 2022. Socraíodh 7 gcinn díobh seo roimh an díbirt le haghaidh íocaíochtaí cnapshuime arbh fhiú €65,000 iad agus athshealbhaíodh 3 réadmhaoin. |

# An Rannóg Tithíochta & Pobail ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Obair Shóisialta** | Fuair an tSeirbhís um Obair Shóisialta ar Dualgas 2,812 glao le linn 2022, laghdú 727 glao ón mbliain seo caite<br><br>Bhí 30 – 35 cás ar an meán ag Oibrithe Sóisialta agus bhí liosta feithimh ag gach foireann freisin.<br><br>Fuarthas 847 iarratas ar Fhorais Shóisialta Eisceachtúla in 2022, méadú 173 ar an mbliain roimhe sin.<br><br>Lean Oibrí Sóisialta Sinsearach ar aghaidh le ról Ionadaí Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil san Oifig Náisiúnta SORAM ag obair i gcomhpháirtíocht leis na Gardaí, an tSeirbhís Phromhaidh, TUSLA agus an tSeirbhís Phríosúin le sainchúram chun ciontóirí gnéis ardriosca a bhainistiú sa phobal. |
| **Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta** | Ba í 2022 an chéad bhliain de Thithíocht Do Chách, phlean ilbhliana an Rialtais chun ár gcóras tithíochta a fheabhsú agus níos mó tithe a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais éagsúla tithíochta acu. I mí Iúil 2022 d'fhoilsigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a Plean Gníomhaíochta ina sonraítear conas a bheartaíonn sí na spriocanna ilbhliantúla seo a bhaint amach.<br><br>Cuirfidh an plean sruth uaillmhianach ilthionachta tithíochta ar fáil thar thréimhse thosaigh an phlean, Tithíocht Do Chách. In 2022 rinneadh iniúchadh ar bhealaí nua seachadta, amhail tionscnaimh nua Foirgníochta Lándéanta agus athdhéanamh foirgneamh tráchtála. Leanfaidh an cur chuige nuálach seo maidir le seachadadh tithíochta ar aghaidh i rith shaolré an Phlean agus tacóidh sé le sruthanna seachadta seanbhunaithe mar Athghiniúint, Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP), Comhpháirtíochtaí Comhlachta Ceadaithe Tithíochta (CCT), Toirtmhéadrach, Seachadadh Chuid V agus Ceannaigh agus Athnuachan.<br><br>Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 1,294 teach ar fáil trí raon meicníochtaí seachadta:<br>Clár Tógála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 341<br>Seachadadh Chuid V: 128<br>Comhpháirtíochtaí le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta: 314<br>Léasú: 367<br>Éadálacha: 144<br><br>In 2022 tháinig méadú 85% ar aschur tithe sóisialta nuathógtha thar 2021 (gan Léasú agus Éadálacha san áireamh) agus cuireadh an soláthar is airde de thithe sóisialta nua ar fáil ó tugadh Atógáil Éireann isteach in 2018.<br><br>I measc na scéimeanna tithíochta sóisialta a cuireadh i gcrích i rith na bliana bhí scéimeanna athnuachana ar Shráid Dhoiminic (72 aonad), Sráid an Rí Thuaidh (30 aonad), Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (56 aonad), seachadadh CCT i bPáirc an Plaza Thiar (60 aonad), aonaid Chuid V ag Coill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9 (25 aonad), Foirgnimh Eabhair, Baile Átha Cliath 2 (6 aonad), 9 n-aonad cóiríochta don Lucht Siúil agus aonaid Cheannaigh agus Athnuachana ar fud na cathrach. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
| --- | --- |
| | Rinneadh dul chun cinn maidir le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a dhaingniú agus a chur chun cinn atá san áireamh i bpíblíne an Phlean Gníomhaíochta Tithíochta. Cuireadh Pleanáil Chuid 8 chun cinn agus baineadh amach í ar roinnt scéimeanna, lena n-áirítear Sráid Dorset, Cúirt Choill an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 5 agus i nGort na Silíní. In 2022, fuair an clár Tithíochta Sóisialta CPP Beart 3 cead pleanála Chuid 8 & 10 do na sé shuíomh go léir, ar láithreáin de chuid na Comhairle Cathrach iad trí cinn acu (An Port Thoir, Bóthar na Seangán & Fionnbhrú).<br><br>Tugadh tacaíocht bhreise do Chlár an PPP faoi Thithíocht do Chách, Roinn 4.3 le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a cheap an Príomh-Údarás do Bheart 4 & 5, ina bhfuil 18 láithreán ar fud Réigiún Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá deich láithreán ag an gComhairle Cathrach ar fud Bheart 4 & 5 a rachaidh chun cinn trí dhearadh scéime agus trí thús a chur le pleanáil in 2023.<br><br>I measc na ngarspriocanna seachadta eile, bhí cead pleanála a fháil do 1,044 aonad i scéim tionachta measctha ag iar-eastát Árasáin Ghairdíní Uí Dhuibheannaigh, Iarratas Pleanála LSRD a chur faoi bhráid Údarás pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh scéim 853 aonad ar thailte Bhóthar Oscair Mhic Thréinir agus Iarratas Pleanála Chuid 10 a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála le haghaidh 543 aonad ag láithreán iar-Eastát Árasáin Ghairdíní San Treasa. Ceapadh foireann deartha chun scéimeanna a chur chun cinn ag íosbhealach Chaisleán na Croma (thart ar 140 aonad) agus Gort na Silíní (thart ar 1000 aonad) agus críochnaíodh Staidéar Acmhainneachta chun tailte a fhorbairt ag an gCloigín Gorm (thart ar 400 aonad). |
| **Caighdeán a fhorfheidhmiú i dtithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach** | I rith 2022 cuireadh tús arís le cigireachtaí fisiciúla ar gach cineál réadmhaoine príobháidí ar cíos. Tar éis buntáistí an chláir iniúchta fhíorúil a forbraíodh agus a úsáideadh i rith 2020 agus 2021 a fheiceáil, cinneadh go raibh fiúntas ann leanúint leis an gcóras seo in éineacht le cigireachtaí fisiciúla. I mBealtaine 2022 aistríodh an córas ó fhormáid doiciméad go formáid suirbhé ar líne.<br><br>In 2022 rinneadh iniúchadh fisiciúil ar shampla a roghnaíodh go randamach de 11% de na réadmhaoin sin a measadh a bheith comhlíontach ar iniúchadh fíorúil sa chéad leath de 2021. Léiríonn na torthaí go raibh an t-eolas a chuir an Tiarna Talún isteach i 72% de na réadmhaoine seo cruinn.<br><br>I rith 2022 rinneadh cigireacht ar 5,909 teaghais, agus bhí 4,070 díobh sin neamhchomhlíontach ar an gcéad chigireacht. As 6,532 cigireacht, lena n-áirítear athchigireachtaí a rinneadh, bhí 6,009 fisiciúil agus 532 fíorúil. Eisíodh 3,828 Litir Feabhsúcháin ar an iomlán agus seirbheáladh 945 Fógra Feabhsúcháin i rith 2022. Seirbheáladh 138 Fógra Toirmisc. Tugadh 3,259 teaghais suas go dtí an caighdeán, rud a fhágann go mbeidh tithe níos sábháilte agus níos sláintiúla ann do na daoine aonair agus do na teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu sna réadmhaoine seo. |

# An Rannóg Tithíochta & Pobail ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
| --- | --- |
| **Clár Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta** | Faoi dheireadh 2022, cuireadh 733 tionóntacht nua ÍCT i gcrích, ar Forlíonadh Cíosa iad 134 díobh ar aistrithe ÍCT. Ag deireadh 2022 bhí 5,517 tionóntacht ÍCT gníomhach i bhfeidhm.<br><br>Tá an infhaighteacht theoranta de réadmhaoin ar cíos inacmhainne ag dul i bhfeidhm ar fad ar líon na dtionóntachtaí nua ÍCT. Athosclaíodh an cuntar poiblí ÍCT i lár na bliana chun cruinnithe deiridh ar an láthair le hiarratasóirí a éascú.<br><br>Rinneadh dhá athrú reachtaíochta le linn 2022. Tháinig athrú ar an tsolúbthacht lánroghnach atá ar fáil maidir le teorainneacha cíosa ÍCT i bhfeidhm i mí Iúil agus thug sé deis dúinn tacaíocht bhreise a chur ar fáil do 124 iarratasóir reatha agus nua. Cuireadh siar dátaí foirceanta tionóntachtaí áirithe go dtí an 1 Aibreán 2023 mar thoradh ar an Toirmeasc ar Dhíshealbhú a bhí ann i rith an Gheimhridh. Mar thoradh air seo bhí cead ag níos mó ná 120 tionóntacht a raibh fógraí bailí foirceanta i bhfeidhm acu ón 31 Deireadh Fómhair, fanacht ina gcuid réadmhaoine go dtí an 1 Aibreán 2023.<br><br>Tá líon na leasuithe tionóntachta, a chlúdaíonn an iliomad athruithe féideartha ar chúinsí don tionónta, don tiarna talún nó dá ngníomhaire, ag méadú i gcónaí. |
| **Cóiríocht shonrach don Lucht Siúil** | • Cuireadh athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil i gcrích<br>• Rinneadh athchóiriú ar 44 bá ag dhá láithreán.<br>• Cuireadh iarratas CAS Chéim 2 faoi bhráid na Roinne lena cheadú; Críochnaíodh Céim 1 de na hoibreacha feabhsúcháin ag Páirc Labré<br>• Cead pleanála Chuid 8 faighte do Shráid Reuben agus do Pháirc Avila<br>• Ceapadh foireann deartha in éineacht le hInnealtóir agus Suirbhéir Cainníochta do thionscadal 9 dteach i bPáirc an Charad. D'fhorbair an Fhoireann Deartha Staidéir Féidearthachta don Dearadh Tosaigh agus tionóladh dhá chruinniú le hionadaithe cónaitheoirí in 2022.<br>• Iarratas seolta chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir le hiarfheistiú do Pháirc an Charad. Críochnaíodh an próiseas tairisceana agus thosaigh an Conraitheoir ar an 16 Feabhra 2023.<br>• Seiceálacha nua sábháilteachta ó dhóiteán ar threalamh ar gach láithreán le haghaidh seirbhísiú agus/nó deisiú/athsholáthar críochnaithe go hiomlán faoi dheireadh 2022<br>• Eisíodh 18 n-iasacht faoin Scéim Iasachta Carbhán in 2022<br>• Scéim Éigeandála Carbhán - eisíodh 15 in 2022<br>• Soláthar Leictreachais - cuireadh ar fáil é do 48 teaghlach i bPáirc San Doiminic, Plásóga na Teamhrach agus Dún an Tuaiscirt.<br>• Tá soláthar na n-aonad Sláintíochta do Pháirc San Doiminic agus Plásóga na Teamhrach críochnaithe<br>• Éadálacha – 6 teach 2022 |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **RAS agus Clár Léasaithe Sóisialta** | Lean Scéim RAS ar aghaidh ag cur tithíocht ar ardchaighdeán ar fáil dá 2,232 tionónta ar fud 744 réadmhaoin. Coinníodh caighdeán na réadmhaoine seo trí chigireachtaí leanúnacha a rinneadh trí phróiseas cumaiscthe cuairteanna cianda agus ar an láthair. Rinneadh 205 Conradh Tiarnaí Talún a athnuachan in 2022 ar feadh 6 bliana eile.<br><br>Lean íocaíochtaí Forlíonta Cíosa, do thionóntaí a bhfuil cónaí orthu i réadmhaoin atá maoinithe faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil agus arna mbainistiú ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, ag ardú in 2022. Tugadh tacaíocht do 1,235 tionónta ag deireadh na bliana agus táthar ag súil go n-ardóidh sé amach anseo. Tá ag éirí go maith leis an scéim agus leanfar á feabhsú de réir mar a fhorbrófar córas nua TF chun an tseirbhís a fheabhsú a thuilleadh. |
| **Iasachtaí Tithíochta agus Tionóntaí ag Ceannach** | I mí Eanáir 2022, tugadh isteach Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil, in áit na hIasachta Tithíochta de chuid Atógáil Éireann In 2022, fuarthas 206 iarratas ar Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil, fuair 117 de na hIarratais seo faomhadh Iasachta.<br><br>Cuireadh 50 Iasacht Tithíochta de chuid Atógáil Éireann agus 31 Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil chun cinn i rith 2022.<br><br>I rith 2022, chríochnaigh 27 tionónta a dtithe cheannach faoin Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí. D'úsáid 12 Tionónta a gcuid airgid féin nó fuair siad an t-airgead chun a gcuid réadmhaoine a cheannach ó institiúid airgeadais, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath réamh-mhorgáiste ar fáil don 15 Tionónta eile. Ba é €17.2m an Luach Iasachta iomlán a cuireadh chun cinn. |
| **Deontais Tithíochta** | Íocadh amach iomlán de 1,303 deontas ar luach €10.71 milliún trasna na Scéime Oiriúnaithe Tithe, na Scéime Áiseanna Soghluaisteachta agus na scéimeanna deontais Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. |
| **Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean** | Ag deireadh mhí na Nollag 2022, bhí 1,148 teaghlach i gcóiríocht éigeandála (EA), méadú de 346 teaghlach ó thús na bliana, ach níos ísle ná an buaicphointe d'easpa dídine teaghlaigh (1,367 teaghlach i gcóiríocht éigeandála in 2018). Bhí 269 teaghlach in óstáin i mí na Nollag 2021, laghdú 70% ar an mbuaicfhigiúr (871 i mí an Mhárta 2017). Bhí 3,833 duine fásta singil in EA ag deireadh mhí na Nollag 2022. Ar an drochuair, is ionann é seo agus méadú 700 i gcomparáid le Nollaig 2021. 2,059 duine aonair a cuireadh i láthair seirbhísí do dhaoine gan dídean in 2022, ar méadú 232 é ar an líon a cuireadh i láthair in 2021.<br><br>Tharla dhá chomhaireamh daoine a chodlaíonn amuigh i réigiún Bhaile Átha Cliath in 2022 (Aibreán agus Deireadh Fómhair). Taispeánadh i gcomhaireamh mhí na Samhna go bhfuil 91 duine ina gcodladh amuigh, an líon céanna daoine agus a léiríodh i gcomhaireamh mhí Aibreáin 2022. Ba Éireannaigh iad a bhformhór, fir, agus idir 26-45 bliain d'aois agus bhí áirithint oscailte ag 23% acu do chóiríocht éigeandála. B'ionann sin agus an oíche a bhain siad úsáid as. Tá obair leanúnach ar siúl chun caighdeán na cóiríochta éigeandála a fheabhsú agus tá dlúth-chomhoibriú le FSS chun tacaíochtaí a bhrostú do theaghlaigh atá gan dídean. |

# An Rannóg Tithíochta & Pobail ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
| --- | --- |
| | Cruthaíodh 1,435 tionóntacht ÍCT do Dhaoine gan Dídean in 2022. Ag deireadh 2022 bhí 9,211 tionóntacht ÍCT do Dhaoine gan Dídean gníomhach i bhfeidhm. Tá an infhaighteacht theoranta de réadmhaoin ar cíos inacmhainne ag dul i bhfeidhm ar fad ar líon na dtionóntachtaí nua ÍCT do Dhaoine gan Dídean. In ionad an laghdaithe ar líon na n-iarratas nua i rith na bliana tháinig méadú ar líon na leasuithe tionóntachta ÍCT a cuireadh i láthair agus próiseáladh breis agus 19,000 leasú ar leith.<br><br>Chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí do dhaoine gan dídean a chuirtear ar fáil ar ardchaighdeán, tá Caighdeáin forbartha ag an bhFeidhmeannach do Dhaoine gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHE) do Sholáthraithe Cóiríochta Práinne Príobháidí thar ceann na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.<br><br>Chruthaigh an DRHE cigireacht neamhspleách, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, chun gach cóiríocht éigeandála a mheasúnú agus chun tuairisciú ar ais go neamhspleách. Tuairisceoidh siad ar raon caighdeán fisiciúil agus seirbhíse in áiseanna atá á reáchtáil ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus ag PEA. Tosóidh na tuarascálacha ó R1 2023 tar éis iad a rolladh amach chuig an earnáil. Tá an chigireacht sa bhreis ar ról Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath maidir le cigireachtaí sábháilteachta ó dhóiteán, cosc dóiteáin agus idirchaidreamh le hÚdaráis Rialaithe Foirgníochta ar dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán. |
| **Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhtháthú** | Is é €988,416 an luach deiridh ar Dheontais Phobail a dámhadh do 2022. €295,327 do Dheontais Phobail an cheantair áitiúil; €21,450 do thionscadail Oideachas Aosach Neamhfhoirmiúil; €242,500 do Scéim Deontais Droichead Thomáis Uí Chléirigh; €140,000.00 do Thionscadail Samhraidh agus €289,139.56 do Dheontais Uile-Cathrach agus Ionchuimsithe Sóisialta.<br><br>D'oibrigh Comhairle na nÓg Chathair Bhaile Átha Cliath ar Mheabhairshláinte Dhaoine Óga mar ábhar oibre 2022. Nasc siad le heagraíochtaí Meabhairshláinte éagsúla. Ba é an toradh ná cheardlanna "Let's Talk Mental Health" a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair.<br><br>Bhí Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath (PPN) ina rannpháirtí gníomhach in Athbhreithniú Straitéiseach Mazars 2022 agus thug sé sraith moltaí ar aghaidh lena mbreithniú agus lena nglacadh ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath (CFPÁ) i Ráithe 4 2022.<br><br>I mí an Mheithimh 2022 chuaigh an Chomhairle Cathrach i gcomhar le Club Peile Lúthchleasaíochta Naomh Pádraig (SPFC) agus Comhpháirtíocht Chathair Bhaile Átha Cliath Theas chun Lá Spraoi Teaghlaigh Ilchultúrtha saor in aisce a sheachadadh. Bhí an lá dírithe ar Éagsúlacht a Cheiliúradh i gceantar Chathair Bhaile Átha Cliath Theas.<br><br>In 2022 rinneadh measúnú Táscaire Grúpaí Imirceacha (MGI) áitiúil do Chathair Bhaile Átha Cliath agus choimisiúnaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus IOM na Náisiún Aontaithe é. Tá an tuarascáil ag céimeanna deiridh a críochnaithe agus tá sé beartaithe í a fhoilsiú in 2023.<br><br>Reáchtáladh Seachtain Ionchuimsithe agus Lánpháirtíochta bhliantúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna faoin téama Baile Átha Cliath: Cathair do Chách. Bhí an tseachtain dírithe ar ionchuimsiú sóisialta fiúntach agus ar chomhtháthú i bpobail. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Cuireadh tús leis an gclár Tithe Aoisbháúla Sláintiúla i mBealtaine 2021 agus thug an Comhordaitheoir Áitiúil um Thithe Aoisbháúla Sláintiúla cuairt ar 410 saoránach ó cuireadh tús leis an ról. Cuireadh 600 tacaíocht ar fáil go dtí seo.<br><br>Lean an Grúpa Oibre ar Sheirbhísí do Dhaoine Scothaosta dá chuid oibre in 2022 agus tá forbairtí déanta aige i réimsí mar ghníomhaíochtaí leabharlainne, gníomhaíochtaí folláine, tithíocht, forbairtí stad bus (tríd an Údarás Náisiúnta Iompair) agus treoirthionscadal cosáin a fhorbairt don bhliain 2023. |
| **An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)** | In 2022, bhuaigh an clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) Gradam Seirbhíse Poiblí na Náisiún Aontaithe 2022. Tugann an gradam mór le rá, sa chatagóir “Athléimneacht institiúideach agus freagairtí nuálacha ar phaindéim COVID-19” aitheantas idirnáisiúnta do phríomhchlár ionchuimsithe shóisialta na hÉireann.<br><br>In 2022, bronnadh €5,834,867 ar SICAP Chathair Bhaile Átha Cliath agus mar aitheantas ar an ionchur leanúnach atá á dhéanamh ag an gclár do fhreagraí an phobail áitiúil ar dhaoine a thagann ón Úcráin, cuireadh maoiniú breise €493,721 ar fáil. In R1 2022, rinneadh athbhreithniú agus faomhadh tuarascálacha feidhmíochta agus pleananna feidhmíochta Deireadh Bliana 2021 do 2022. Thug an CFPÁ dá aire go ndearna na PInna go han-mhaith ag comhlíonadh agus ag sárú a spriocanna i bhfianaise na ndúshlán leanúnach a bhaineann le COVID-19 maidir le seachadadh seirbhíse.<br><br>Sheol Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Ciste Gníomhaíochtaí Pobail (CAF), arna mhaoiniú ag an DRCD, i mí an Mhárta 2022. Bhí €427,358 san iomlán ar fáil faoin mbabhta maoinithe seo. Fuarthas 157 iarratas iomlán ar líne ag lorg thart ar € 2.4milliún. Moladh 61 grúpa le faomhadh.<br><br>Chuaigh CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le The Wheel chun rochtain a chur ar fáil do ghrúpaí áitiúla pobail agus deonacha neamhbhrabúis i gCathair Bhaile Átha Cliath ar acmhainní, lena n-áirítear Leabharlann agus Deasc Chabhrach um Thiomsú Airgid an Wheel agus an Fundingpoint Local Digest démhíosúil atá dírithe ar Chathair Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn faisnéis cothrom le dáta faoi fhoinsí malartacha inmharthana de mhaoiniú áitiúil, náisiúnta agus AE a bhféadfadh grúpaí áitiúla iarratas a dhéanamh orthu. Cuireadh sé eagrán de Fundingpoint Local Digest Chathair Bhaile Átha Cliath ar fáil ar dublincity.ie in 2022.<br>Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le cúnamh ó Chomhairle Contae Lú, maoiniú €188,650 in 2021 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) a leithdháileadh i dtreo an Chláir Phíolótaigh um Fhorbairt Ceannaireachta Áitbhunaithe (PBL-D), a cuireadh i bhfeidhm i gceantair Dharndál agus Dhroichead Átha in 2021/22.<br>Síníodh comhaontú maoinithe idir DRCD, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Inner City Organisations Network (ICON) maidir le leithdháileadh €125,000.00 na Roinne chun tacú le Tionscadal Forbartha Pobail Píolótach ICON. Thriail an tionscadal sin idirghabhálacha faoi stiúir an phobail a thugann aghaidh ar bhochtaineacht, eisiamh sóisialta agus neamhionannas agus cearta an duine a chosaint.<br><br>In 2022 d’fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Clár chun Pobail a Chumasú (ECP) le maoiniú €120,000 leithdháilte ar an dá sprioclimistéar i mBaile Átha Cliath. |

# An Rannóg Tithíochta & Pobail ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Tá obair ar siúl chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua a athbhreithniú agus a ullmhú do Chathair Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh Grúpa Comhairleach ina bhfuil baill ón LCDC agus ón gCoiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíoch & Fiontair, a dhéanfaidh maoirseacht ar an bpróiseas, acmhainní, amlíne, comhairliúchán agus cuimsiú agus a spreagfaidh iad. Tharla sé chruinniú den ghrúpa seo in 2022. Tá Grúpa Comhairleach an LECP ag críochnú na ndréacht-Spriocanna Ardleibhéil (HLGanna) agus dréacht-Ráiteas Socheacnamaíoch a ghabhann leis do Chathair Bhaile Átha Cliath. Beidh na dréacht-HLGanna ina n-ábhar do chlár rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus do chomhairliúchán poiblí faoi Chéim 2 den phróiseas go nglacfar le LECP athbhreithnithe 2023 go 2028.<br><br>D'éirigh leis an LCDC €246,050 a fháil faoin gCiste Éire Shláintiúil agus an Ciste Meabhair-Shláinte Pobail 2019-2022, Babhta 3. I measc ghníomhartha Éire Shláintiúil faoi Bhabhta 3 in 2022 bhí rolladh amach rathúil an chláir Change 4 Life tríd an gComhpháirtíocht Spóirt agus Folláine. Faoin gCiste Meabhairshláinte Pobail, thug Pavee Point tacaíocht do fhreagraí comhoibríocha chun aghaidh a thabhairt ar Mheabhairshláinte an Lucht Siúil i bpobal áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá leithdháileadh sonrach de €30,000 curtha ar fáil do gach Údarás Áitiúil do Scéim na nDeontas Beag – Meabhairshláinte sa Phobal. Maoiníodh an clár Ceannaireachta Sóisearaí, de chuid an YMCA, le maoiniú ó bhabhta 3 den chlár Éire Shláintiúil. Dhírigh sé ar 26 duine óg áitiúil ó Pimlico agus na Saoirsí chun iad a chumhachtú le bheith ina gceannairí óga ina bpobal áitiúil. I Ráithe 3 de 2022 seoladh Babhta 4 Éire Shláintiúil le béim nua ar spriocanna ardleibhéil chun aghaidh a thabhairt ar chinntithigh shóisialta na sláinte. Leithdháileadh méid beag maoinithe chun cabhrú leis na spriocanna ardleibhéil seo a ullmhú agus a shocrú i bhfoirm straitéise 3 bliana agus iarratais ar mhaoiniú breise do 2023-2025.<br><br>Mar chathair chomhpháirtíochta i Bloomberg Philanthropies, a mhaoinigh Comhpháirtíocht na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) do Chathracha Sláintiúla (PHC), tacóidh plean cur chun feidhme Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an gcuspóir beartais comhaontaithe Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghníomhach, le maoiniú de $100,000 comhaontaithe do 2023.<br><br>D'aontaigh CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath leis an Roinn Sláinte maidir le tosú agus cur i bhfeidhm Chláir um Phobail Shláintiúla Sláintecare (SHCP) faoi Chomhaontú Seirbhíse. Tá ceithre Réimse Clár um Phobail Shláintiúla Sláintecare aontaithe do Bhaile Átha Cliath agus tá Oifigeach Forbartha Áitiúil (LDO) SCHP ceaptha go rathúil do gach ceann acu, tar éis earcaíocht a tharla go luath in 2022. Forálann an Comhaontú Seirbhíse do mhaoiniú ilbhliantúil le haghaidh foirne, caiteachais ar chláir agus Ciste Feabhsúcháin Pobail tiomnaithe de €1M i ndeontais atá iníoctha i gcoinne tograí mionsonraithe le haghaidh caiteachais ar áiseanna giomnáisiam lasmuigh, clóis súgartha, áiseanna spóirt, cosáin dúlra agus cláir chóitseála agus meantóireachta, i measc nithe eile a aontaíodh leis an Roinn Sláinte. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Sábháilteacht Struchtúr & Áiteanna** | Chuir Rannóg na bhFoirgneamh Contúirteach seirbhís 24 uair an chloig gan bhriseadh ar fáil i rith 2022.<br>Eisíodh 48 Fógra Foirgneamh Contúirteach (DB) (DB1:46 agus DB2:2)<br><br>Teagmhais oibreacha eisceachtúla agus/nó caiteachas:<br>• 2a Ascaill an Fhásaigh, An Chabrach BÁC7 - Fassaugh House Pub, eachtra dóiteáin<br>• Áirse Phlás an Phrísigh, Bóthar Raghnallach, BÁC6 - RPS: 6851 – Damáiste d'áirse<br>• 1/1a & 4a/b Ardán Bhréanbhuirg D8: Gníomh DB mar gheall ar fhaillí agus fíor-dhrochbhail agus gan mórán freagra/gan freagra ar bith ó úinéirí áitribh. Críochnaíodh oibreacha in Eanáir 2022 |
| **Seirbhís um Leas Ainmhithe** | Leanann an Rannóg um Leas Ainmhithe ag obair go dlúth leis an gCoiste Maoirseachta um Leas Ainmhithe a tháinig le chéile 5 huaire i rith na bliana chun an clár oibre um Leas Ainmhithe a chur chun cinn i gCathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Tá conraitheoir nua i bhfeidhm chun Seirbhís Dídine Madraí a chur ar fáil don Chomhairle agus tá trealamh nua á shocrú, lena n-áirítear láimhseáil madraí, iompar madraí agus trealamh sábháilteachta.<br><br>Faoin Acht um Rialú Capall 1996, gabhadh 43 capall; aistríodh 36 capall chuig My Lovely Horse Rescue agus tugadh 7 ar ais d'úinéirí. Eisíodh 12 ceadúnas capaill.<br><br>Tá an fhorbairt ar ardán Meán Sóisialta dírithe ar Leas Ainmhithe beagnach i gcrích. |

# Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Cosaint Shibhialta** | Ba bhliain an-ghnóthach í 2022 do Chosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath mar Eagraíocht Dheonach Reachtúil Ar an 16 Márta 2022 cuireadh de chúram ar ár nÓglaigh Ionaid Shuaimhnis Éigeandála a bhunú d'Úcránaigh. Bhí páirt ghníomhach ag Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath i bhFóraim Phobail na nÚdarás Áitiúil, i gcruinnithe na Foirne Réigiúnaí agus i gcruinnithe na Foirne Náisiúnta.<br><br>Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 336 oibrí deonach gníomhach ann.<br><br>• Iarratais ar Chabhair: 438<br>• Iarratais ar Chabhair ó Ionaid Shuaimhnis: 198<br>• COVID-19: Iarratais Oibríochtaí (Ionad tástála othar, Coinní othar, Trealamh ospidéil, Seachadtaí Cógais, Seirbhís Fuilaistriúcháin, Seachadadh Bia, Cóimeáil Trealamh Tástála PCR don FSS agus pacáistí TCP do DFB/FSS): 25<br>• Imeachtaí Pobail/Spóirt: Áras an Uachtaráin, Imeachtaí Stáit dé chuid Oifig na nOibreacha Poiblí, Staid Aviva, Staid Thamhlachta, Baile Bhairéad, imeachtaí éagsúla pobail. Iarratais: 164<br>• Cúnamh Ganntanas Uisce (Fearas Dóiteáin/Tancaer Uisce): Ospidéal Lúcáis, Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe, Óstán North Star etc. Iarratais: 23<br>• Iarratais ar Chuardaigh do Dhuine ar Iarraidh: 9<br>• K9: Iarratais ar Chuardaigh do Dhaoine ar Iarraidh i gContaetha Eile: 12<br>• Báid Tarrthála: Cuardaigh do Dhaoine ar Iarraidh: 7<br><br>Caiteachas Iomlán: €1,376,066 |
| **Feidhmiú na Seirbhíse Dóiteáin** | In 2022 láimhseáil Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath 221,410 glao éigeandála 999/112. Rinneadh 82,450 slógadh ar sheirbhísí leighis éigeandála ar fud na gceithre Údarás Áitiúil agus 34,693 slógadh dóiteáin agus tarrthála.<br><br>Úsáideann DFB 12 stáisiún dóiteáin lánaimseartha agus 2 stáisiún dóiteáin coinnithe, Ionad Cumarsáide Réigiún an Oirthir (ERCC), saoráid Ionaid Oiliúna atá creidiúnaithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, Rannóg um Chosc/Forfheidhmiú Dóiteáin, Rannóg Riaracháin agus Rannóg Lóistíochta chun an tseirbhís seo a fheidhmiú go héifeachtúil.<br><br>Ionas a chinntiú gur féidir linn seirbhís ghairmiúil dhearbhaithe a sholáthar i gcás éigeandála, déanaimid cleachtaí ionsamhlúcháin i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Garda Cósta na hÉireann agus Óglaigh na hÉireann. Ba bhliain í 2022 inar fheabhsaigh DFB oiliúint ar líne do gach pearsanra, rud a chuir ar chumas pearsanra taithí a fháil ar chásanna réadúla teagmhais atá riachtanach chun a chinntiú go bhfuil pearsanra DFB inniúil agus muiníneach sa chaoi a dtéann siad i ngleic leis an raon leathan teagmhas a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt orthu ar bhonn laethúil.<br><br>In 2022, chuir DFB fáilte roimh 107 earcach nua isteach sna céimeanna oibríochta. Tá na hearcaigh nua tar éis dul i mbun a bpost nua in éineacht le Comhraiceoirí Dóiteáin/ Paraimhíochaineoirí a bhfuil taithí acu ar fud na sé cheantar. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Cosc Dóiteáin** | Próiseáladh 1,326 Iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán in 2022, lena n-áirítear roinnt mórfhorbairtí ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath.<br><br>Eisíodh 9 bhFógra um Shábháilteacht ó Dhóiteán in 2022 ar chineálacha éagsúla foirgneamh a bhaineann le heasnaimh éagsúla sábháilteachta ó dhóiteán.<br><br>Tá freagrachtaí reachtúla ar Rannóg um Chosc Dóiteáin agus Sábháilteacht ó Dhóiteán Pobail DFB as áiteanna tionóil phoiblí a cheadúnú. De réir mar a fhillimid ar thimpeallacht oibre cumaisc, rinne gnólachtaí inár bpríomhchathair iarracht leanúint ar aghaidh ag úsáid an mhúnla de phroinn lasmuigh a bhí thar a bheith rathúil, a bhí forbartha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun tacú le gnólachtaí le linn phaindéim COVID-19. In 2022 rinne foireann laistigh den Rannóg um Chosc Dóiteáin & Sábháilteacht ó Dhóiteán Pobail ionadaíocht ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ag cruinnithe Téarnaimh Cathrach d'fhonn bealaí breise a iniúchadh chun tacú le gnólachtaí sa lá atá inniu ann. Leanfar den obair seo in 2023.<br><br>In 2022 thógamar ar ár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtíochtaí a fhorbairt trí fhaisnéis chabhrach maidir le sábháilteacht ó dhóiteán a sholáthar agus ár bhfeachtas feasachta a mhéadú. Cruthaíodh 6 fhógra leis na príomhtheachtaireachtaí a theastaigh uainn a chur chun cinn istigh iontu agus taispeánadh an feachtas #RED4ready le linn na seachtaine sábháilteachta ó dhóiteán.<br><br>I gcomhar leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála seachadadh 1,406 aláram deataigh do ghrúpaí pobail agus do dhaoine a raibh aláram de dhíth orthu.<br><br>Bhí Rannóg um Chosc Dóiteáin & Sábháilteacht ó Dhóiteán Pobail an DFB páirteach go hiomlán i líon mór imeachtaí ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath agus chuir sí comhairle ar fáil dóibh.<br><br>Is ról de chuid Rannóg um Chosc Dóiteáin & Sábháilteacht ó Dhóiteán Pobail an DFB iad Tionscadail Speisialta freisin. Táimid páirteach go gníomhach sna tionscadail seo chun comhairle theicniúil agus shábháilteachta ó dóiteán a thabhairt chun freagairt Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath do mhórthionscadail a fheabhsú. Seo a leanas cuid de na príomhthionscadail faoi láthair: tionscadal MetroLink i gcomhar le Rannóg Oibríochtaí DFB agus i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann TII; tionscadal Oidhreachta agus Sábháilteacht ó Dhóiteán i bhFoirgnimh i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall; Próiseas Athbhreithnithe Iar-Thine; ag obair le DRHE ar chóiríocht do dhaoine gan dídean mar fhreagairt ar an ngéarchéim tithíochta agus mar fhreagairt ar ghéarchéim na hÚcráine. |

# An Roinn Comhshaoil agus Iompair

## Seirbhísí Bóithre agus Tráchta

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Cothabháil agus Feabhsú Bóithre** | Chuir Seirbhísí Cothabhála Bóithre clár Oibreacha Bliantúla ar fiú €17.1 Milliún é ar fáil in 2022 le 12km de charrbhealach á athdhromchlú agus/ nó á atógáil, 18km de chosáin á ndeisiú/ agus á n-athnuachan agus uasghrádú ar thart ar 1.5km lánaí rothaíochta.<br><br>I rith 2022, réitigh an Chomhairle Cathrach os cionn 7,200 fiosrúchán ó chustaiméirí agus iarratas ar sheirbhís. Ina theannta sin, le linn na tréimhse céanna deisíodh os cionn 5,900 fabht agus guais ar an ngréasán bóithre agus/nó baineadh an dochar astu. Chomh maith leis sin, deisíodh 403 fabht agus guaiseach criticiúil agus/nó rinneadh sábháilte iad laistigh de 24 uair ó taifeadadh iad.<br><br>Cuireadh an Clár Cothabhála Geimhridh i bhfeidhm go rathúil. Rinneadh monatóireacht laethúil ar na dálaí aimsire réamh-mheasta i rith mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí Aibreáin. Cuireadh grean le trí chéad ciliméadar den ghréasán bóithre ar cheithre ócáid is tríocha ar leith, nuair a bhí coinníollacha reo tuartha. |
| **Soilsiú Poiblí** | Choinnigh soilsiú poiblí a n-amanna freagartha, coinníodh bristeacha faoi bhun 2% agus freastalaíodh ar 90% de na fabhtanna a thuairiscigh an pobal laistigh de 5 lá oibre. Coinníodh an tseirbhís glaonna amach éigeandála i bhfeidhm i rith na bliana freisin gan aon bhriseadh sa tseirbhís.<br><br>Bunaíodh creat in 2022 don uasghrádú mór cúig bliana ar an mbonneagar soilsithe poiblí ar fud na cathrach agus tá conraitheoir rathúil ceaptha anois do chonradh 1 a thosóidh in 2023. |
| **Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre** | • Ceathrú Shráid Grafton<br>• Scéim Feabhsúcháin Rae Clarendon curtha i gcrích<br>• Iarratas pleanála Chuid 8 do Cheantar Shráid an Diúic/Shráid Anna curtha isteach<br>• Creat ilpháirtí le haghaidh comhaontú chun oibreacha a dhéanamh i dtimpeallacht Chathrach agus Fho-uirbeach le haghaidh conarthaí ar mó iad ná €1 mhilliún agus ar lú iad ná €5 mhilliún<br>• Conradh Oibreacha Ríochta Poiblí Shráid na Life bronnta<br>• Cearnóg Bharra an Teampaill - Eisíodh cuirí chun Tairisceana<br>• Rinneadh dul chun cinn maidir le hOibreacha Bonneagair Saileoige ar an láithreán<br>• Rinneadh dul chun cinn ar Scéim Phríomhshráid Bhéal Maighne agus ar Scéim Ascaill Bhéal Maighne ar an láithreán<br>• Cuireadh oibreacha Shráid San Proinsias chun cinn ar an láithreán<br>• Críochnaíodh painéil shamplacha clárchosáin na Life laistigh den chlárchosán atá ann cheana<br>• Fuarthas faomhadh Chuid 8 do Shráid na Bearú. Doiciméid Tairisceana ullmhaithe |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
| --- | --- |
| **Bainistíocht Tráchta & Sábháilteacht ar Bhóithre** | Coinníodh na gníomhaíochtaí cothabhála agus práinnfhreagartha go léir ag feidhmiú go hiomlán agus deisíodh lochtanna móra ar gach acomhail laistigh de 5 uair, acomhail ríthábhachtacha laistigh de 2.5 uair agus lochtanna eile laistigh de lá amháin. Léiríonn seo rath ar 99.7% den Phríomhtháscaire Feidhmíochta.<br><br>Cothaíodh an t-ionad rialaithe tráchta agus foireann 24*7 ann agus dhéileáil na hoibreoirí le gach glao éigeandála iar-ama do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.<br><br>Tugadh faoi na mór-idirghabhálacha seo a leanas in 2022.<br>• Cruthaíodh sráid saor ó thrácht bhuan de Shráid Chéipil agus rinneadh athbhreithnithe ar shocruithe rochtana agus ar bhainistíocht tráchta laistigh den cheantar<br>• Rinneadh codanna de Shráid Jervis ina shráid dhá threo chun cabhrú leis na socruithe tráchta sa cheantar.<br>• An dearadh nua d'Fhaiche an Choláiste/Shráid an Dáma curtha chun cinn le tairiscint d'fhoireann deartha nua á heisiúint<br>• Cur i bhfeidhm lána bus in aghaidh an tsrutha Shráid an Fhíona chun an droim G a chumasú, lena n-áirítear athruithe bainistíochta tráchta sa cheantar máguaird<br>• Cuireadh triail ar scéim rochtana srianta Ascaill Belmont isteach<br>• Uasghrádú ar acomhal Bhóthar Sheáin Uí Mhóra / Bhóthar an Chladaigh chun go mbeidh sé comhlíontach ó thaobh míchumais de<br>• Leanadh ar aghaidh le criosanna scoile agus bealaí sábháilte chun na scoile a chur i bhfeidhm<br>• Cosaint leanúnach ar lánaí rothaíochta atá ann cheana agus dul chun cinn suntasach á dhéanamh ar Ascaill Uí Ghríofa agus oibreacha móra acomhail críochnaithe ar acomhail bhóthair Bhóthar Shoird agus Bhóthar Mobhí agus colbhaí easbhrúite feadh codanna móra d'Ascaill Uí Ghríofa curtha in ionad na mullard<br>• 40 imeacht curtha ar fáil ar fud na gcúig réimse riaracháin mar chuid de Sheachtain na Rothar, a shroich lucht féachana/éisteachta de 6,090.<br>• Socraíodh Mol Rothair i bPáirc Éamoinn Ceannt.<br>• Seachadadh 216 áit pháirceála rothaíochta ar an tsráid agus seachadadh 980 spás do pháirceáil rothaíochta agus scútar chuig 20 scoil.<br>• Tá 20 gnó cláraithe ag an scéim ríomh-rothar lastais do ghnólachtaí anois chun an scéim seo a úsáid.<br>• Cuirtear 230 maor scoile ar fáil i scoileanna ar fud na cathrach agus ghlac 26 scoil agus 1,114 scoláire páirt sa chlár Cycle Right.<br>• Fuair an Grúpa Comhairleach Tráchta (TAG) 1045 iarratas seirbhíse ar fud cheantair na Comhairle, scrúdaigh na hinnealtóirí TAG agus rinne siad moltaí maidir le 820 earra in 2022 ag moladh 392 iarratas. |

# An Roinn Comhshaoil agus Iompair ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach** | Bunaíodh Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach (AcTPrO) i mí Feabhra 2022 agus é beartaithe ann tosaíocht a thabhairt agus seachadadh bonneagair taistil ghníomhaigh a bhrostú ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Ag baint úsáid as Plean Líonra Rothaíochta GDA 2013 an NTA, d'fhorbair AcTPrO Líonra Taistil Ghníomhaigh beartaithe do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina raibh 310 ciliméadar agus 80 tionscadal taistil ghníomhaigh éagsúil. D'fhorbair AcTPrO sceideal imlíneach 10 mbliana freisin chun an Líonra Taistil Ghníomhaigh a sheachadadh bunaithe ar leithdháiltí tuartha d'acmhainní.<br><br>Seoladh an líonra beartaithe, in éineacht le cáipéisí tacaíochta agus léarscáil idirghníomhach (GIS), go hoifigiúil ag ócáid a tionóladh in Ionad na Cé Adhmaid i mí Dheireadh Fómhair.<br><br>Taobh amuigh de mholtaí an líonra, d'éirigh trí thionscadal taistil ghníomhacha gabháil chomh fada céim na tógála le linn 2022: Cluain Tarbh go Lár na Cathrach, Glasbhealach na Dothra (Páirc Hoirbeaird go Bóthar Dhomhnach Broc) agus Oibreacha Feabhsúcháin na Canálach Móire Theas. Seachadfaidh na tionscadail seo thart ar 7 gciliméadar den Líonra Taistil Ghníomhaigh.<br><br>In éineacht leis na tionscadail ag céim na tógála, chuir AcTPrO tús le thart ar 23 tionscadal agus/nó chuir siad ar aghaidh iad chuig céim an deartha nó an chomhairliúcháin phoiblí.<br><br>Cuimsíonn 14 de na tionscadail seo 'scéimeanna eatramhacha' a bhfuil sé mar aidhm acu dlús a chur faoi eispéireas siúil, rotha agus rothaíochta níos sábháilte sula seachadtar an scéim bhuan ina dhiaidh sin. Tá sé beartaithe go rachaidh roinnt scéimeanna eatramhacha a bhfuil tús curtha leo, chomh fada le céim tógála le linn 2023. |

# Seirbhísí Uisce

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Uisce Éireann** | Leanann Seirbhísí Uisce, Draenála agus Fuíolluisce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú faoin 9ú bliain den Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann. Thaifead Uisce Éireann dul chun cinn maith faoi Phlean Seirbhíse Bliantúil 2022 le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Tar éis plé an WRC, tá Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe nua curtha le chéile chun teacht in ionad an Chomhaontaithe Seirbhíse atá ann cheana a chuirfidh ar chumas Uisce Éireann bainistíocht agus rialú díreach a dhéanamh ar Sheirbhísí Uisce i rith 2023. |
| **Oibríochtaí agus Cothabháil Uisce Dromchla** | Glanadh 118,131 silteán san iomlán in 2022, méadú 6% ar 2021.<br><br>Fuarthas dhá fheithicil bheaga leictreacha chun cabhrú le cothabháil lintilí ar bhonneagar rothaíochta. |
| **Oifig na dTionscadal Cosanta Tuilte** | Críochnaíodh suirbhéanna drón balla na cé ar an Life & Cluain Tarbh. Críochnaíodh suirbhéanna sioltacháin freisin. Tá measúnú á dhéanamh ar cheantair lochtacha trí dhearadh bóithre agus trí Oifig na dTionscadal Cosanta Tuilte.<br><br>Críochnaíodh an neartú ar bhallaí Ché Mhic Liam.<br><br>Ceapadh comhairleoir do Scéim Tuile na Dothra, Cluain Sceach go Droichead Orwell agus cuireadh suirbhéanna topagrafacha agus comhshaoil i gcrích. Tá réamhroghanna maolaithe tuilte á bplé le príomhpháirtithe leasmhara.<br><br>Críochnaíodh tógáil na gcosaintí tuile ar Bhóthar Chnoc na Feá agus ar Rae na mBéabhar de réir na gcaighdeán náisiúnta.<br><br>Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte curtha i gcrích don Phlean Forbartha nua chomh maith le hathruithe ar pholasaithe tuilte agus ar pholasaithe nua maidir le conairí abhann. Gach forbairt nua atá molta a mheasúnú le haghaidh riosca tuilte.<br><br>Tá an tsamhail ríomhaireachta fíoraithe do Thionscadal um Maolú Tuilte na Camóige agus comhairleoir ag féachaint ar réamhroghanna um Maolú Tuilte.<br><br>Tá Abhainn an Bhaid ag fanacht le tuairimí ón mBord Pleanála ar eolas comhshaoil breise a cuireadh isteach mar gheall ar athruithe sa reachtaíocht.<br><br>Samhaltú tonnta Chnoc an Ghainimh tugtha chun críche. Doiciméid chonartha á gcomhaontú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun comhairleoir nua a cheapadh chun dul chun cinn a dhéanamh ar phromanáid agus ar an gcuid ó thuaidh de seo go Páirc Sheáin Uí Mhóra.<br><br>Rinneadh suirbhéanna ar an mballa farraige atá ann cheana i gCluain Tarbh agus aithníodh bearta feabhais a bhí riachtanach. Rinneadh suirbhéanna comhshaoil agus topagrafacha breise.<br><br>Scéim Maolaithe Tuilte Poddle leis an mBord Pleanála. |

# Seirbhísí Uisce ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Cothabháil Draenála** | Coinníodh an líonra Uisce Dromchla a bheith ag obair ar chaighdeán is fearr is féidir. Rinneadh deisiúcháin ar shéaraigh uisce dromchla chomh maith le naisc agus athsholáthar lintilí. Thug an Chomhairle Cathrach freagra ar go leor eachtraí báistí/tuilte troma chomh maith le líon beag taoidí arda agus thug sí freagraí éigeandála ar eachtraí tuilte de réir mar a tháinig siad chun cinn. |
| **Pleanáil Draenála, Beartas agus Rialú Forbartha** | Leanadh ar aghaidh ag cuir ionchuir draenála ar iarratais phleanála ar fáil, lena n-áirítear Forbairtí Mórscála Cónaithe, agus thug sé comhairle ar PCÁnna, CFSanna agus scéimeanna caipitil. Cuireadh ionchur draenála ar fáil ar mhórthionscadail bhonneagair nua mar Metro, Bus Connects agus scéimeanna rothaíochta éagsúla. Cabhraíodh le hUisce Éireann le hiarratais nua pleanála/iarratais ar nasc. Rinneadh maoirseacht ar oibreacha forbróra agus naisc le córas séarachais uisce dromchla a cheadúnú.<br><br>Tá an Grúpa Oibre SuDS seanbhunaithe anois le hionadaíocht ildisciplíneach ó Dhraenáil, WFD, Bóithre, Athrú Aeráide, Páirceanna, Ailtirí Cathrach agus Pleanáil.<br><br>D'aontaigh an Grúpa Oibre 3 aguisín nua leis an bPlean Forbartha nua a thacaíonn le beartais sa phlean sin. Áirítear leo siúd:<br>• Pleananna Bainistíochta Uisce Dromchla.<br>• Treoir SuDS<br>• Beartas um Dhíonta Gormghlasa<br><br>Tugadh trí dhoiciméad treorach nua isteach:<br>• Treoir maidir le Dearadh agus Meastóireacht SuDS<br>• Treoir um Díonta Gormghlasa<br>• Treoir Iarfheistithe SuDS<br><br>Tá na beartais nua sin i bhfeidhm anois mar atá riachtanach do Phleananna Bainistíochta Uisce Dromchla agus do Mheasúnuithe Tionchair Íoslaigh nuair is infheidhme. |
| **Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn** | In 2022 fuarthas 275 gearán san iomlán, admhaíodh iad, imscrúdaíodh iad agus tugadh freagra orthu laistigh de 3 lá oibre.<br><br>Ag tús 2022, bhí 9 gceadúnas gníomhach urscaoilte ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ar deonaíodh 6 acu don earnáil tógála. Tháinig deireadh le hurscaoileadh ag 4 i rith 2022, agus ceadúnaíodh 2 láithreán nua i rith an fhráma ama seo. Tógadh 206 sampla d'eisilteach trádála ar fud láithreáin cheadúnaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2022.<br><br>Thar ceann na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sampláil oibríochtúil agus faireachais ar 5 abhainn tosaíochta: An Tulcha, an Dothra, an Life, Abhainn Sheantraibh agus an Chamóg. Tógadh 573 sampla imscrúdaitheach in 2022 chun cabhrú le brúnna suntasacha a aithint i ndobharcheantair abhann.<br><br>Rinneadh 1,449 cigireacht ar mhícheangail in 2022. Thángthas ar 49 fearas mícheangailte, agus atreoraíodh 44 acu faoi dheireadh 2022.<br>Tógadh 20 sampla sceidealaithe d'uisce snámha ag 8 suíomh uisce snámha. Tógadh 111 sampla eile lasmuigh den séasúr. Eisíodh 6 rabhadh roimhe seo i rith shéasúr 2022. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Ardaíodh 6 chosc shealadacha ar uisce snámha tar éis meath a bheith deimhnithe nó amhrasta ar cháilíocht an uisce snámha.<br><br>Lean Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de bheith ina cathaoirleach ar an tascfhórsa Uisce Snámha.<br><br>Ceapadh sainchomhairleoirí ar Thionscadal Athchóirithe agus Glasbhealaigh Abhainn Sheantraibh ar an 4 Iúil 2022 agus cuireadh tús le bailiú agus anailís sonraí, chomh maith le comhairliúchán le páirtithe leasmhara, i Ráithe 3 2022.<br><br>Aithníodh cúig shuíomh don Tionscadal Píolótach um Bonneagar Glas (GI) /Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SUDS) (Rainscapes). Tá an Oifig um Chosaint Dobharlach ag obair chun an tionscadal seo a sheachadadh ar an láthair sa dara ráithe de 2023.<br><br>Ceapadh an Conraitheoir ar na hOibreacha Feabhsúcháin Lintéir– Oibreacha Uasghrádaithe Scáileáin agus tá na hoibreacha tógála ar siúl faoi láthair.<br><br>Cheap ceithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath, trí Fhoireann Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, sainchomhairleoirí - tar éis próiseas tairisceana - chun an chéad atriall eile (Babhta 4) de léarscáileanna torainn réigiún Bhaile Átha Cliath agus plean gníomhaíochta torainn a ullmhú faoi Threoir an AE maidir le Torann Comhshaoil. Críochnaíodh na dréacht-léarscáileanna torainn agus cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) iad faoi dheireadh 2022 agus ar an gcaoi sin comhlíonadh an spriocdháta reachtúil chun léarscáileanna a chur isteach.<br><br>Críochnaíodh an ghné monatóireachta aeir de Thionscadal Airview, ar chomhshaothar é idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Goggle, i mí Lúnasa 2022. Ansin rinneadh diananailís ar na sonraí d’fhonn torthaí agus léargais an tionscadail a sheoladh i Ráithe 1 2023. |

# Seirbhísí Comhshaoil

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| Oibriú Áiseanna Aisghabhála & Athchúrsála | • 34,700 tonna d'ábhair a curtha ar fud Ionaid Fóntas Poiblí, Ionaid Fág Anseo agus Ionaid Fág Anseo ar an tsráid<br>• Athosclófar ionaid ag am lóin ag gach Comhairle Cathrach tar éis deireadh a chur leis na ceanglais maidir le scaradh sóisialta a bhaineann le COVID<br>• Uaireanta oscailte sínte d'áiseanna thar thréimhse na Nollag agus athchúrsáil crann Nollag saor in aisce ar fáil ag 11 láthair. 190T de chrainn a bailíodh agus a seoladh lena bpróiseáil chuig múirín agus millíní adhmaid.<br>• Triail de leabhar Oxfam, iris, bainc CD, DVD ag Ionad Fóntas Poiblí na Rinne curtha i gcrích go rathúil. Rachaidh ábhair a aisghabhfar isteach sa gheilleagar ciorclach arís trí líonra siopaí carthanachta Oxfam Ireland. Cuirfear bainc Oxfam i bhfeidhm ar shuíomh Ionad Fóntas Poiblí na Trá Thuaidh agus i líonra na nIonad Fág Anseo in 2023.<br>• Leanadh ar aghaidh le beochan na mbanc buidéal in áiteanna an-fheiceálacha agus le hathphéinteáil na mbanc buidéal ar an tsráid.<br>• 925T de dhuilleoga a bailíodh ó scuabadh sráide a seoladh le haghaidh múirínithe. Málaí inmhúirínithe curtha ar fáil do ghrúpaí cónaitheoirí.<br>• 263 scoil ag glacadh páirt i gClár na Scoileanna Glasa |
| Bainistíocht Bruscair | • Óstáladh Dámhachtainí Comórtas Mórtas Ceantair IPB 2022<br>• Fuarthas 219 iontráil i gComórtas Comharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath 2022<br>• Chuir 15 ghrúpa isteach ar chomórtas na mBailte Slachtmhara agus bhuaigh Bailte Slachtmhara Bhaile Munna Gradam Náisiúnta an Gheilleagair Chiorclaigh urraithe ag an GCC<br>• Cúnamh curtha ar fáil do níos mó ná 4,800 grúpa Pobail lena nglantacháin i rith na bliana<br>• Bhí Glantachán Foirne Bhaile Átha Cliath ar siúl i gcomhar leis an nGlantachán Náisiúnta Earraigh le breis agus 80 grúpa<br>• Reáchtáladh Lá Glantacháin Pobail Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2022 le thart ar 40 grúpa<br>• Feachtas feasachta frithdhumpála ag bainc buidéal agus bainc éadaí sa chathair<br>• Ball den fheachtas 'Tabhair Grá don Áit seo - Ná Fág Aon Lorg'<br>• Críochnaíodh 540 Suirbhé Monatóireachta Bruscair agus 40 Suirbhé Cainníochtaithe Bruscair atá mar chuid den Chóras Náisiúnta Monatóireachta ar Thruailliú Bruscair<br>• Triail ar thionscadal 'bosca bruscair mála' curtha i gcrích i lár na cathrach agus tuarascáil foilsithe<br>• 6 thionscadal a maoiníodh faoin Tionscnamh Frithdhumpála<br>• Athstruchtúrú na feidhme Maor Bruscair tugtha chun críche<br>• Méadú leanúnach ar bhoscaí bruscair ar fud na cathrach, 65 aonad athchúrsála ar an tsráid anois i lár na cathrach agus triail bhreise ag promanáid Chluain Tarbh<br>• Rannpháirtíocht na meán sóisialta ag 62,000 do 2022 agus láithreacht láidir ar fud na meán sóisialta ag cur béim ar theachtaireachtaí oideachais agus ar an obair a bhain oibríochtaí amach |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Glanadh Sráideanna** | • Tháinig laghdú ar shóisialú lasmuigh in 2022 i gcomparáid le 2021<br>• Cuireadh boscaí bruscair sealadacha ann ag limistéir ina mbíonn líon ard daoine ann go séasúrach mar bheart réamhghníomhach<br>• Seoladh sceideal glantacháin sráide Ar Líne, ag tacú le hinfheictheacht mhéadaithe don phobal maidir le hamanna glantacháin do bhealaí cónaithe<br>• Seoladh an Mhoil Saoránach, rolladh amach agus oiliúint le haghaidh oibríochtaí<br>• 2500 suirbhé Grádú Sráide curtha i gcrích<br>• Bhí torthaí IBAL ag feabhsú i rith na bliana agus bhí tuairimí an-dearfach ann maidir le croí lár na cathrach<br>• Feachtas bailithe titim duillí rathúil le deighilt agus bailiú 924T<br>• Athchóiriú ar iosta na Trá Thuaidh curtha i gcrích<br>• Clár freagartha Oíche Shamhna comhordaithe go rathúil agus dramhaíl atreoraithe ó shuíomhanna tine cnámh féideartha<br>• Fuarthas 9,729 iarratas ar dhumpáil neamhdhleathach atá ag dul i laghad ó 2021<br>• 888 gníomh forfheidhmithe déanta faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar |
| **Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht & Forfheidhmiú** | Rinneadh roinnt iniúchtaí maidir leis na scéimeanna tionscnaimh um fhreagracht táirgeoirí éagsúla le haghaidh Boinn Dramhaíola, Dramhaíl Leictreach, Pacáistiú agus Feithiclí Deireadh Ré. Rinneadh athbhreithniú ar 533 Plean Dramhaíola Tógála agus Scartála agus freagraíodh dóibh. Cinntíonn sin cleachtas cuí ó thaobh Forfheidhmiú Dramhaíola agus Forfheidhmiú Pleanála de.<br><br>• Líon na bhFógraí Muirir Seasta a eisíodh: 22<br>• Líon na nGearán a fuarthas agus a imscrúdaíodh: 224<br>• Líon na ngearán a dúnadh in 2022: 180<br>• Líon na ngearán in 2022 gan réiteach: 44<br>• Líon na gcomhad cúirte forfheidhmithe a cuireadh faoi bhráid an Ghníomhaire Dlí: 25<br><br>D'oibrigh Forfheidhmiú Dramhaíola go dlúth freisin leis an nGarda Síochána, leis an NTFSO agus leis na WERLAnna.<br><br>Léiríonn figiúirí dheireadh na bliana gur baineadh amach na spriocanna a bhí beartaithe do 2022 agus léireofar iad i dtuarascáil RMCEI an EPA don bhliain 2022. |
| **Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola** | Leanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le bheith i gceannas ar Oifig Pleanála Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir-Lár Tíre chun an Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach a chomhordú. Baineadh gach sprioc ó 2022 amach. |

# Seirbhísí Comhshaoil ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Gníomhú Aeráide Chathair Bhaile Átha Cliath** | In Aibreán 2022, roghnaíodh Cathair Bhaile Átha Cliath agus Cathair Chorcaí mar an dá chathair in Éirinn ar éirigh leo dul isteach i Misean an AE do 100 Cathair Aeráid-Neodrach Cliste.<br><br>Shínigh an tArdmhéara Alison Gilliland comhaontú le Méaraí Bhéal Feirste, Learphoill agus Mhanchain ag tiomnú na gceithre chathair do chomhoibriú chun céile chun spriocanna neodrachta carbóin a bhaint amach trí eolas, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú.<br><br>In 2022 bhí ceithre dhéthaobhach dírithe ar eispéiris le taisteal gníomhach a chomhroinnt, ag siúl agus ag rothaíocht go sonrach, mar chuid de chlár an AE um Chomhar Idirnáisiúnta Uirbeach agus Réigiúnach (IURC).<br>I mí an Mheithimh 2022 ceadaíodh maoiniú €30,000 dúinn ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí chun tabhairt faoin tionscadal atá beartaithe againn “Tithíocht atá Seasmhach ó thaobh na hAeráide de”.<br><br>D’eagraigh na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath, i gcomhar le Codema agus CARO, an dara ‘Seachtain Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath’ i Meán Fómhair 2022. San iomlán, seachadadh os cionn 50 imeacht ar an láthair agus ar líne ar fud réimsí téama CCAP.<br><br>Reáchtáladh féile lá amháin, ‘Ith na Sráideanna!’ in Ard-Mhúsaem na hÉireann ag Dún Uí Choileáin.<br><br>I mí Mheán Fómhair, sheol an Chomhairle Cathrach agus 13 chathair eile ar fud an domhain an Aip Feachtasóirí Aeráide.<br><br>Tá Straitéis Luchtaithe d’Fheithiclí Leictreacha de chuid Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath tugtha i gcrích anois. Áireofar sa phlean cur chun feidhme saoráidí na Comhairle agus an phobail a shainaithint a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach do phointí luchtaithe Feithiclí Leictreacha.<br><br>Roghnaíodh Baile Átha Cliath go hiomaíoch mar chathair óstach do Circular Economy Hotspot 2023.<br><br>Faoin gCiste um Oileán Comhroinnte déanfar measúnú féidearthachta chun go mbeifear in ann tionscadail chaipitil a fhorbairt i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste a thacaíonn le leathnú an gheilleagair chiorclaigh ar fud an oileáin as a dtiocfaidh Geilleagar Ciorclach Nasctha. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Bhí an Chomhairle Cathrach mar chuid d'iarratas rathúil ar mhaoiniú Fís an AE faoi stiúir Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal 'Cultivate' feasacht agus eolas ar Thionscnaimh Comhroinnte Bia (FSInna) a mhéadú, tuiscint a fháil ar na rudaí a spreagann nó a chuireann bac ar a gcleachtas, agus inbhuanaitheacht, ionchuimsiú agus athléimneacht a chothú i gcórais bia uirbeacha agus il-uirbeacha trí chomhroinnt bia.<br><br>Cuireadh leabhrán treorach le chéile do thuismitheoirí agus scoláirí chun daoine a chur ar an eolas faoi chriosanna na scoile ar bhealach spraíúil. |
| **Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide** | • Chuidigh sí le ceithre fhoireann Gníomhú ar son na hAeráide Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath an tríú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a chur i gcrích do Phleananna Gníomhaíochta um Athrú Aeráide i gcomhar le Codema<br>• Páirt tógtha ann agus eagraithe i gcomhar le DLAnna agus Codema Seachtain Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath 2022 ón 12-18 Meán Fómhair.<br>• Roll sí amach an clár Oiliúna um Ghníomhaíocht Aeráide na nÚdarás Áitiúil i gcomhar le Grúpa Stiúrtha Oiliúna Náisiúnta GBRÁ/LA<br>• Oiliúint Soláthair Phoiblí Ghlais a fhorbairt agus a rolladh amach d'earnáil na n-údarás áitiúil<br>• Threoraigh sí an tionscadal Línte na Farraige  de chuid an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Éire Ildánach i gcomhar le 3 údaráis áitiúil, ealaíontóirí, Coláiste a Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad, Native Events agus páirtithe leasmhara eile<br>• Rinne sé ionadaíocht ar CARO agus ar earnáil na nÚdarás Áitiúil ag an gComhchoiste um Chomhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide i mBealtaine 2022<br>• Chuidigh sí le Straitéis Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a sheoladh i mí an Mheithimh 2022<br>• Comh-mhaoiniú ar thionscadal monatóireachta Díon Glas le UCD<br>• Ghlac sí páirt i dTreoirghrúpa Comhairleach an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil agus rinne sí ionchur<br>• Rinne sí ionadaíocht thar ceann na hearnála Údarás Áitiúil i bhfóraim ábhartha áitiúla, réigiúnacha, earnála agus Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>• Rinne sí ionadaíocht thar ceann na hearnála Údarás Áitiúil i ngrúpaí oibre oiriúnaithe earnála ábhartha<br>• Rinne sí ionadaíocht thar ceann na hearnála Údarás Áitiúil i ngrúpaí taighde ábhartha<br>• Tionscnaimh rannpháirtíochta saoránach a rolladh amach ag leibhéil Náisiúnta agus Áitiúla, mar shampla Clár na gClubanna Glasa CLG agus ceardlanna um Ghníomhaíocht Aeráide a Thacaíonn le Daoine Breacaosta Éireann |

# Seirbhísí Comhshaoil ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| Bainistíocht Flít | Ghlac Bainistíocht Uisce Dromchla le dhá fheithicil leictreacha beaga fóntais agus chuir Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola scuabadóir leictreach beagmhéid amháin lena bhflít in 2022. Tá sé fheithicil leictreacha lódaire-taoibh eile le seachadadh i R2 2023.<br>Tá dúshláin ann ar fad ag baint le haistriú an fhlít LCV go feithiclí leictreacha, go háirithe an líonra dáilte acmhainne leictreachais in Iostaí chun tacú le bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha agus tá costas bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha ina gconstaicí móra ar leictriú.<br>Tá Seirbhísí Bainistíochta Flít ag fiosrú a mhéid is féidir le suiteáil luchtairí cliste feithiclí leictreacha in iostaí atá ann cheana agus oibriú an Chórais Bainistíochta Pointe Luchtaithe na teorainneacha seo a mhaolú ach tá siad ag súil go mbeidh an leictriú is suntasaí ar fhlít na Comhairle i gcomhthráth le hoscailt agus aistriú chuig Iosta Oibríochtaí nua na Cathrach Thuaidh in 2023.<br>Ordaíodh dhá thrucail dumpála gáis nádúrtha chomhbhrúite (CNG) agus an tríú trucail dumpála CNG ag baint úsáid as an gCreat-Chomhaontú le haghaidh ‘Soláthar ar Léas ar Cíos le Cothabháil HGVanna’, a bunaíodh go déanach in 2022. Ordaíodh cúig HGV Díosail ón gcreat seo do WMS agus do Sheirbhísí Tithíochta.<br>Ghlac 282 tiománaí CCBÁC páirt in oiliúint ar Dheimhniú Inniúlachta Gairmiúla (CPC) Mhodúl 3 i rith 2022 |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Pleanáil Chun Cinn** | Dúnadh an tréimhse chomhairliúcháin ar Dhréachtphlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 14 Feabhra 2022. Fuarthas breis agus 4,300 aighneacht. Scaipeadh tuarascáil mhionsonraithe CE ar na haighneachtaí chuig na comhaltaí tofa. Mhol na Comhaltaí, tar éis dóibh na tuairimí a chuir an pobal in iúl a bhreithniú, breis agus 500 rún a thug treoir don Phríomhfheidhmeannach maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus beartais atá le leasú sa Dréachtphlean Forbartha. Chinn na Comhaltaí an Dréachtphlean a leasú ag Cruinnithe Speisialta den Chomhairle i mí Iúil 2022 tar éis breithniú a dhéanamh ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar aighneachtaí a fuarthas agus ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar rúin a fuarthas. Ós rud é gur athrú ábhartha ar Dhréachtphlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a bhí sna leasuithe seo, chinn an Chomhairle na hathruithe ábhartha atá beartaithe a chur ar taispeáint go poiblí reachtúil ar feadh tréimhse cúig seachtaine ón 27 Iúil 2022.<br><br>Chomh maith leis an taispeántas poiblí a bhí ar siúl in áiteanna ar fud na cathrach, cuireadh na cáipéisí poiblí go léir ar an suíomh gréasáin a dearadh go speisialta le haghaidh comhairliúcháin ar an Dréachtphlean – www.dublincitydevelopmentplan.ie agus baineadh úsáid as suíomhanna tiomnaithe meán sóisialta na Comhairle Cathrach chun an tréimhse taispeána athraithe ábhartha a phoibliú. Fuarthas os cionn 1,000 aighneacht/tuairim maidir leis na leasuithe ábhartha beartaithe agus fuarthas 120 rún ó Chomhairleoirí. Ansin rinne Comhaltaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath breithniú ar na leasuithe ábhartha ar Dhréachtphlean Forbartha na Cathrach 2022-2028 agus ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar aighneachtaí a fuarthas agus ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar rúin a fuarthas ag Cruinnithe Speisialta na Comhairle a tionóladh ar an 1 agus an 2 Samhain 2022 agus shocraigh siad glacadh leis an Dréachtphlean.<br><br>Tháinig Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022 - 2028 i bhfeidhm ar an 14 Nollaig 2022. |
| **Straitéis na Ríochta Poiblí** | Faoi láthair tá ceithre phlean Ríochta Poiblí dírithe ar réimsí ar leith den chathair - Ceathrú Shráid Grafton; na Dugthailte, Lár na Cathrach; Barra an Teampaill agus táimid ag obair faoi láthair ar dhréachtphlean Ríocht Phoiblí Limistéar na Margaí.<br><br>Foilsíodh Máistirphlean Lár na Cathrach in 2016. D'éiligh paindéim Covid ath-leithdháileadh spáis ar an tsráid agus úsáidí breise laistigh den ríocht phoiblí. Breithneofar úsáidí nua amhail rothair lastais, gairis soghluaisteachta leictreacha agus an gá atá le pointí luchtaithe chomh maith leis an mbonneagar a theastaíonn chun freastal orthu sa chlár seachadta tionscadail.<br><br>Tá an Clár Tionscadail ag teacht leis an bPlean Forbartha Cathrach agus é ag díriú ar an tréimhse 12 bhliain den chéad dá Phlean Forbartha Cathrach eile. Déanfar tionscadail chéim a haon agus chéim a dó a mheas agus a chur chun cinn i gcomhthéacs ár gcathrach athraithe agus mórthionscadail bhonneagair agus forbartha príobháidí eile. Tá Cearnóg Wolfe Tone, Sráid San Proinsias, Páirc Shráid Bhun Droichid agus Rae Clarendon ar fad seachadta. Tá tionscadail do Shráid na Bearú, Cearnóg Bharra an Teampaill, An Carnán agus Sráid Anna Theas/ Sráid an Diúic/Sráid Lemon idir lámha nó |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | tá cead pleanála faighte acu. Rachaidh tógáil Thionscadal Shráid na Life ar an láthair i mí Eanáir 2023. Samhlaítear go leanfaidh Cearnóg Bharra an Teampaill agus Sráid Anna Theas. Rachaidh Sráid Chathail Brugha agus Sráid an Iarla Thuaidh chuig céim an deartha agus pleanáil Chuid 8. |
| **Pleananna Ceantair Áitiúil/Criosanna Forbartha Straitéisí/ Pleananna Eile** | Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm Phlean Limistéir Áitiúil Ghort na Silíní/na Páirce Thiar i rith 2022.<br><br>Maidir le láithreáin faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach i mí Dheireadh Fómhair 2022, ceadaíodh iarratas Chuid 8 le haghaidh 172 teaghais inacmhainne do Láithreán 1.<br><br>Tá foireann deartha Comhpháirtíocht Phríobháideacha Phoiblí (CPP) curtha in áit do Láithreán 2.<br><br>Tá comhaontú déanta ag an gComhairle Cathrach go dtabharfadh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) Láithreáin 4 & 5 chun pleanála.<br><br>I mí an Mheithimh 2022 thug an Bord Pleanála cead pleanála d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (SHD) do thart ar leath de láithreán 6, do uimh.750 árasán, 750 méadar cearnach miondíola/tráchtála agus 410 méadar cearnach d'aonad naíolainne.<br><br>Tá PCÁ Chluain Ghrífín / Bhéal Maighne á chur i bhfeidhm ar fad agus tá réimse ceadanna pleanála nua á ndeonú in 2021 -2022. I rith 2021 -2022, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tionscadal "Príomhshráid" Bhéal Maighne chun cinn.<br><br>Tá PCÁ Bhaile Munna á bhainistiú agus á chur i bhfeidhm i gcónaí ar fad.<br><br>I rith 2022 leanadh den obair ar thógáil Iosta Oibríochtaí na Cathrach Thuaidh ar thailte an M50.<br><br>Faomhadh próiseas Chuid 8 le haghaidh athdhearadh Phlás Cathartha Bhaile Munna.<br><br>Tá baint fós ag Ó Cualann le roinnt suíomhanna tithíochta i mBaile Munna. Críochnaíodh agus áitíodh 37 teach ag Láithreáin 22 agus 23. Bhí baint ag Ó Cualann freisin le haistrithe talún a chur i gcrích do Láithreán 21, a bhfuil cead acu le haghaidh 11 aonad, agus tá iarratas ar fhóirdheontas tithíochta inacmhainne curtha isteach ag an gComhairle Cathrach do na haonaid sin.<br><br>I mí Lúnasa 2022 fuair Ó Cualann cead pleanála do 36 aonad do sheanóirí d'fhorbairt Chéim 1 de Láithreáin 22 agus 23. Tá Céim 2 do 44 aonad cónaithe inacmhainne móide naíolann sa phróiseas pleanála, faoi láthair, tá iarratas ar fhaisnéis bhreise iarrtha. Ar láithreán 19, chuaigh Ó Cualann ar aghaidh le hiarratas pleanála do 17 n-aonad do sheanóirí agus 34 teach inacmhainne. Tá an t-iarratas seo faoi réir ag iarratas faisnéise breise faoi láthair. Tá aistrithe talún le hArd-deoise Bhaile Átha Cliath le haghaidh úinéireacht an láithreáin ar siúl faoi láthair.<br><br>Ceapadh foireann deartha chun Láithreáin 12 & 14 a dhearadh (leath de Láithreán 14), le haghaidh Tithíocht Inacmhainne. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Láithreáin CPP (Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí) Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: i mí Mheán Fómhair 2022 deonaíodh cead pleanála do 93 aonad do Láithreán 10 (cuid de). Ceadaíodh Láithreáin 5, 15, 16, 17 & 18 do Bheart CPP 5. Tá na tailte ath-chriosaithe ag an gCartún curtha i leataobh le haghaidh Beart CPP 7. Cuimseoidh an láithreán seo athdhearadh/athailíniú Ardán an Chartúin/ Lána Bhaile Bhúiséir chun bealaí Bus Connects a chumasú agus chun an láithreán a éascú le haghaidh tithíochta.<br><br>Tá Láithreáin 11 agus 13 amuigh le haghaidh léirithe spéise i gcreat an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta (CCT). Tá Láithreáin 8 agus 9 á n-ullmhú le haghaidh tuilleadh léirithe spéise. Tá Láithreán 6, a cuireadh i leataobh do thithíocht ar cíos de réir costais de, á phlé le páirtithe leasmhara.<br><br>Maidir le bonneagar, in 2022 cuireadh obair ar thionscadal athailínithe agus tréscaoilteachta Ascaill Shaileoige i gcrích. Tá obair ar an uasghrádú ar Ghairdíní Saileoige ag leanúint ar aghaidh ar an láthair. Tá sé le críochnú faoi dheireadh R1 2023. Tá toiliú pleanála le haghaidh Bus Connects agus Metrolink araon isteach leis an mBord Pleanála. Má cheadaítear na tionscadail seo beidh 2 stáisiún Metro nua i mBaile Munna agus mionathruithe ar ríocht phoiblí na Príomhshráide.<br><br>Leanadh ar aghaidh i rith 2022 le cur i bhfeidhm Scéim Phleanála Chrios Forbartha Straitéisí na Lotaí Thuaidh agus Dhuga na Canálach Móire (CFD na nDugthailte) (an Scéim), leis an gComhairle Cathrach mar Ghníomhaireacht Forbartha.<br><br>I mí an Mhárta 2021 dhiúltaigh an Bord Pleanála an Scéim a leasú de réir mholtaí an athbhreithnithe ar airde foirgneamh a rinneadh de réir cheanglais Threoirlínte an Aire ar “Fhorbairt Uirbeach agus Airdí Foirgneamh”. Lorg Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh de chuid an Bhoird Pleanála. Ar an 7 Eanáir 2022, chuir an Ard-Chúirt cinneadh an Bhoird Pleanála ar neamhní agus chuir an t-iarratas ar ais chuig Bord an Bhoird Pleanála lena bhreithniú agus lena chinneadh.<br><br>Is í an Chomhairle Cathrach an Ghníomhaireacht Forbartha freisin do Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) an Phoill Bhig Thiar. In 2022 cuireadh tús leis an tógáil ar na hoibreacha cumasúcháin chun forbairt Chéim 1 d’iar-láithreáin na Monarchan Buidéal Gloine agus Fabrizia a éascú. Is éard atá sna hoibreacha ná sráideanna, bonneagar iompair, bonneagar seirbhísí uisce, bonneagar fóntais, ríocht phoiblí, spásanna taitneamhachta poiblí, agus tírdhreachú sealadach ar shuíomh scoile.<br><br>I mí an Mhárta 2022, deonaíodh cead pleanála do 630 aonad mar fhorbairt Chéim 1 ar na tailte.<br><br>I mí Mheán Fómhair 2022 cuireadh cead pleanála isteach do Chéim 1b, scéim chónaithe 350 aonad den chuid is mó. |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|

I mí Mheán Fómhair 2022 diúltaíodh cead pleanála le haghaidh "úsáidí idir an dá linn" mar gheall ar scála na n-úsáidí beartaithe, an ghuais tráchta a d'fhéadfadh a bheith ann agus an t-iompar frithshóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann. In 2022 freisin, iarradh tuilleadh faisnéise maidir le 2 iarratas ar leith le haghaidh forbairtí úsáide measctha ar mhórscála.

I rith 2022, leanadh le comhairliúcháin iarratais réamhphleanála ar na tailte.

Tá dul chun cinn á dhéanamh le cur i bhfeidhm láithreán Scéim Pleanála SDZ Ghráinseach Ghormáin.

I mí an Mheithimh 2022, shonraigh Comhairlí Contae Chathair Bhaile Átha Cliath agus Bhaile Átha Cliath Theas Creat Straitéiseach Chéim 2 do Limistéar Bhóthar an Náis / Bhaile an Mhóta / Ghort na Silíní arna mhaoiniú faoi Ghairm 1 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí. Tógadh é seo ar chríochnú rathúil Staidéar Bonnlíne Chéim 1 in 2020.

In 2022 ritheadh Scéim Speisialta um Rialú Pleanála (SSPC) Shráid Uí Chonaill trí rún ó na comhaltaí tofa.

I rith 2022, lean an Chomhairle Cathrach de thionscadail a chur chun cinn faoi Ghairm 1 ón gCiste um Athghiniúint agus Forbartha Uirbí:
- An Creat Straitéiseach um Imeall na Cathrach
- Tionscadal Forbartha agus Athchóirithe Scoile Shráid Rutland
- Tionscadal Athchóirithe Abhainn Sheantraibh

I Lúnasa 2021, dheimhnigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta réamhcheadú chun na tograí a bhaineann le Limistéar Coincheapa 1 Lár na Cathrach Thuaidh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Limistéar Coincheapa 2 na Lárchathrach Theas a chur san áireamh.

Is iad na tionscadail Limistéar Coincheapa Lár na Cathrach Thuaidh a ndearnadh iarratas orthu ná:
- Ríocht Phoiblí na Margaí
- Margadh Torthaí agus Glasraí
- An Chloch Leathan chuig an gCanáil Mhór
- Rae Uí Mharcaigh
- Ríocht Phoiblí Chearnóg Parnell
- Ceathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell
- Plean Caomhnaithe Chearnóg Mhuinseo
- Ríocht Phoiblí 'Five Lamps'
- 14-17 Sráid an Mhúraigh
- Ríocht Phoiblí Shráid an Mhúraigh
- 41 Cearnóg Parnell

Is iad na tionscadail Limistéar Coincheapa Lár na Cathrach Theas a ndearnadh iarratas orthu ná:
- Straitéis Ghlasaithe na Saoirsí
- Scéim Feabhsúcháin Chomhshaoil Shráid San Proinsias

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | • Scéim Feabhsúcháin Chomhshaoil Chearnóg Nua an Mhargaidh<br>• Scéim Feabhsúcháin Chomhshaoil an Charnáin<br>• Scéim Feabhsúcháin Chomhshaoil Shráid Chorcaí<br>• Scéim Feabhsúcháin Chomhshaoil Shráid na Mí<br>• OCP Shráid an Mhalartáin<br>• Nuashonrú ar Shoilsiú Poiblí<br>• Gráinseach Ghormáin go Sráid Chaoimhín<br>• Láithreán Shráid San Werburgh/Geata Shráid na gCaorachg (cóimeáil ar an Láithreán & Creatphlean)<br>• Tionscadal na Rinne<br>    • Cearnóg na Leabharlainne<br>    • Bóthar Cambridge<br>    • Páirc na Rinne<br>    • Timpeallán Sheáin Uí Mhóra<br>    • Crosaire na Piorróige (Mol Saoirsí roimhe seo)<br><br>Cuireadh Réamhchásanna Gnó don dá Limistéar Coincheapa faoi bhráid an DHLGH roimh dheireadh 2022 agus tá siad á measúnú faoi láthair. Meastar go mbeidh maoiniú de thart ar €177m ar fáil do na tionscadail atá beartaithe faoin nGairm seo. |
| **Bainistíocht Forbartha** | I rith 2022:<br>• Fuarthas 3,698 iarratas pleanála<br>• Fuarthas 220 aighneacht faoi Alt 5<br>• Reáchtáil na Foirne Bainistíochta Forbartha 314 comhairliúchán réamhiarratais do limistéar riaracháin CCBÁC.<br>• Eisíodh 2,342 cinneadh pleanála san iomlán in 2022 (Deontas-1,999),(Roinnte-34)<br>• Eisíodh 2034 cinntí maidir le deontas i 87% de na cásanna agus b'ionann 308 diúltú agus 13% de na cinntí<br><br>Tháinig deireadh leis an gcóras SHD in 2022, dá bhrí sin níor reáchtáladh aon chomhairliúcháin réamhiarratais le hiarratasóirí ná leis an mBord Pleanála in 2022. Cuireadh iad seo i láthair na gCoistí Ceantair ábhartha agus cuireadh tuarascáil agus moladh an Phríomhfheidhmeannaigh ar aghaidh chuig ABP le tuairimí na gComhairleoirí.<br><br>Tugadh isteach an córas LRD (forbairt mhórscála chónaithe) a tháinig in ionad an chórais SHD in 2022. Rinne na foirne Bainistíochta Forbartha 28 gcruinniú réamhiarratais (Céim 1), 13 chruinniú Tuairime (Céim 2) agus tá 14 iarratas pleanála LRD (Céim 3) á measúnú acu nó tá siad á measúnú acu faoi láthair. |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Forfheidhmiú Pleanála** | I rith 2022 lean an Rannóg Forfheidhmithe Pleanála ag freagairt do ghearáin a bhaineann le forbairt neamhúdaraithe líomhnaithe chomh maith le déileáil le bearta forfheidhmithe agus clárú Tithe ar Cíos Gearrthéarmach agus ceadúnú, agus soláthar comhairle agus treorach ar imeachtaí móra lasmuigh nach mbaineann le spóirt a bhfuil tinreamh beartaithe de 5000 duine nó níos mó in aghaidh an lae acu.<br><br>Forfheidhmiú ginearálta<br>• 1111 comhad oscailte<br>• 2579 cigireacht déanta<br>• 1122 litir rabhaidh eisithe<br>• 232 fógra forfheidhmithe eisithe<br>• 50 imeacht dlí arna dtionscnamh<br>• 1279 cás réitithe<br>Forfheidhmiú ar Thithe ar Cíos Gearrthéarmach<br>• 318 comhad oscailte<br>• 606 cigireacht déanta<br>• 339 litir rabhaidh eisithe<br>• 16 fhógra forfheidhmithe eisithe<br>• 1 imeacht dlí arna dtionscnamh<br>• 393 cás réitithe |
| **Suíomhanna Tionsclaíocha agus Áiseanna Tráchtála** | Is í an Rannóg um Bainistiú Réadmhaoine a bhainistíonn an tEastát Cathrach. Tá 519 léas tráchtála ann a ghineann ioncam €9.2 milliún.<br>Tá 49 suíomh tionsclaíochta ann agus gineann na léasanna seo ioncam €370,000. |
| **Rialú Tógála** | Déanann an Rannóg Rialaithe Tógála an córas reachtúil rialaithe tógála a riar agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear fógraí tosaithe, deimhnithe rochtana míchumais, cigireachtaí láithreáin agus forfheidhmiú, lena n-áirítear caingne cúirte. Is í an phríomhthosaíocht maidir le hiniúchadh suímh ná forbairt chónaithe ilaonad nua-thógtha ar fad agus rinneadh cigireacht ar gar do 100% den chatagóir forbartha seo. In 2022:<br>• Fuarthas 907 fógra bailí maidir le tús a chur le hobair thógála<br>• Cuireadh tús le 462 foirgneamh nua a thógáil, agus 3,508 aonad teaghaise nua i gceist<br>• Rinneadh 965 iniúchadh ar láithreáin tógála gníomhacha, agus dhírigh 350 ar shábháilteacht dóiteáin i bhfoirgnimh nua<br>• 1,543 foirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu, idir fhoirgnimh nua agus fhoirgnimh atá ann cheana féin a athrú<br>• 15 Rabhadh eisithe, 2 Fhógra Forfheidhmithe seirbheáilte, 2 Ionchúiseamh Achoimre tionscanta<br>• Próiseáladh 273 iarratas ar Dheimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas |
| **Bainistiú Réadmhaoine & Diúscairtí Réadmhaoine** | Cead Alt 183 tugtha do na diúscairtí seo a leanas:<br>• Láithreáin tithíochta x 2<br>• Láithreáin tráchtála x 4<br>• Malartú tailte x 1<br>• Léasanna le haghaidh úsáide tráchtála x 2<br>• Léasanna le haghaidh úsáide pobail x 3 |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | • Ceadúnais (os cionn 12 mhí) le haghaidh úsáide pobail x 2<br>• Ceapaigh a aistriú chuig úinéirí réadmhaoine aonair x 29<br>• Ceadúnais Suiteála Ancaire Talún x 2.<br>• Ceadaíodh ceadú bainistíochta trí Ordú Bainisteoirí ar cheadúnais 12 mhí x 35<br>Déanann an rannóg um Bainistiú Réadmhaoine bainistiú ar 2,418 cuntas gníomhach agus gineann sí íocaíochtaí a fhaightear os cionn €10.5 milliún.<br><br>S183anna ceadaithe don mhéid a leanas:<br>• 18 léas athnuaite<br>• 66 ceadúnas athnuaite<br>• 51 Diúscairt Feo Shimplí<br><br>• Teagmháil ghníomhach le drochfhéichiúnaithe chun riaráistí a laghdú trí chomhaontuithe tráthchoda<br>• Líon beag cásanna a cuireadh faoi bhráid na Roinne Dlí le haghaidh imeachtaí dlí a eisiúint<br>• Fógra Fágála amháin seirbheáilte. Áitribh atá le filleadh chuig úinéireacht CCBÁC agus le cur amach ar an margadh<br>• Tá clár na n-oibreacha deisiúcháin riachtanacha ar siúl i Ionaid Chomharsanachta Bhaile Munna agus leanann sé ar aghaidh sula n-aistrítear na comhlimistéir chuig a gCuideachtaí Bainistíochta Úinéirí de réir an Achta um Fhorbairtí Ilaonad 2011<br>• Leanúint de dhiúscairt Bunchíosanna Baile a chur chun cinn.<br>• Oibreacha deisiúcháin dóiteáin i bhfoirgnimh faoi úinéireacht agus léasaithe ag CCBÁC sainaitheanta agus tugtha i gcrích<br>• Monatóireacht, cothabháil agus daingniú ar na tailte agus na suíomhanna ar fad atá faoi úinéireacht CCBÁC in aghaidh iontrála<br>• Cuireadh tús le tionscadal chun Clár Maoine reachtúil atá as dáta a athsholáthar |
| Seandálaíocht, Caomhnú agus Oidhreacht | • Cuireadh 6 struchtúr ag Sráid an Mhúraigh agus Plás Anraí, Baile Átha Cliath 1, le Taifead na Struchtúr Cosanta (RPS)<br>• I bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028, ionchorpraíodh athbhreithniú ar an RPS ina raibh níos mó ná 100 breis, 56 leasú/soiléiriú agus 3 scriosadh ar Thaifead na Struchtúr Cosanta<br>• Caibidil 11: Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht an Phlean Forbartha nua, ina bhfuil téacs leasaithe, nuashonraithe agus níos gonta ann<br>• Bronnadh €503,800 i maoiniú deontais ar 50 tionscadal faoi Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha 2022<br>• Ba é an caiteachas iomlán ar dheisiúcháin ar fhoirgnimh stairiúla faoi BHIS 2022 ná €1,290,399.26<br>• Bronnadh €300,200.00 i gcistiú deontais thar 4 thionscadal<br>• Ba é an caiteachas iomlán ar dheisiúcháin ar fhoirgnimh stairiúla faoi HSF 2022 ná €390,692.00<br>• Tá 127 Struchtúr faoi Chosaint ar an gClár Foirgneamh i mBaol faoi láthair: |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | • Bhí 92 foirgneamh faoi réir cigireachta in 2022<br>• Tá 6 Fhógra um Chontúirt tar éis a bheith eisithe<br>• Tá 31 foirgneamh ar an gclár ina bhfuil an t-úinéir i mbun plé le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath<br>• Tá 27 togra curtha isteach<br>• Tá deonú beo ceada pleanála ag 41 foirgneamh ar an gclár<br>• Cuireadh 21 foirgneamh nua leis an gclár<br>• Tá 23 cás um Chontúirt dúnta<br><br>Tugadh téacs Phlean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath (2023-2028) chun críche.<br><br>Tionscadail Phlean Oidhreachta an Chontae a seachadadh in 2022:<br>• Clár Seandálaíochta Pobail Pháirc San Anna - Céim 2<br>• Seó Foirgnimh Oidhreachta Bhaile Átha Cliath<br>• Sraith de réamhleabhair ar oidhreacht thionsclaíoch Bhaile Átha Cliath a dhíríonn ar oidhreacht thionsclaíoch in Oirdheisceart na Cathrach. Foilseofar an chéad imleabhar in am trátha.<br>• Eagarthóireacht ar ‘Built to Last’ le foilsiú ar Dublincity.ie in 2023<br>• Eagarthóireacht ar ‘More Than Concrete Blocks’ Imleabhar 3 (1974 – 1999)<br>• Fóirdheontas bliantúil Atlas Bhailte Stairiúla na hÉireann - Sraith Bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath<br>• Sraith léachtaí 12 seachtaine bliantúil - Conserve your Period Dublin House<br>• Clár Sheachtain na hOidhreachta 2022<br>• Tacaíocht curtha ar fáil d’iarratasóirí príobháideacha a fhaigheann maoiniú ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2021<br>• An Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Shuíomhanna, Éire, Grúpa Oibre do Ghuthanna Eile, Cás-Staidéir ar Choinbhinsiún Faro i gCleachtas agus seoladh an fhoilseacháin ar an láthair i gCorcaigh<br>• Measúnú agus monatóireacht déanta ar thionscadail Chiste na Séadchomharthaí Pobail agus iarratais threoraithe agus tacaíochta do Scéim Deontais Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta<br>• Iarratais athbhreithnithe ar ainmniú agus ar uimhriú a cuireadh isteach trí Chomhlíonadh Pleanála |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Bainistiú Gníomhach Talún** | • Eisíodh 31 n-éileamh ar íocaíocht Thobhach na Láithreán Folamh in 2022, agus bhain 13 acu sin le láithreáin faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach. Íocadh €528,500 san iomlán i dTobhaigh na Láithreán Folamh in 2022<br>• Eisíodh 206 fógra iontrála beartaithe chun suíomh a áireamh ar an gclár<br>• Fuarthas agus próiseáladh 161 aighneacht maidir leis na hiontrálacha molta seo<br>• Bhí 42 láithreán ar Chlár na Láithreán Folamh<br><br>Taifeadtar 199 iarratas ar Togra na Cathrach Beo (TCB) ó bunaíodh an scéim agus tá oibreacha athchóirithe curtha i gcrích ag 114 iarratasóir go dtí seo.<br><br>An Cháin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe (CTCC): d’fhoilsigh an Chomhairle Cathrach dréacht-léarscáil ar an 1 Samhain 2022. Fuarthas 148 aighneacht chun dúshlán a thabhairt maidir le tailte a cuireadh san áireamh ar an léarscáil, talamh a chur san áireamh, iarratas a dhéanamh chun talamh a athchriosú nó an dáta ar a raibh an láithreán incháilithe a athrú. Tá siad seo á n-athbhreithniú ag an Rannóg Pleanála.<br><br>Fuarthas 11 láithreán thréigthe go héigeantach in 2022. Choinnigh an Chomhairle 35 de na 36 láithreán tréigthe a fuarthas faoi rialú na Seirbhísí Tithíochta & Pobail le húsáid chun críocha tithíochta sóisialta. Lorgaíodh toiliú an Bhoird Pleanála leis an dara láithreán déag a fháil i mí Iúil 2022 agus táthar ag fanacht lena gcinneadh.<br><br>• Éadálacha trí Chomhaontú<br>Críochnaíodh éadáil 553 NCR/19 Shráid an Ruiséalaigh,<br>Baile Átha Cliath 1, in 2022<br>• Éadálacha Riachtanacha<br>An tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh ar Shráid na Mainistreach Íochtarach - Sráid Mhaoilbhríde - Cé Éidin - Seancheantar Shráid na Mainistreach (Athfhorbairt Amharclann na Mainistreach/ Cultúr / Conláiste), 2021<br><br>Tá sé beartaithe ag Amharclann na Mainistreach Amharclann Náisiúnta nua a thógáil ar shuíomh ag acomhal Shráid na Mainistreach agus Shráid Mhaoilbhríde, ag amharc amach ar an Life. Tá éirithe ag an gComhairle roinnt leasanna a fháil i réadmhaoine trí chomhaontú chun an tionscadal seo a éascú agus rinne sí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh i mí an Mheithimh 2021 chun leasanna gan íoc a fháil. Bhí trí agóid in aghaidh an OCP a tarraingíodh siar go foirmiúil ag éisteacht ó bhéal de chuid an Bhoird Pleanála i mí Eanáir, 2023 agus dhearbhaigh an Chomhairle an OCP ar an 7 Feabhra, 2023.<br><br>Ceannach éigeantach cheantar 11-14 Sráid an Mhalartáin Íochtarach & 11 Sráid an Mhalartáin Thiar (forbairt chónaithe & tráchtála). Foilsíodh an OCP i mí na Samhna, 2022 agus cuireadh faoi bhráid ABP é lena dheimhniú.<br><br>Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (Forbairt Chónaithe/Tráchtála) 2019 ar Cheantar Rae Uí Mharcaigh / Shráid Parnell / Shráid Chéipil. Fuarthas seilbh iomlán ar an suíomh in 2022. Forbróidh Seirbhísí Tithíochta agus Pobail an suíomh. |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **An Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta agus Faireachas Margaidh** | • Próiseáladh 13,211 Fógra Tosaithe trí Chóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta NBCO (BCMS)<br>• mar aon le próiseáil 4,182 fiosrúchán ó chustaiméirí<br>• agus scaipeadh 4 nuachtlitir ráithiúla chuig an earnáil.<br>• Bhain 38 mac léinn céim amach ó Theastas NBCO/IT SETU i mBainistíocht Rialú Foirgníochta,<br>• agus chuir 35 mac léinn tús le cúrsa 2022/23. D'fhorbair an oifig freisin, i gcomhar le SETU Phort Láirge, MSc i gComhlíonadh Rialú Foirgníochta ag tosú i Meán Fómhair 2023.<br><br>Éascaíonn an BCMS an tsraith iomlán fógraí tosaithe um rialú foirgníochta, iarratais (Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas) agus deimhnithe ar líne. Próiseáladh 6,984 iarratas in 2022.<br><br>Dhírigh Feachtas Faireachais Margaidh 2022 ar chumascáin chloiche chun comhlíonadh chaighdeáin an AE a áirithiú agus nach gcuireann siad sláinte, sábháilteacht ná aon ghné eile de chosaint leas an phobail i mbaol. Chuir an Oifig Éire - Clár Faireachais Margaidh Náisiúnta 2002i bhfeidhm agus rinne sí a sheachadadh agus rinne sí iniúchadh agus sampláil ar chumascáin ó 70 cairéal i 28 Údarás Áitiúil i rith 2022.<br><br>An Oifig Náisiúnta Faireachais Margaidh - An Feachtas Náisiúnta Cumascán<br>• Rinneadh cigireacht ar 70 cairéal in 28 Údarás Áitiúil<br>• 38 Céimí ó IT Cheatharlach le Deimhniú i mBainistíocht Rialaithe Foirgníochta |
| **Sonraí faoi Scéim Ranníocaíochta Forbartha na Comhairle Cathrach agus ranníocaíochtaí a bailíodh in 2022** | Le halt 48 den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000, arna leasú, cuirtear ar chumas Údarás Pleanála, agus cead pleanála á dheonú aige faoi Alt 34 den Acht, coinníollacha a cheangal lena gceanglaítear ranníocaíocht a íoc i leith bonneagair phoiblí agus saoráidí atá chun leasa fhorbairt réimse riaracháin an Údaráis Phleanála. Baineann sé seo le bonneagar agus saoráidí poiblí a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil, nó a bhfuil sé beartaithe go soláthróidh sé, nó thar a cheann.<br><br>In alt 48(2) sonraítear go mbeidh an bunús chun an ranníocaíocht a chinneadh leagtha amach i Scéim Ranníocaíochta Forbartha. Ghlac an Chomhairle Cathrach le Scéim Ranníocaíochta Forbartha reatha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2020-2023 i mí an Mhárta 2020 tar éis an athbhreithnithe ar an scéim roimhe. Baineann an scéim seo le gach cead pleanála a dheonaítear tar éis an 1 Aibreán 2020 agus le ceadanna reatha a dheonaítear roimh an dáta seo nach bhfuil tosaithe go fóill.<br>In 2022, bailíodh €38.6M san iomlán ó ranníocaíochtaí forbartha i dtreo bonneagar agus áiseanna poiblí. |

# An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta** | I rith 2022 coinníodh seirbhísí/cláir/rochtain ar an leibhéal is airde agus is féidir agus cuireadh foireann leanúnach ar fáil do shaoráidí agus cuireadh rochtain ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse agus do sholáthraithe uaireanta i dtimpeallacht an-dúshlánach.<br><br>Chuir áiseanna cláir ar fáil i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear an clár folláine pobail, scoileanna áitiúla, grúpaí pobail, earnáil an chúraim leanaí agus grúpaí imeallaithe. Bhí idir pheil, damhsa, ealaíona comhraic, chispheil, dhornálaíocht, sheisiúin giomnáisiam, ranganna aclaíochta éagsúla, ealaín & ceardaíocht, chomórtais scoile, chláir aclaíochta, ranganna oideachais i gceist.<br><br>Tháinig gach áis le chéile lenár nOifigigh Forbartha Spóirt chun cláir a chur ar fáil ag leibhéal áitiúil agus ag an am céanna tacú le Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath chun a cláir ar fud na cathrach a sholáthar. Soláthraíodh go leor clár i rith 2022.<br><br>Éascaíodh príomhthionóntaí (áit a bhfuil siad lonnaithe) a fhreastalaíonn ar dhaoine óga agus ar dhéagóirí i ngach ceantar chun rochtain a fháil ar áiseanna éagsúla.<br><br>I rith 2022 cuireadh fíorphróiseas spriocdhírithe i bhfeidhm ar fud an chláir shuntasaigh caipitil a rachaidh chun tairbhe dár n-oibríochtaí in 2023 agus amach anseo nuair a bhainfear amach go hiomlán é. Tá sé seo in éineacht leis an gcomhaontú fís straitéiseach fhadtéarmach a fhorbairt i bhfoirm Plean Spóirt Cathrach in 2023. |
| **Feidhmiú na Seirbhíse Leabharlainne & Cartlainne** | D'athoscail an Seomra Léitheoireachta i Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith leis an Stiúideo Cruthaitheach i Leabharlann Bhaile Formaid agus an spás cumadóra i Leabharlann na Cúlóige.<br><br>Tugadh isteach Mo Leabharlann Oscailte ag Leabharlanna Pheambróg agus Ráth Eanaigh.<br><br>Bhí Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath (DCL) i gceannas ar chur i bhfeidhm an chórais nua náisiúnta bainistíochta leabharlainne a cuireadh i bhfeidhm i mí an Mhárta 2022.<br><br>Bunaíodh Coiste Stiúrtha Athbhreithnithe Leabharlann Príosúin le bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm moltaí a rinneadh san Athbhreithniú ar Leabharlanna Príosún in Éirinn.<br><br>Bhí foireann na Leabharlainne sa tSeirbhís Pobail ag 36 imeacht agus bhí siad i dteagmháil le 5,286 duine in 2022.<br><br>Le linn 2022 reáchtáil leabharlanna dhá fheachtas chun feasacht a mhéadú ar an méid a chuireann leabharlanna ar fáil. |

# An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Cuireadh tionscadal athchóirithe leabharlainne Ráth Eanaigh i gcrích agus cuireadh tús i mí Mheán Fómhair leis an tionscadal chun iar-oifig sórtála An Phoist a athchóiriú chun leabharlann nua a chruthú d'Fhionnghlas.<br><br>Cuireadh tús le Céim 1 de Thionscadal nua Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath ag Cearnóg Parnell. Cuimsíonn Céim 1 de Thionscadal Chearnóg Parnell Leabharlann Cathrach nua ag Cearnóg Parnell Thuaidh agus oibreacha riachtanacha ar na tithe Seoirseacha faoi chosaint ar Chearnóg Parnell Thuaidh Uimh. 23 go 28, agus déanfar athchóiriú iomlán ar theach Seoirseach Uimh. 27.<br><br>I measc bhuaicphointí 2022 bhí foilsiú Imleabhar 4 de History on Your Doorstep, léacht Bhliantúil John T. Gilbert 2022, seachtain Tras-scríbhinne a reáchtáladh mar chuid den tionscadal EnrichEuropeana + arna mhaoiniú ag an AE agus Féile na Staire san Fhómhar.<br><br>Chuaigh Cartlannaí Cathrach nua i mbun a róil in 2022, le tacaíocht ó chartlannaí agus cartlannaí sinsearach. Tá an fhoireann dírithe ar stair Bhaile Átha Cliath a thaifeadadh trí thaifid na Comhairle Cathrach agus trí chartlanna a cruthaíodh sa phobal.<br><br>Bhí cláir leabharlainne nasctha le téamaí náisiúnta agus téamaí ar fud na cathrach.<br><br>Thacaigh Cathair Litríochta UNESCO le réimse leathan tionscadal liteartha, cónaitheachtaí agus eagraíochtaí i rith na bliana. I measc bhuaicphointí na bliana bhí Gradam Liteartha Bhaile Átha Cliath, ar éirigh go hiontach leis, agus an fhéile bhliantúil Baile Átha Cliath: Cathair Amháin, Leabhar Amháin i mí Aibreáin. |
| **Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Lasmuigh – Seirbhísí Páirceanna, Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha** | In 2022 bronnadh 11 Bhrat Glas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta ar bhainistiú páirceanna agus rannpháirtíocht an phobail.<br><br>Osclaíodh páirc nua i lár na cathrach Theas Láir, Páirc Shráid Bhun Droichid a d'úsáid an-chuid ábhar athchúrsáilte agus athúsáidte.<br><br>Bhailigh agus dhiúscair Seirbhís na bPáirceanna breis is 2,000 tonna bruscair/dramhaíola ó bhoscaí bruscair agus i gcothabháil páirceanna.<br><br>Éascaíodh 190 club agus scoil le 221 páirc imeartha a úsáid i bpáirceanna do gach cód de chluichí páirce.<br><br>Feabhsaíodh rochtain ar thrá Chnocán Doirinne do dhaoine faoi mhíchumas in 2022 tar éis trialacha ar mhataí trá in 2021.<br><br>Cuireadh seomraí tae agus leithris nua ar fáil i bPáirc Choláiste Ailbhe agus i bPáirc Éamoinn Ceannt, Cromghlinn, rud a thug líon iomlán na bpáirceanna leis na háiseanna seo go 9.<br><br>D'óstáil páirceanna raon margaí, imeachtaí agus gníomhaíochtaí lena n-áirítear Féile na |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Rósanna bhliantúil Chathair Bhaile Átha Cliath i bPáirc San Anna a thiteann amach i mí Iúil . Rinneadh margadh bia agus grósaera tráthnóna Dé hAoine a thriail i bPáirc Bhruach na Canálach Ríoga i mBaile Phib ach fuarthas amach nach raibh sé sin inbhuanaithe.<br><br>Rinneadh iliomad idirghabhálacha de bhonneagar glas in 2022 sna Saoirsí, in Oirthuaisceart Lár na Cathrach agus i mBóthar na gCloch, áit a bhfuil straitéisí glasaithe beartaithe i gcomhar le pobail áitiúla.<br><br>Seoladh Straitéis Súgartha na Cathrach, 'Gach Áit, Lá ar Bith, Is Féidir Leat a Bheith ag Súgradh 2022-2027', in 2022. Críochnaíodh ceithre chlós súgartha nua agus sé uasghrádú clóis súgartha.<br>Rinneadh 4,733 crann a mheasúnú agus a thaifeadadh i 177 suíomh - sráideanna, spásanna oscailte agus páirceanna - mar chuid de Shuirbhé agus Measúnú Crainn 2022. Taifeadadh 109 speiceas crainn. Moladh oibreacha cúraim crann laistigh de 5 bliana do 2,425 crann, lena n-áirítear 299 (6%) baint crann ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta.<br><br>In 2022, cuireadh 2,810 crann mar chuid dár gclár geimhridh bliantúil agus cuireadh 500 crann mar chuid dár dtionscadail shaincheaptha tírdhreachaithe uirbeacha.<br>Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2021-2025 : I measc thionscadail 2022 a cuireadh i bhfeidhm bhí:<br>• Sionnach sa Chathair, ag féachaint ar ghluaiseacht sionnach ar fud na cathrach agus a dtábhacht i srianadh creimirí<br>• Tacaíocht leanúnach do The Irish Midlands Ringing Group, atá ag clibeáil ealaí ar fud na cathrach, agus ag déanamh monatóireacht ar raon speiceas éan ar fud na cathrach trí bhoscaí éan a chur i bpáirceanna lárchathrach agus ag cur fáinní ar éin ag Oileán an Bhulla Thuaidh agus Páirc Ghleann na Tulchann<br>• Staidéar ar Dhaonra Dobharchú Chathair Bhaile Átha Cliath, atá ag baint úsáid as DNA comhshaoil chun dobharchúnna aonair a aithint thar chúig cinn d'aibhneacha na cathrach<br>• Tá tionchar ag forbairt ar tháirgeadh sonraíochtaí chun poill dobharchúnna saorga a thógáil mar ghnáthóg<br>• Suirbhéireacht ar mhinc sa Life agus sa Dothar, a théann i bhfeidhm ar éin dhúchasacha, éisc agus dobharchú<br>• Suirbhéireacht ar sciatháin leathair i bPáirc na dTor agus i Páirc San Anna<br>• Ag féachaint an mbíonn tionchar ag ceolchoirmeacha ar bhroic nó ar chorra réisc i bPáirc San Anna<br>• Plean trí bliana a thabhairt chun críche le Cairde Éanlaith Éireann chun bearta taighde agus caomhnaithe a dhéanamh do ghabhláin gaoithe, cadhain, éin chreiche, agus fáinleoga, chomh maith le for-rochtain agus imeachtaí<br>• Staidéar píolótach ar shrianadh chreimirí gan úsáid a bhaint as creimiricíd i bPáirc San Anna<br><br>Chruinnigh an tOifigeach Bithéagsúlachta ar 25 grúpa ar thionscnaimh don bhithéagsúlacht agus do phleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta ceantair áitiúil agus reáchtáil sé naoi n-imeacht i rith Sheachtain na Bithéagsúlachta, Sheachtain na |

# An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | hOidhreachta, agus dhá cheardlann eolaíochta saoránach. Taispeánadh seastán straitéisí bithéagsúlachta agus glasaithe de chuid na Comhairle Cathrach ag Bloom i bPáirc an Fhionnuisce, agus i bhFéile na Rósanna i mbliana bhí Sráidbhaile Bithéagsúlachta. Tháinig Fóram Maoirseachta Anaclann Dúlra Oileán an Bhulla Thuaidh le chéile chun cuspóirí an phlean bainistíochta don anaclann dúlra a phlé agus d'oibrigh sé ar chomharthaíocht do chriosú an oileáin chun tionchair madraí nach bhfuil ar éill a laghdú. Mar chuid dár dtiomantas do Chomhpháirtíocht Bithsféar UNESCO Bhá Bhaile Átha Cliath, thacaigh páirceanna agus bithéagsúlacht leis an gComhordaitheoir Bithsféir agus d'fhreastail siad ar chruinnithe comhpháirtíochta i rith na bliana. Bhí ionchur ag bithéagsúlacht i Straitéis Caomhantais agus Taighde nuashonraithe do Bhá Bhaile Átha Cliath freisin, lena n-áirítear gníomhartha ar fud an bhá ar mhaithe le caomhnú an dúlra. |
| **Forbairt Pobail, Spóirt agus Áineasa** | Le linn 2022 chuir Pobal, Spórt agus Áineas foscadh ar fáil do dhaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin, rud a chuir fáiltiú croíúil fáilteach agus tacaíocht a raibh géarghá léi agus iad ag fanacht le cóiríocht níos buaine a sholáthar.<br><br>Le linn 2022 chuir áiseanna cláir laethúla ar fáil i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla agus chuir siad imeachtaí ar fáil i rith na bliana féilire le fócas ar leith ar imeachtaí bliantúla amhail Lá Fhéile Pádraig, an Cháisc, Oíche Shamhna agus an Nollaig.<br><br>Tugadh tacaíocht do phríomhthionóntaí (áit a bhfuil siad lonnaithe) a fhreastalaíonn ar dhaoine óga agus ar dhéagóirí i ngach ceantar chun a gcuid seirbhísí a sheachadadh de réir mar is gá.<br><br>Rachaidh an fíorphróiseas spriocdhírithe a úsáidtear ar fud chlár caipitil na rannóg spóirt chun tairbhe a thuilleadh do leathnú ár seirbhísí amach anseo. |
| **Dánlann Hugh Lane** | Bailiúcháin Dánlann Hugh Lane:<br>• Stiúideo agus Stát: Na Laverys agus an Comhaontú Angla-Éireannach, Comhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem na hÉireann<br>• Joseph Beuys: From the Secret Block to Rosc<br>• Tableaux Vivants<br>• Eva Gonzales is what Dublin needs, Comhpháirtíocht leis an nGailearaí Náisiúnta, Londain<br>• Corot and Constable: Landscape Pioneers<br>• Picturing the Irish Free State<br><br>Suiteáladh sraith taispeántas d'éadálacha le déanaí go mall in 2022 chun cuid de thabhartais agus de cheannacháin an ghailearaí le déanaí a chur os comhair an phobail. Tugadh 8 síntiús agus ceannaíodh 8 saothair ealaíne.<br><br>Taispeántais:<br>• Patrick Graham: Transfiguration<br>• Eva Gonzales is what Dublin needs, Comhpháirtíocht leis an nGailearaí Náisiúnta, Londain<br>• Bones in the Attic |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Tionscadail Chaomhnaithe<br>• Sofa le Rita Duffy<br>• Waiting le Kathy Prendergast<br>• Cusp II le Gillian Ayres<br>• Twofold Screen le Patrick Scott<br>• Ellen Helleu Lesant le Katherine McCausland<br>• Landline and Robes le Sean Scully<br>• Tetti di Roma le Renato Guttuso<br>• Manifold in two locations with handed limits le Royden Rabinowitch<br>• Portráid den Chunta Vay de Vaya le Philip Alexius de László.<br><br>Rinneadh suirbhé ar an mbailiúchán dealbhóireachta chun aird a tharraingt ar riocht na rudaí agus ar na cóireálacha a theastódh uathu iad a chur ar taispeáint. Rinneadh anailís ar 192 réad san iomlán.<br><br>Lean For-rochtain Oideachais agus Pobail ar aghaidh agus bhí 780 clár oideachais ar siúl agus thart ar 20,000 rannpháirtí, lena n-áirítear rannpháirtíocht 19 scoil (598 leanbh) i dtionscadal Zoom@HighLane Gallery ar fud na cathrach.<br><br>Chuir clár Sundays at Noon in 2022 41 ceolchoirm den chéad scoth ar fáil beo agus ar líne.<br><br>Áiseanna<br>• Cuireadh tús leis an tionscadal chun áitreabh Frederick Labe Thuaidh a fheistiú chun críocha stórála Gailearaí<br>• Deimhníodh conradh le haghaidh saoráid stórála mínealaíneBuaicphointí<br>• Ceolchoirm Ian Wilson ar an 10 Aibreán. Scully coimisiún suíomhoiriúnaithe ó Ghailearaí Hugh Lane agus Sundays at Noon de chuid na Comhairle Ealaíon. An chéad taibhiú domhanda ar 10 Aibreán.<br>• Bhailigh ceolchoirm tiomsaithe airgid na hÚcráine an 1 Bealtaine €3000 d’achainí na Croise Deirge<br>• An chéad taibhiú in Éirinn de Deadbeats de chuid Alvin Curran<br>• Rinne Isabell O’Connell ceolchoirm a bhí curtha le chéile go speisialta ag díriú ar shaothair le cumadóirí impriseanaíocha chun an saothar ealaíne i nGailearaí 1 a léiriú.<br>• Sraith de chuid Malcolm Proud den Well-Tempered Clavier le horgán aireagail agus cruitchlár mar chuid de.<br>• Tionscnamh trasteorann le The Newry Chamber Music Group.<br>• Rinne réalta ceoil clasaiceach na hIndia an Dochtúir Karaikudi S. Subramanian ceolchoirm de cheol vina le haíonna speisialta.<br>• Ceolchoirm Nollag New Dublin Voices |

# An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Halla na Cathrach** | Tháinig méadú seasta ar líon na gcuairteoirí míosúla sa dara leath de 2022 go thart ar 20,646 in 2022. Lean bainiseacha ar aghaidh ina raibh méadú bliantúil bliain ar bhliain le taifead nua de 222 bainis á reáchtáil i Halla na Cathrach. Bhí 32 imeacht ar siúl i Halla na Cathrach in 2022. Rinneadh oibreacha fairsinge don íoslach agus beidh sé críochnaithe in 2023. I mí Lúnasa rinneadh ceiliúradh ar chomóradh céad bliain Mhichíl Uí Choileáin ina luí faoi ghradam stáit i gcomhar le Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath. Tar éis asláithreacht de 2 bhliain tháinig Oíche Chultúir ar ais go Halla na Cathrach i mí Mheán Fómhair agus bhí an halla lán go béal. |
| **Oifig Ealaíon** | • Plean Ealaíon nua Seolta<br>• Athbhreithniú ar Dheontais Ealaíon<br>• Maoiniú Comhpháirtíochta nua leis an gComhairle Ealaíon agus le hÉire Ildánach<br>• Oíche Chultúir, Féile Athbhliana Lunar Bhaile Átha Cliatha, Musictown agus Féile Litríochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath<br>• Oibriú Chlár Éire Ildánach<br>• Spásanna d'Ealaíontóirí nua a fhorbairt i bPlás Ard Aidhin, Cé na gCeannaithe, Sráid Bhun Droichid<br>• Gailearaí LAB, Ealaín Leanaí i Leabharlanna, Clár Ealaíon Poiblí oibrithe<br>• An LAB agus Tithe Cónaithe d'Ealaíontóirí Oibrithe |
| **Imeachtaí agus Scannánaíocht** | Le 2022 d'fhill na mórfhéilte ar shráideanna lár na cathrach amhail Féile Naomh Pádraig, Bród Bhaile Átha Cliath, agus Bram Stoker. Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dhá mhórfhéile isteach freisin, Fleadh Mhargadh na Feirme agus Funtropolis.<br><br>Bhí Soilse Gheimhridh Bhaile Átha Cliath níos mó agus níos fearr ná riamh agus cuireadh a shuíomh gréasáin nua i láthair www.dublinwinterlights.ie agus fuair Páirc Chearnóg Mhuirfean os cionn 50,000 áirithint le linn an imeachta soilsithe.<br><br>D'fhill mórimeachtaí spóirt ar an gcathair in 2022 lena n-áirítear Sraith Pheile Choláiste Mheiriceá, Mionmharatón do Mhná Bhaile Átha Cliath, Maratón Chathair Bhaile Átha Cliath agus Snámh na Life Chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Phróiseáil Oifig Scannán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 285 iarratas táirgeachta, a chuir le hioncaim os cionn €255,000 don Chomhairle Cathrach i dtáillí ceada agus costais suíomhanna.<br><br>In 2022 freisin, seoladh suíomh gréasáin tiomanta Oifig Scannán Chathair Bhaile Átha Cliath, don tionscail closamhairc https://www.dublincityfilmoffice.ie/ |
| **Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | • 371 ceardlann cruthaitheach le 61 ealaíontóir agus déantúsóir, ag cruthú le 5,582 duine<br>• Coimisiúnaíodh 81 cainteoir d'Fhéile na Staire Baile Átha Cliath lena n-áirítear 180 imeacht cultúrtha lenar bhain 10,795 duine ón lucht féachana aghaidh ar aghaidh agus os cionn 5,000 imeacht craolacháin ar líne beo<br>• D'fhreastail 42,321 duine ar thurais threoraithe ag 14 Sráid Henrietta<br>• Bhuamar 1 dámhachtain dhomhanda dár n-obair i rochtain chultúrtha agus cearta cultúrtha ó Chathracha Aontaithe agus Rialtais Áitiúla<br>• Chuireamar tús le cultúr i 142 imeacht le 12,162 duine sa lucht féachana cultúrtha nua |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | • 38 comhpháirtíocht le heagraíochtaí cultúrtha, pobail agus eagraíochtaí eile.<br>• 4 Aonach ag Beairic Richmond, a leag béim ar obair os cionn 120 fiontraíocht áitiúil agus daoine cruthaitheacha ar ar fhreastail 11,463 duine<br>• San Eoraip lenár 8 gcomhchathracha d'fhreastalaíomar ar 68 cruinniú<br><br>Shroicheamar thart ar 250,000 duine go digiteach in aghaidh na míosa, agus 377,012 cuairteoir ar ár suíomhanna gréasáin agus os cionn 40,000 leantóir ar na meáin shóisialta ar fud ár n-ardán |
| **Béilí Scoile** | D'fhógair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Tairiscint chun Creat-chomhaontú Páirtí Aonair a Bhunú ar sholáthar agus ar sheachadadh ceapairí, torthaí agus bainne sa Scéim Béilí Scoile Uirbeach 2020 – 2021. Leanadh ar aghaidh leis seo in 2022 ar feadh bliana eile. |
| **Branda Áite Bhaile Átha Cliath & dublin.ie** | • Rinneadh taighde idirnáisiúnta, ceardlanna páirtithe leasmhara agus forbairt feachtais chun Straitéis Branda Áite a fhorbairt<br>• Dublin.ie agus na Meáin Shóisialta: 137 scéal nuashonraithe, 40 acu seo curtha chun cinn le feachtais na meán sóisialta; Níos mó imeachtaí ar What's On; d'óstáil suíomh Dublin.ie imeachtaí & eolas do Brigit 2022; 4000 leantóir nua ar na meáin shóisialta curtha leis lena n-áirítear ar ardán nua TikTok. Rinneadh forbairt ar chumais físeáin inmheánacha.<br>• Sháraigh Feachtas Scoláireachta Iarchéime i gcomhar le hOideachas in Éirinn agus Institiúidí Ardoideachais Bhaile Átha Cliath os cionn 800 buntáiste réamhbheartaithe. Fuarthas os cionn 3,000 buntáiste ó sprioc-thíortha sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Spáinn lena n-áirítear 1400 iontrálaí ar chomórtas ar Dublin.ie<br>• Tionscadal Nuálaíochta Mhic Léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath:<br>• D'oibrigh 600 mac léinn ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Fáilte Éireann ar thionscadail chun smaointe nuálaíochta a chruthú chun tomhaltóirí a spreagadh ar fud na hÉireann chun cuairt a thabhairt ar Bhaile Átha Cliath.<br>• Cruinniú Mullaigh Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath: Feachtas bolscaireachta comhordaithe lasmuigh; dearadh agus seastán tógtha lena raibh EDO, Oifig Fiontair Áitiúil, Baile Átha Cliath Cliste agus Branda Áite. Féile Furthr: Seastán Chomhairle Cathrach deartha ó ábhair inbhuanaithe, bolscaireacht ar líne agus grianghrafadóireacht eagraithe.Féile Naomh Pádraig: Branda Áite Bhaile Átha Cliath le Comhairle Cathrach mar phríomhurraitheoir.<br>• Réimse nua earraí le díol déanta d'ábhair athchúrsáilte lena n-áirítear málaí, buidéil uisce, cupáin inslithe agus casóga cliabhraigh |
| **Forbairt & Cur chun cinn Eacnamaíoch** | • Athbhreithniú agus tuarascáil ar an Straitéis um Oifig d'Fhorbairt roimhe seo<br>• Cruthaíodh Straitéis um Oifig Forbairt Eacnamaíoch nua "Forbairt Eacnamaíoch chun cinn 2022-2024"<br>• Foilsíodh 4 eagrán de 'Dublin Economic Monitor' agus imeacht bolscaireachta bliantúil curtha ar fáil<br>• Rinneadh tacair sonraí eacnamaíocha a athbhreithniú agus a scaipeadh cosúil le Spending Pulse agus PMI de chuid Mastercard<br>• Rinneadh 4 shuirbhé taighde tuairimíochta 'Your Dublin Your Voice'<br>• Rinneadh Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021 a athbhreithniú mar ullmhúchán ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail atá le teacht |

# An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | • Athbhreithniú Socheacnamaíoch de réimse riaracháin Chathair Bhaile Átha Cliath chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas pleanála Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail<br>• Tacaíocht tugtha do réimse imeachtaí chun éiceachóras fiontraíochta a chur chun cinn ar fud Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear Cruinniú Mullaigh Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath - Féile Furthr - Dublin Maker<br>• Pleanáladh agus óstáladh imeacht bliantúil Shraith Cruinniú Mullaigh Chathair Bhaile Átha Cliath 2022 'SoCircular'<br>• Tionscadal EDO - ENFUSE roghnaithe mar bhuaiteoir náisiúnta i nDámhachtainí Cur chun Cinn Fiontrair na hEorpa de chuid an Choimisiúin Eorpaigh- 2022<br>• Tacaíocht tugtha do Phlean Fiontar Réigiúnach Bhaile Átha Cliath<br>• Tacaíocht tugtha do Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Béal Feirste<br>• Oiliúint faoi gheilleagar ciorclach MODOS curtha ar fáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Maoiniú náisiúnta slánaithe chun cláir náisiúnta a chur ar fáil in 2023<br>• Reáchtáladh Dámhachtainí Fiontar Sóisialta Chathair Bhaile Átha Cliath, lena raibh maoiniú €60,000 roinnte i measc sé fhiontar sóisialta áitiúla |
| **Caidreamh Idirnáisiúnta** | Thug toscaireachtaí ó Heilsincí na Fionlainne, Mazowieckie Vovivodship na Polainne agus Hanáí Vítneam cuairt ar Bhaile Átha Cliath agus bhuail siad le foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.<br><br>Thaistil an tArdmhéara go Ramallah na Palaistíne, Heilsincí na Fionlainne agus Maidrid na Spáinne chun Baile Átha Cliath agus Rialtais na gCathracha a chur chun cinn.<br><br>Leanadh ar aghaidh leis an ngnó d'Fhóraim Líonraí Eurocities trí sheimineáir ghréasáin agus comhdhálacha ar líne i gcaitheamh na bliana. D'fhreastail an tArdmhéara ar Chomhdháil Bhliantúil Eurocities agus ghlac sé páirt i roinnt díospóireachtaí painéil.<br><br>D'fhaomh an Coiste Prótacal prótacal nua chun iarratais a mheas do chaidrimh idir cathracha ag a gcruinniú an 2 Meitheamh 2022.<br>D'aontaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag a chruinniú míosúil an 7 Márta 2022 dhá Rún Éigeandála chun Cathair Bhaile Átha Cliath a nascadh le Cathair Chív na hÚcráine. Shínigh an tArdmhéara an Comhaontú Nasctha an 28 Samhain 2022.<br><br>An 27 Deireadh Fómhair 2022 bhí cruinniú ag an gCoiste Prótacal de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus d'fhaomh siad an athnuachan den mheabhrán tuisceana idir Baile Átha Cliath Éire agus Cathair Dublin Ohio, Stáit Aontaithe Mheiriceá.<br><br>Caiteachas Nasctha: Nialas |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Oifig Tacaíochta na gClár Eorpach (EPSO)** | Cuireadh nuachtlitir foirne mhíosúil inmheánach EPSO ar fáil.<br><br>Bunaíodh Coiste Comhairleach EPSO agus tugadh faoi Thuras Allamuigh an AE chuig an mBruiséil agus an Leuven, ag bualadh leis an gCoimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa<br><br>Chuir an eagraíocht 22 Iarratas Eorpach isteach chuig an gCoimisiún Eorpach faoi thréimhse cláir an AE reatha idir 2021 – 2027. Clúdaíonn an 22 tionscadal réimse téamaí agus ábhar ar fud Chlár Oibre an AE maidir le Glas, Digiteach agus Cuimsiú.<br><br>Roghnaíodh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun páirt a ghlacadh i Misean an Choimisiúin Eorpaigh do 100 Cathair Aeráid-Neodrach Cliste. Shínigh Ardmhéara Bhaile Átha Cliath an dearbhú oifigiúil le Gluaiseacht Bheo an AE le DG Connects sa Choimisiún Eorpach.<br><br>D’óstáil Uachtarán Choiste na Réigiún de chuid an AE seisiún iomlánach i Halla na Cathrach i Meitheamh 2022 i gcomhar le hArdmhéara Bhaile Átha Cliath. D’fhreastail ionadaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Acadamh an tsamhraidh de chuid Comhairle Réigiúin na hEorpa (AER) i mí Lúnasa le 160 de lucht freastail ó 20 Réigiún Eorpach difriúla.<br><br>D’óstáil Ionad na Cé Adhmaid síniú Chomhaontú Comhpháirtíochta na gCistí Struchtúracha de chuid an AE d’Éirinn i mí na Samhna don tréimhse maoinithe 2021-2027. Chuir Ardmhéara Bhaile Átha Cliath, Caroline Conroy fáilte roimh Choimisinéir Comhtháthaithe agus Leasúchán na hEorpa, Elisa Ferreira agus an an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Michael McGrath. |

# An Roinn um Chórais Faisnéise agus Airgeadais

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| Rátaí a Riaradh | Sheol Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 20,142 ráta in 2022, a ghin ioncaim EUR366.4M.<br>Léiríodh bailiú rátaí in 2022 go láidir. Bhain an Chomhairle Cathrach 92% amach i léiriú rátaí, sin méadú 5% ar 2021.<br><br>Lean an Oifig Rátaí le Scéim um Tharscaoileadh Rátaí Tráchtála a riar tríd an gcéad cheathrú de 2022. Cuireadh an tarscaoileadh 3 mhí i bhfeidhm ar 2,729 cuntas a léirigh 13.5% de chuntais Rátaí. Ba é Luach an tarscaoilte ná EUR13.9M - 15% den táille ar an tréimhse 3 mhí. |
| Mótarcháin | An 10 Márta 2022 seoladh Seirbhís um Cheapacháin go hoifigiúil san Oifig Mhótarchánach. Rinneadh thart ar 3,500 ceapachán ón 10 Márta 2022 go Nollaig 2022.<br><br>In 2022:<br>• próiseáladh 121,000 iarratas sa phost<br>• fuarthas 73,400 glaoch gutháin<br>• fuarthas 12,700 ríomhphost |
| An Roinn um Chórais Faisnéise | Baineadh amach 99.89% infhaighteacht seirbhíse le hos cionn 32,000 teagmhas agus iarratas déanta chun críche. D'éirigh linn tacaíocht a chur i bhfeidhm d'obair chumaisc agus leathnaíodh an chianobair.<br><br>Cuireadh foireann feidhmchláir Microsoft EMS i bhfeidhm chun an deasc chorparáideach a shlánú. Cuireadh an tairiscint um chóras faisnéise geografaí i gcrích chun tacú le straitéis um chóras faisnéise geografaí corparáideach.<br><br>Cuireadh Rialachas agus tacaíocht o365 i bhfeidhm agus d'oibrigh le taobh Trasfhoirmiú Seirbhíse & Digiteach chun Comhphointe (SharePoint) ar líne a chur i bhfeidhm.<br><br>Cuireadh Freagra Lorgaíochta Críochphointe i bhfeidhm chun rioscaí bogearraí éirice a mhaolú, rinneadh ionsamhlú ionsaí agus sárú lena chinntiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm in aghaidh ionsaithe seachtracha. Bhaineamar úsáid as bainistíocht tionscadail PMBOK ar gach tionscadal TF corparáideach. |
| Seirbhísí do Chustaiméirí | • Déantar gach gearán a láimhseáil anois tríd an tairseach Mol Saoránach<br>• Imeascadh le foireann Eispéireas Custaiméara<br>• Cuireadh Clár Rúnsiopaeir i gcrích in 2022<br>• Freagraíodh 187,000 glaoch gutháin<br>• Próiseáladh 16,000 iarratas ar Chothabháil Tithíochta<br>• Seoladh 42,000 ríomhphost<br>• Próiseáladh 17,000 cead páirceála<br>• 35,000 íocaíocht in Oifig an Airgid<br>• Cuireadh fáilte roimh 20,000 cuairteoir ag deasc fáilte na Cé Adhmaid<br>• Eagraíodh córas féin-mheasúnaithe custaiméara do cheapacháin chun ligean do chustaiméirí am a roghnú a d'fheilfeadh dóibh<br>• Tugadh isteach cochaill chruinnithe nua san Aitriam mar spásanna cruinnithe breise. Tugadh isteach an Cárta JAM agus cuireadh oiliúint um Sheirbhís Custaiméirí ar fáil do bhaill foirne a bhíonn ag obair amach chun tosaigh<br>• I gceannas ar fheachtas IWTL i mBaile Átha Cliath, an suíomh gréasáin neicwomen.ie a chruthú |

# An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **An tAonad Cumarsáide** | D'fhreagair an Oifig Cumarsáide beagnach 1,700 ceist iarratas meáin le linn na bliana le cúnamh ó ranna ar fud na heagraíochta. D'eisigh sé beagnach 200 preasráiteas agus cuireadh meáin ar ábhair éagsúla, idir casadh an fhóid ar an tionscadal Cluain Tarbh go Lár na Cathrach agus an dearadh ar athfhorbairt Pháirc Chnocán Uí Dhálaigh.<br><br>Thug 2.1 milliún duine cuairt ar an suíomh gréasáin www.dublincity.ie le linn 2022, a ghin os cionn 6.5 milliún amharc leathanaigh. Cruthaíodh 126 comhairliúchán ar líne ar shuíomh comhairliúcháin www.dublincity.ie, rud a chruthaigh 24,222 freagra.<br><br>Lean na cainéil sna meáin shóisialta chorparáideacha ag fás le linn 2022, le lucht leanúna comhcheangailte de 160,000 duine ar Twitter, FB, Insta agus LinkedIn.<br><br>Cuireadh 110 fógra nuachtáin i gcló ag clúdach fógraí reachtúla, feachtais faisnéise poiblí agus cur chun cinn imeachtaí. Rinneadh líon feachtas rathúla a chur i gcrích, lena n-áirítear feachtas earcaíochta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath 'Do Dublin for Real' agus 'Lose Yourself in the Library'. Ina theannta sin, bhí an oifig i gceannas ar os cionn 50 tionscnamh, tionscadal agus imeacht de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar ár suíomhanna Fógraíochta Lasmuigh agus leanadh leis an obair ar líon gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus páirtithe imeachta seachtracha chun imeachtaí cultúrtha, spóirt agus áineasa agus féilte a bhí ar siúl i gcathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i rith na bliana.<br><br>D'eisigh an oifig 23 eagrán de Chlár feasachán na mBall Foirne agus bhí sé freagrach as an roinn 'Nuacht Corparáideach' ar CitiDesk. |
| **An tAonad Sonraí agus Anailísíochta** | Bunaíodh an tAonad Sonraí & Anailísíochta go foirmiúil i mí Mheán Fómhair 2022.<br>• Cuireadh tús le forbairt ar dheaiseanna Mhol Saoránach a fhorbairt. Cuirfidh siad seo le léargais ar pháirtithe leasmhara ábhartha<br>• Cuireadh anailís i gcrích ó Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach maidir le héileamh agus infhaighteacht ar pháirceáil carranna<br>• Bhí tríocha 34 iarratas ar shonraí a bhain le Tithíocht, Seirbhísí do Chustaiméirí, Mol Saoránach, Comhshaol & Iompar, Saoráil Faisnéise, agus Ceisteanna Comhairleora láimhseáilte ag an Aonad Sonraí & Anailísíochta<br>• Cuireadh tús le hiniúchadh ar shonraí struchtúrtha agus aithníodh bearnaí i mbainistíocht sonraí |

# An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| **Bunathrú Seirbhíse agus Digiteach** | D'oibrigh an fhoireann le Rannáin ar fud na heagraíochta agus lena gcustaiméirí chun réitigh dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt agus a chur ar fáil chun soláthar seirbhíse a chur ar fáil.<br><br>Rinneadh níos mó forbartha ar Mhol Saoránach chun ligean do shaoránaigh agus do ghnólachtaí dul i gcomhairle linn ar líne agus faoi Nollaig 2022 bhí os cionn 12,000 úsáideoir cláraithe agus os cionn 30 seirbhís ar fáil le rochtain ar líne. Lean an fhoireann ag cur an córas áirithinte coinní ar líne i bhfeidhm chun ligean do shaoránaigh agus do ghnólachtaí cruinnithe a chur in áirithe aghaidh ar aghaidh nó ar líne.<br><br>Cuireadh seirbhísí breise le hardán Fógraí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena mbíonn saoránaigh cláraithe chun fógraí a fháil ar iarratais phleanála ina gceantair, tuilte, oibreacha bóthair, cáilíocht an uisce snámha. Cuireadh tionscadal Bloomberg i gcrích ar chomharsanachtaí ina mbíonn leibhéal íseal tráchta go rathúil agus cuireadh tús le dul i gcomhairle maidir le Neighbourhood BETA.<br><br>Tá dul chun cinn déanta ar an gcéim thógála d'Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach i mBaile Munna atá ar sceideal agus meastar go n-athlonnóidh an fhoireann ansin in R3 2023.<br><br>Leanadh le hobair ar phróisis inmheánacha a dhigitiú ar ár dtairseach chumarsáide inlín CitiDesk agus níl gá leis an oiread próisis bunaithe ar pháipéir a thuilleadh dá réir sin le fóraim agus sreabhadh oibre ar líne. Rinneadh forbairt ar Scéim Dámhachtainí do Bhaill Foirne agus seoladh í in R1 2023. |
| **Cathracha Cliste** | • An Dámhachtain Comhpháirtíochta a bhaint ag Dámhachtainí Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath<br>• Roghnaíodh Baile Átha Cliath chun Creatlach Rialachais Cearta Digiteacha a dhearadh agus a reáchtáil<br>• Seoladh an 'Accelerating the Potential of Drones' ó Thorthaí Tionscadail Rialtais Áitiúil<br>• Rath ar an triail Wi-Fi saor in aisce don phobal le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le tacaíocht ó Virgin Media<br>• Comhoibriú Smart Cities le Adapt chun Baile Átha Cliath níos dírithe ar shaoránaigh agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn<br>• Comórtas Dúshlán Gníomhaíochta Aeráide Sonraí Oscailte - breis is 200 rannpháirtí & 37 iarratas<br>• Sheol an tAire Heather Humphreys na baoithe tarrthála<br>• Clár Turasóireachta Cliste aitheanta mar ardchaighdeán feabhais Digiteach agus Nuálaíochta ag Dámhachtainí Nuálaíochta Turasóireachta Domhanda in Seville<br>• Bronnadh Dámhachtain Rialachais & Gheilleagair ag Dámhachtainí Chathair Cliste an Domhain<br>• Dámhachtain 'The Top Innovator' buaite ag an 10ú Dámhachtainí Gnó Cheantar na nDugaí<br>• Ceantar na nDugaí Cliste ag fáil Dámhachtain 'Community Award' ag an 10ú Dámhachtainí Gnó Cheantar na nDugaí<br>• An chéad áit bainte amach ag 'Academy of the Near Future' sa Dámhachtain Éagsúlachta & Ionchuimsitheachta ag Ardchaighdeán Feabhais Chambers Ireland sna Dámhachtainí Rialtais Áitiúla |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | • Faigheann Tionscadal Smart D8 'Heart of Our City' tionscnamh Sláinte Phoiblí na Bliana ag Dámhachtainí Chúraim Sláinte na hÉireann 2022<br>• An rath ar Chlár ANF<br>• -Freastail ar 1050 scoláire ar fud Bhaile Átha Cliath, Chorcaigh, Chill Dara & Luimnigh<br>• Seolta chuig 62% de scoláirí baineanna<br>• - bhí 75% de na 23 scoil ina Scoileanna DEIS |
| **An tAonad Forbartha Gaeilge** | I mí Feabhra 2022, léirigh suirbhé ar líne a lorg dearcthaí ar sheirbhísí na Comhairle agus úsáid na Gaeilge laistigh den Chathair go mba mhaith le freagróirí níos mó Gaeilge a fheiceáil (69%) a chloisteáil (66%) agus a úsáid (61%) i mBaile Átha Cliath.<br><br>Seoladh Baile Átha Cliath le Gaeilge in 2022. Tá clár gníomhaíochtaí leagtha amach ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar le Conradh na Gaeilge lena n-áirítear líonra na Gaeilge a fhorbairt i measc gnólachtaí áitiúla. Tá an suíomh gréasáin cruthaithe www.baclegaeilge.ie a chuireann eolas, comhairle, agus tacaíocht ar fáil agus a fhógraíonn gach imeacht Gaeilge gan chostas sa chathair.<br><br>Bhí an chéad 'Lá Mór na Gaeilge' ar bun an 1 Bealtaine i gCearnóg Parnell Thuaidh. Agus é ag ceiliúradh éagsúlacht na gcainteoirí Gaeilge san ardchathair, bhí Lá Mór na Gaeilge ag taispeáint réimse saibhir léirithe, ar fad trí Ghaeilge lena n-áirítear seó tallainne, damhsa, ceol, cainteanna agus ceardlanna.<br><br>Le linn cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge, bhí ranganna teanga agus clár d'ábhar ar líne ar fáil do bhaill foirne.<br>Le linn 2022, chuir an tAonad seirbhís aistriúcháin agus profléitheoireachta ar fáil le Gaeilge a chuimsiú agus a mhéadú in imeachtaí agus i bhfeachtais éagsúla mar shampla Soilse Gheimhridh Bhaile Átha Cliath; Féile Athbhliana Lunar Bhaile Átha Cliath; Taisteal Gníomhach; DFB Recruitment; Fleadh Mhargadh na Feirme; Tionscadal Sheanséipéal & Reilig Ráth Eanaigh. |
| **Acmhainní agus Earcaíocht a chur ar fáil** | D'oibrigh an Roinn Acmhainní Daonna leis an lucht bainistíochta ar fud na heagraíochta chun a gcuid riachtanais acmhainní a chur ar fáil sa chomhthéacs pleananna seirbhíse a chur ar fáil.<br><br>Cuireadh dlús faoin mbliain leis an úsáid iomlán a baineadh as an ardán earcaíochta digiteach chun roinnt folúntas a earcú mar Oifigeach Córais, Oifigeach Foirne, Oifigeach Rothaíochta & Siúlóide, Cuntasóir, Innealtóir Cúnta agus Feidhmíochta, Comhraiceoir Dóiteáin, Faoiseamh-óstach agus leanadh ar aghaidh leis seo le linn 2022.<br>Leanamar ar aghaidh ag úsáid na teicneolaíochta chun agallaimh a dhéanamh go cianda i ngach catagóir folúntais. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur cuireadh acmhainní agus earcaíocht ar fáil sa chomhthéacs ina raibh timpeallacht oibriúcháin dhúshlánach le roinnt gnéithe a chuir isteach ar chumas na Comhairle fostaithe a earcú agus a choimeád ar fud na ngrád agus mar sin éileamh a bhaint amach d'acmhainní foirne.<br><br>Ina theannta sin, bhí an Chomhairle Cathrach i mbun feachtais earcaíochta d'Oibrí Ginearálta d'Oirthuaisceart Lár na Cathrach agus ceantair Bhaile Munna. |

# An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Bhí 106 comórtas ar fad fógartha le linn na bliana ar fud réimse leathan grád san eagraíocht.<br><br>Rinneadh ceapacháin ar fud réimse leathan grád in 2022 lena n-áirítear Bainisteoir Feidhmiúcháin Sealadach (Innealtóireacht), Oifigeach Foirne, Comhairleoir Tithíochta, Teicneoir Ealaíne, Ailtire Feidhmiúcháin, Innealtóir Cónaitheach, Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta Cúnta agus Feidhmiúcháin, Céimithe, Príomhgharraíodóir, Oibrithe ceardaíochta, Tiománaithe CE, Oibrithe Ginearálta.<br><br>Bhí roinnt feachtas ar bun ag an gComhairle Cathrach freisin agus ina dhiaidh sin líonadh, nó bhí siad ar tí folúntais a líonadh tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ar na róil a d'fhógair an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí bhí Príomhfheidhmeannach Cúnta Suirbhéir Cainníochta, Comhordaitheoir Forfheidhmiú Dramhaíola Sinsearach, Gníomhaire Cúnta Dlí, Ailtire Sinsearach, Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta Feidhmiúcháin Sinsearach, agus Bainisteoir Iosta.<br><br>D'fhan líon na ndaoine a d'fhostaigh an Chomhairle Cathrach seasta; bhí an líon daoine a bhí fostaithe sa Chomhairle an 31 Nollaig 2022 ag 5,897 (coibhéis lánaimseartha de 5,579) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, 2021 ina raibh 5,882 (coibhéis lánaimseartha de 5,571) a léiríonn méadú imeallach de níos lú ná 0.1%. |
| **An Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú** | Leanadh ar aghaidh le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm le linn 2022 le Pleananna Gníomhaíochta ranna a chur i gcrích do na Seirbhísí Acmhainní Daonna agus Corparáideacha agus na Ranna Trasfhoirmithe.<br><br>D'oibrigh an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) le dearthóir ríomhfhoghlama chun meascán de shé ríomh-mhodúl Cuimsiú san Ionad Oibre d'fhostaithe. San áireamh ar na modúil tá réamhrá agus modúil ar leith ar chuimsiú Ciníoch, LADT+, Míchumais, Aoise agus Inscne.<br><br>D'fhoilsigh an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) Treoirlínte Faisnéise Inrochtana d'fhostaithe ar eolas agus cumarsáid inrochtana. Chuaigh an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) i mbun scéime chun lonnaíochtaí oibre sealadacha ar bhunleibhéil a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas atá cláraithe le hInfhostaitheacht.<br><br>Bhí an Tuarascáil um Bhearna Pá idir na fir agus na mná curtha i gcrích agus foilsithe i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus an Aonad Sonraí & Anailísíochta. |
| **Caidrimh Fostaithe** | Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht rialta le hionadaithe fostaithe, Ceardchumainn agus comhlachtaí seachtracha ábhartha trí chomhpháirtíocht, rannpháirtíocht áitiúil agus meicníochtaí caidrimh thionsclaíocha bunaithe.<br><br>Chinntigh an t-aonad caidrimh idir fostóirí agus fostaithe comhlíontacht le rialacháin na seirbhíse poiblí agus treoirlínte maidir le fostaithe agus láithreacht san ionad oibre le linn dóibh filleadh ar an ionad oibre ar bhonn céimnithe agus obair chumaisc a chur i bhfeidhm. Tugadh tacaíocht leanúnach do gach roinn chun beartais acmhainní daonna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | Bhí láithreacht a bhainistiú mar phríomhthosaíocht i gcónaí. Cuireadh tús an athuair le gnáthnósanna imeachta tuairiscithe láithreachta, a cuireadh ar leataobh le linn thréimhse COVID-19. Cuireadh oiliúint láithreachta agus bainistiú feidhmíochta ar fáil do bhainisteoirí oibríochta d'fhostaithe maoirseachta agus bainistíochta éagsúla ar fud líon rannán.<br><br>Lean an Chomhairle Cathrach ar aghaidh le roinnt moltaí athraithe a chur chun cinn faoi Chomhaontuithe na Seirbhíse Poiblí agus chuir sí i bhfeidhm moltaí athraithe a comhaontaíodh go háitiúil lena chinntiú go mbainfí amach seachadadh seirbhíse feabhsaithe. |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre** | Tá sé mar phríomhaidhm ag Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre do 2022 feabhas suntasach agus dul chun cinn a léiriú ar fud réimse méadrach. Mar achoimre, tá siad sin roinnte idir méadraigh Riaracháin agus Straitéiseacha, Sláinte agus Folláine agus Sláinte agus Sábháilteachta Oibríochtúla.<br>• Chuaigh an fhoireann i ngleic le riaráiste foirne a bhí ag fanacht le cúrsaí Pas Shábháilte, (seo cúrsa éigeantach), a cruthaíodh mar gheall ar shrianta phaindéim COVID-19 ar an oiliúint seo.<br>• Gach aonad 130 AED ligthe ar ais go hiniúchóireacht fhisiciúil agus córas bogearraí bainistíochta sócmhainní atá curtha i bhfeidhm le déanaí in úsáid.<br>• Leanadh ar aghaidh leis an gClár um Vacsaíniú in aghaidh an fhliú a tosaíodh mar fhreagra ar COVID-19 agus fuair 670 ball foirne an vacsaín in 2022.<br>• Fuair 576 ball foirne an vacsaín inár gClinicí Heipitítis agus Teiteanais le linn 2022.<br>• Bhí cúrsaí oiliúna ar bun agus oileadh baill foirne sna cúrsaí seo a leanas le linn 2022: Ionadaithe Sábháilteachta 36 ball foirne, Pas Sábháilte 327 ball foirne, Garchabhair 230 ball foirne agus Measúnóirí VDU 70 ball foirne. |
| **Sláinte agus Folláine** | In 2022 d'fhilleamar ar ais chuig an gClár um Scagthástáil Sláinte, a bhí ar bun le haghaidh beagnach 10 seachtaine in áiteanna éagsúla agus a bhí oscailte do gach ball foirne, d'fhreastail 970 duine ar fad. Ar na tionscnaimh eile a cuireadh i bhfeidhm bhí:<br>• Feachtas Feasachta ar Ailse (go fíorúil & cuairteanna iosta aghaidh ar aghaidh)<br>• An chéad cheiliúradh fisiceach d'Fholláine san Ionad Oibre de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le sceideal lae iomlán de chainteanna & imeachtaí<br>• Ag obair i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Spóirt & Folláine ar ghníomhaíochtaí fisiciúla éagsúla do bhaill foirne (Her Outdoors, Clár Ióga & ranganna aclaíochta)<br>• Oiliúint ar Fheasacht Féinmharaithe a Chur chun cinn<br>• Seisiúin eolais curtha ar bun i rith na bliana ar philéir folláine éagsúla amhail fisiciúil, airgeadas, mothúchánach & cothaitheach.<br><br>Ina theannta sin, tá cothabháil agus nuashonrú an Mhoil Sláinte agus Folláine mar phríomhthosaíocht don fhoireann. |
| **Sláinte agus Sábháilteacht Oibríochtúil** | Ar na mórchuspóirí a baineadh amach:<br>• Bhí formhór na ráiteas sábháilteachta athbhreithnithe agus sínithe ag an bPríomhfheidhmeannach ar fud gach na ranna.<br>• Más rud é nach raibh Ráitis Sábháilteachta athbhreithnithe, tá plean i bhfeidhm chun iad a chur i gcrích faoi lár na bliana 2023.<br>• Mar a chéile, tugadh isteach Pleananna 3 Bliana do gach rannán go lár-théarmach, a bhfuil Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach acu.<br>• Baineann spriocanna agus cuspóirí sláinte agus sábháilteachta leis na Pleananna Lár-théarmacha seo a chabhróidh le ranna cloí le ISO 45001. |

# An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| | • Cuireadh oiliúint Teagmhas Tromchúiseach (SAE) i bhfeidhm do bhainisteoirí sinsearacha.<br>• Cuireadh oiliúint SAE le chéile agus cuireadh i bhfeidhm é do gach Oifigeach Sábháilteachta.<br>• Ceapadh cárta tiachóige a chuir síos ar na céimeanna le glacadh tar éis teagmhas den sórt SAE. Tugadh an cárta seo do gach bhall foirne tosaigh le faisnéis in éineacht leis.<br>• Ceapadh trí threoirdhoiciméad agus cuireadh in iúl iad do gach oifigeach sábháilteachta. Ba iad seo “Nós Imeachta Atreoraithe agus Tuairiscithe um Thimpiste, Eachtra & Neastimpiste”; “Modheolaíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun Measúnuithe Riosca, Ráitis Sábháilteachta Áitiúla & Coimhdeacha a fhorbairt” agus “Treoirlínte d’Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta nuair a chuirtear fios ort chuig Teagmhas Tromchúiseach”. |
| **Foghlaim, Feidhmíocht agus Forbairt** | Cuireadh réimse cúrsaí ar fáil idir mheascán de chúrsaí aghaidh ar aghaidh agus go fíorúil. Cuireadh cláir Forbartha Bainistíochta ar fáil go fíorúil.<br>• Cuireadh cúrsaí réamhscoir agus cúrsaí ionduchtaithe corparáideacha ar fáil go cianda le linn 2022. D’fhill treoshuíomh d’fhostaithe ar ar tugadh ardú céime agus d’fhostaithe a earcaíodh aghaidh ar aghaidh.<br>• Cuireadh oiliúint ar leith ar fáil do bhainisteoirí maidir le foirne cumaisc agus obair chumaisc a bhainistiú chun tacú le teacht isteach foirmeálta na hOibre Cumaisc.<br>• Tugadh clár oiliúna isteach d’Oibrithe Ginearálta i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliatha agus Ionad Oiliúna Oideachasúil Bhaile Formaid.<br>• Cuireadh clár rialachais corparáideach ar fáil go fíorúil do Bhainisteoirí Sinsearacha.<br>• Cuireadh deiseanna oiliúna breise ar fáil tríd an gcóras ríomhfhoghlama.<br>• Cuireadh tús an athuair ar na cláir Filleadh ar Fhoghlaim agus Scileanna Oibre. |
| **Príomhthionscadal Acmhainní Daonna** | In 2022, chuir an Chomhairle Cathrach Tástáil Inghlacthachta Úsáideoirí (UAT) i gcrích a bhí ag teastáil chun céim 1 de chóras Párolla agus Acmhainní Daonna PeopleXD a chur i bhfeidhm, atá mar chuid de Chlár Seirbhísí Párolla roinnte agus Acmhainní Daonna Náisiúnta |
| **Nochtadh Cosanta** | Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 4 nochtadh cosanta in 2022. Seo a leanas stádas reatha an 4 nochtadh:<br>Freagra eisithe: 2<br>Faoi imscrúdú: 2 |

# Tuairisc ar chomórtais earcaíochta

## Bhí 106 comórtas ar fad fógartha le linn na bliana ar fud réimse leathan grád san eagraíocht.

| Uimhir | Teideal an Phoist | Líon na nIarratas | Roinn | Líon ar an bPainéal |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Ailtire Feidhmiúcháin - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 68 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 26 |
| 2 | An Tríú hOifigeach - Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 11 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 2 |
| 3 | Anailísí Sonraí (Sealadach 3 bliana) | 81 | Seirbhísí Corparáideacha | 9 |
| 4 | Aturnae faoi Oiliúint (Sealadach) - An Roinn Dlí | 128 | Dlí | 12 |
| 5 | Bainisteoir Ábhar - Aonad Soláthair | 9 | Airgeadas | 3 |
| 6 | Bainisteoir Feidhmiúcháin (Innealtóireacht) (Sealadach 5 bliana) | 16 | Comhshaol agus Iompar | 2 |
| 7 | Bainisteoir Sonraí Corparáideacha & Anailíse (Sealadach) | 7 | Seirbhísí Corparáideacha agus Trasfhoirmiú | 1 |
| 8 | Bainisteoir Tionscadail - Clár Soláthair Tithíochta | 21 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 9 |
| 9 | Cartlannaí Cúnta | 224 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 2 |
| 10 | Ceann Foirne - Roinn na nÓstach Tithíochta (Seirbhís Feidhlithe), Cothabháil Tithíochta | 19 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 5 |
| 11 | Ceann Taighde - Feidhmeannach do Dhaoine gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHE) | 7 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 2 |
| 12 | Ceannfort ar Oibreacha | 2 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 2 |
| 13 | Ceannfort Oibríochtaí - Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach | 19 | Comhshaol agus Iompar | 4 |
| 14 | Ceimiceoir Feidhmiúcháin | 27 | Comhshaol agus Iompar | 4 |
| 15 | Cigire - Bainistiú Flít | 6 | Comhshaol agus Iompar | 1 |
| 16 | Cigire - Seirbhísí Uisce - Cothabháil Thuaisceart/Dheisceart na Cathrach | 22 | Comhshaol agus Iompar | 9 |
| 17 | Cigire - Seirbhísí Uisce - Príomhlíonra a shocrú | 17 | Comhshaol agus Iompar | 9 |
| 18 | Cigire - Seirbhísí Uisce - Stigh Lorgan | 11 | Comhshaol agus Iompar | 3 |
| 19 | Cigire Cúnta - Seirbhísí um Leas Ainmhithe | 11 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 2 |
| 20 | Comhairleoir Tithíochta - Roinn Sheirbhísí Tithíochta & Pobail | 100 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 46 |
| 21 | Cuntasóir 2022 | 16 | Airgeadas | 4 |
| 22 | Cuntasóir Sinsearach 2022 | 6 | Airgeadas | 4 |
| 23 | Faoiseamh-óstach (Ionaid Spóirt agus Caithimh Aimsire & Linnte Snámha) (Sealadach) 2022 | 62 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 30 |
| 24 | Faoiseamh-óstach, An Port Thoir | 2 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 2 |
| 25 | Garda Tarrthála - Trá Chnocán Doirinne - Séasúr an tSamhraidh, 2022 | 16 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 8 |
| 26 | Innealtóir Cónaithe (Sealadach) | 20 | Comhshaol agus Iompar | 7 |
| 27 | Innealtóir Cónaithe Sinsearach (Sealadach 6 mhí) - Tionscadal Chearnóg Parnell | 2 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 1 |
| 28 | Innealtóir Cónaithe Sinsearach (Sealadach) | 17 | Comhshaol agus Iompar | 8 |

| Uimhir | Teideal an Phoist | Líon na nIarratas | Roinn | Líon ar an bPainéal |
|---|---|---|---|---|
| 29 | Innealtóir Cónaithe Tionscadail (Sealadach) | 14 | Comhshaol agus Iompar | 4 |
| 30 | Innealtóir Cúnta - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 84 | Comhshaol agus Iompar | 16 |
| 31 | Innealtóir Cúnta Cónaithe (Sealadach) | 11 | Comhshaol agus Iompar | 4 |
| 32 | Innealtóir Feidhmiúcháin - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. | 85 | Comhshaol agus Iompar | 36 |
| 33 | Innealtóir Feidhmiúcháin - Leictreach | 11 | Comhshaol agus Iompar | 1 |
| 34 | Innealtóir le Céim (Leictreach) (Sealadach) - 2022 | 6 | Comhshaol agus Iompar | 2 |
| 35 | Innealtóir le Céim (Meicniúil) (Sealadach) - 2022 | 23 | Comhshaol agus Iompar | 7 |
| 36 | Innealtóir le Céim (Sibhialta) (Sealadach) - 2022 | 29 | Comhshaol agus Iompar | 6 |
| 37 | Leabharlannaí | 67 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 14 |
| 38 | Leabharlannaí Rannáin | 8 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 3 |
| 39 | Leabharlannaí Sinsearach | 18 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 9 |
| 40 | Leictreoir - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 62 | Comhshaol agus Iompar | 7 |
| 41 | Léiriú Spéise - Gairmí Sinsearach Feidhmiúcháin (Sealadach) Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide | 6 | Comhshaol agus Iompar | 2 |
| 42 | Léiriú Spéise - Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach - Oifigeach Riaracháin | 5 | Seirbhísí Corparáideacha agus Trasfhoirmiú | 3 |
| 43 | Léiriú Spéise - Oifigeach Cúnta Foirne/Oifigeach Foirne - Soláthar - an Roinn Airgeadais | 4 | Airgeadas | 4 |
| 44 | Léiriú Spéise - Oifigeach Foirne Sinsearach - Oifig Réigiúnach Ghníomhú ar son na hAeráide (Sealadach 3 bliana) | 3 | Comhshaol agus Iompar | 1 |
| 45 | Léiriú Spéise - Oirthuaisceart Lár na Cathrach - Oifigeach Riaracháin | 4 | Seirbhísí Corparáideacha agus Trasfhoirmiú | 1 |
| 46 | Luachálaí Cúnta - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 23 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 5 |
| 47 | Maoirseoir an Cheantair - Déanamh Cruach & Iosta Flít | 7 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 3 |
| 48 | Maoirseoir an Cheantair do Bhainistiú Dramhaíola | 65 | Comhshaol agus Iompar | 20 |
| 49 | Maoirseoir Ceantair - Roinn na bhFreastalaithe Tithíochta (Seirbhís Feidhlithe), Cothabháil Tithíochta | 21 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 8 |
| 50 | Mic Léinn - Dlí | 4 | Dlí | 4 |
| 51 | Mic Léinn - Intéirneach Cumarsáide, Cathracha Cliste | 4 | Seirbhísí Corparáideacha agus Trasfhoirmiú | 2 |
| 52 | Mic Léinn - Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide | 5 | Comhshaol agus Iompar | 3 |
| 53 | Mic Léinn - Saotharlann Lárnach | 5 | Comhshaol agus Iompar | 5 |
| 54 | Oibrí Ginearálta (Ceadúnas C) (Sealadach) | 71 | Comhshaol agus Iompar | 27 |
| 55 | Oibrí Ginearálta (Ceadúnas CE) (Sealadach) | 19 | Comhshaol agus Iompar | 8 |
| 56 | Oifigeach Caomhantais Ailtire Cúnta - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 29 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 7 |
| 57 | Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta Feidhmiúcháin - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 20 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 6 |
| 58 | Oifigeach Ceantair - An tAonad um Fhaisnéis Eagraíochtúil - Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 1 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 1 |
| 59 | Oifigeach Cléireachais - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 1314 | Acmhainní Daonna | 138 |
| 60 | Oifigeach Córas 2022 | 45 | Córais Faisnéise | 13 |
| 61 | Oifigeach Córas Iompair Cliste Feidhmiúcháin - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 16 | Comhshaol agus Iompar | 4 |

| Uimhir | Teideal an Phoist | Líon na nIarratas | Roinn | Líon ar an bPainéal |
|---|---|---|---|---|
| 62 | Oifigeach Córas Sinsearach 2022 | 24 | Córais Faisnéise | 8 |
| 63 | Oifigeach Cúnta Córas 2022 | 46 | Córais Faisnéise | 10 |
| 64 | Oifigeach Cúnta um Choisctheacht Dóiteáin - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 20 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 2 |
| 65 | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Oifig Tacaíochta na gClár Eorpach (Sealadach 3 bliana) | 39 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 2 |
| 66 | Oifigeach Feidhmiúcháin um Choisctheacht Dóiteáin | 21 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 3 |
| 67 | Oifigeach Foirne 2022 | 573 | Acmhainní Daonna | 110 |
| 68 | Oifigeach Foirne Leabharlainne | 28 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 10 |
| 69 | Oifigeach Forbartha Áitiúil - Clár um Phobail Shláintiúla Sláintecare | 45 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 10 |
| 70 | Oifigeach Oidhreachta le Céim (Sealadach 2 bhliain) | 79 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 7 |
| 71 | Oifigeach Páirceanna & Tírdhreacha Feidhmiúcháin | 32 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 8 |
| 72 | Oifigeach Páirceanna Ceantair Sinsearach - an Roinn Páirceanna, Bithéagsúlachta & Tírdhreacha | 5 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 3 |
| 73 | Oifigeach Rothaíochta & Siúlóide | 166 | Comhshaol agus Iompar | 9 |
| 74 | Oifigeach Stáisiúin - An tAonad um Fhaisnéis Eagraíochtúil - Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 16 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 7 |
| 75 | Oifigeach Stáisiúin - Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 21 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 18 |
| 76 | Oifigeach Tionscadail Eastáit | 59 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 8 |
| 77 | Oifigeach um Chathracha Gníomhacha (Sealadach) Comhpháirtíocht Spóirt & Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath | 44 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 2 |
| 78 | Pleanálaí Feidhmiúcháin - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 31 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 8 |
| 79 | Saoiste Garraíodóra - an Roinn Páirceanna, Bithéagsúlachta & Tírdhreacha | 16 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 11 |
| 80 | Seandálaí le Céim (Sealadach 2 bhliain) | 16 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 4 |
| 81 | Suirbhéir Tógála Cúnta | 13 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 2 |
| 82 | Teicneoir Ealaíne - Dánlann Hugh Lane | 3 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 2 |
| 83 | Teicneoir Ealaíne, Dánlann Hugh Lane 2022 | 97 | Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta | 8 |
| 84 | Teicneoir Feidhmiúcháin - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 35 | Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine | 12 |
| 85 | Teicneoir Ionstraimíochta Feidhmiúcháin (Teiliméadracht) | 6 | Comhshaol agus Iompar | 1 |
| 86 | Teicneoir Saotharlainne Feidhmiúcháin - Micribhitheolaíocht | 37 | Comhshaol agus Iompar | 5 |
| 87 | Teicneoir Saotharlainne Feidhmiúcháin - Oibreacha Uisce | 21 | Comhshaol agus Iompar | 2 |
| 88 | Teicneoir Saotharlainne Ghrád 2 - Ceimic | 56 | Comhshaol agus Iompar | 8 |
| 89 | Teicneoir Saotharlainne Grád 2 - Micribhitheolaíocht | 52 | Comhshaol agus Iompar | 6 |
| 90 | Tithíocht ar dTús - Comhordaitheoir For-rochtana - DRHE | 38 | Seirbhísí Tithíochta agus Pobail | 2 |

# An Roinn Dlí

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2022 |
|---|---|
| An Roinn Dlí | • Glacadh páirt leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ar fhorálacha agus cleachtas agus nós imeachta dlíthiúla OCÉ<br>• Rannpháirtíocht foirne ar ghrúpa stiúrtha maoinithe AE agus turas chuig an mBruiséil in 2022<br>• Óstáil rathúil de Chomhlachas Barra Aturnaetha na nÚdarás Áitiúil do chomhdháil an gheimhridh<br>• Cuireadh tús le tionscnamh ón Roinn Dlí d'aturnae faoi oiliúint le linn 2022<br>• Méadú ar an bpunann agus soláthar seirbhísí laistigh d'árachas agus nithe a bhaineann leis |
| Saoráil Faisnéise. | • Pearsanta: 235<br>• Neamhphearsanta: 445<br>• Measctha: 0<br>• An líon iarratas a próiseáladh in 2020: 680<br>• Iarratais a deonaíodh: 245<br>• Iarratais páirt-dheonaithe: 274<br>• Iarratais a diúltaíodh: 129<br>• Iarratais a aistríodh: 1<br>• Iarratais a tarraingíodh siar: 50<br>• Iarratais arna dtarraingt siar agus arna láimhseáil lasmuigh de Shaoráil Faisnéise: 29<br>• Iarratais a fuarthas le hathbhreithniú go hInmheánach: 44<br>• Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise: 8<br>• Líon na gcásanna beo ar 31/12/2019: 45 |
| An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí | Oiliúint an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ar líne a chur i bhfeidhm go hiomlán do gach ball foirne incháilithe. Tús an athuair ar oiliúint aghaidh ar aghaidh don fhoireann. Oiliúint RGCS do Bhaill Thofa.<br>• Iarratais Duine ar a S(h)onraí a Fuarthas: 265<br>• Gearáin/Ceisteanna a fuarthas: 4<br>• Sáruithe: 80<br>• Sáruithe curtha in iúl don CCS: 3 |

# Ráitis Airgeadais
# Bhliantúla

# Réamhrá

Tá áthas orm Ráitis Airgeadais Bhliantúla Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur i láthair don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022. Tugtar figiúirí comparáideacha do 2021.

Is í Cathair Bhaile Átha Cliath an mol geilleagrach de cheantar Bhaile Átha Cliath, atá mar mhol geilleagrach den Stát. Tá geilleagar éagsúil ag Cathair Bhaile Átha Cliath, foinse fostaíochta agus ioncaim do cheantar i bhfad lasmuigh den Chathair féin. Is ionad é Baile Átha Cliath do ghníomhaíochtaí miondíola, airgeadais, ardoideachais, leighis, cultúrtha agus siamsaíochta.

Tá athruithe tagtha ar an ngnáthshaol laethúil ag gnólachtaí agus ag pobail araon trí thionchar na paindéime, ionradh na Rúise ar an Úcráin agus méaduithe géara ar chostais mhaireachtála. Anois i Márta 2023, táimid dóchasach go dtiocfaidh feabhas ar choinníollacha geilleagracha, cé go bhfuil boilsciú ag leanúint ar aghaidh ar ardrátaí stairiúla, seo a leanas thíos na hardrátaí tuartha. Tá gá i gcónaí le faireachas agus bainistíocht éifeachtach leanúnach ar víris.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2022

Bhí barrachas de €0.6m ar an iomlán ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don bhliain, agus nuair a chuirtear lenár gcúlchiste ginearálta de €41.3m thug sé cúlchiste dúnta de €41.9m. Bhí iarmhéid sochair de €4.6m ag stad bainc na Comhairle ag deireadh 2022, agus d'oibrigh an Chomhairle i gcreidmheas le haghaidh 365 lá in 2022. Ag deireadh na bliana, bhí €484.2m infheistithe ag an gComhairle in institiúidí airgeadais thar ár gceann agus ar chomhthaisce.

Áiríodh in iarmhéid bainc/infheistíochta na Comhairle Cathrach €2m a bhain le Fuascailtí Iasachta agus Athiasachtú, €2.9m a fuarthas ó Uisce Éireann maidir le Comhaontú Seirbhíse, agus €22.3m taiscithe in-aisíoctha. Tá níos mó sonraí ar fáil i Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí.

Tháinig laghdú ar fhéichiúnaithe trádála ag deireadh 2022 go €345.0m comhlán ó €361.5m in 2021, agus laghdaigh go €183.6m glan de sholáthar drochfhiacha ó €204.2m in 2021. Tá sé sin mar gheall ar laghdú i bhféichiúnaithe an Rialtais de €25.6m agus méadú ar fhéichiúnaithe i dTobhach Forbartha de €10.9m. Bhí méadú freisin ar sholáthar in aghaidh drochfhiacha de €4.2m (féach nóta 5, leathanach 19).

Athraíonn agus meaitseálann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath caiteachas oibríochtúil ó lá go lá agus a chlár infheistíochta caipitil fadtéarmach atá ar fáil le maoiniú agus acmhainní. An rud atá lárnach faoi gach ceann de sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ná an cuspóir gnólachtaí agus teaghlaigh a chothabháil agus a thacú, níos mó ná riamh tríd an bpaindéim.

## Bearta Bainistíochta Airgeadais 2022

Le linn 2022, ar na príomhghnéithe a raibh tionchar acu ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bhí an t-ardú géar ar bhoilsciú, méaduithe stairiúla i bpraghsanna fuinnimh, na tionchair d'ionradh na Rúise ar an Úcráin agus iarmhairtí leanúnacha na paindéime.

## Ráitis Chuntasaíochta, Nótaí agus Aguisíní

Tá sé mar aidhm ag an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil stad airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur i láthair go cothrom faoi mar a bhí ag deireadh 2022.  Baintear an méid sin amach trí Ráitis, Nótaí agus Aguisíní, mar a theastaíonn ón gcreat cuntasaíochta rialála a leag an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta amach.  Tá cuspóir gach ceann de na doiciméid seo leagtha amach sa ghluais.

## Athruithe ar Bheartais Chuntasaíochta

Ní raibh aon athruithe ar bheartais chuntasaíochta éifeachtach do Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022.

## Caiteachas Ioncaim

Le linn 2022, €1143.9m a bhí sa chaiteachas ioncaim (i.e. oibríochtaí ó lá go lá) le hioncaim de €1,144.5m, a thugann farasbarr ioncaim thar chaiteachas de €0.6m (féach Tábla 1).  Léiríonn an méid sin laghdú de €0.6m ar Chúlchistí Ginearálta.

**TÁBLA 1: CAITEACHAS IONCAIM 2022**

| | €M |
|---|---|
| Caiteachas Ioncaim ar Sheirbhís na Comhairle Cathrach | 1,143.9 |
| Ioncam Cánach (Deontais Rialtais, Muirir Seirbhísí & Rátaí) | 1,144.5 |
| Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas | 0.6 |

Féach nóta 16

## Aistrithe go Cúlchiste

Mar a éilíonn an creat cuntasaíochta rialála arna leagan síos ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tá an caiteachas a thaispeántar i Ráiteas 2022 ar Ioncam Cuimsitheach glan ó aistriú chuig cúlchistí (i.e. eisiatar aistriú chuig cúlchistí). Tugann Nóta 14 “Aistrithe ón / chuig an gCúlchiste” níos mó sonraí ar na haistrithe seo.  Tá an difear ó ollchaiteachas go glanchaiteachas mar a léirítear san AFS leagtha amach i dTábla 2.

**TÁBLA 2: ANAILÍS AR CHAITEACHAS 2022**

| | €M |
|---|---|
| Caiteachas | 1,076.7 |
| Aistrithe go Cuntas Caipitil | 47.5 |
| Aistrithe go Cúl-iasachtaí | 19.7 |
| Caiteachas Deiridh | 1,143.9 |

Féach Nóta 14

Cuirtear ioncam in iúl freisin san AFS glan aistrithe ó chúlchistí, mar a chuirtear i láthair i dTábla 3.

**TÁBLA 3: ANAILÍS AR IONCAM 2022**

| | €M |
|---|---|
| Ioncam | 750.4 |
| Ioncam Rátaí | 366.4 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) | 23.2 |
| Ioncaim roimh Aistrithe | 1,140.0 |
| Móide Aistrithe ó Chúlchistí | 4.5 |
| Ioncam Deiridh | 1,144.5 |

Féach nóta 15

## Caiteachas Caipitiúil

Bhí caiteachas in 2022 ar thionscadail chaipitil agus glaninfheistíocht ar aistrithe inmheánacha ag €400.4m. Tá an caiteachas seo mar chuid den Chlár Caipitil 2022 go 2024 de €2,401.8m. Maoiníodh an caiteachas seo de €400.4m trí ioncam glan ó aistrithe de €456.9 agus glan-aistrithe de €43m, rud a thug farasbarr ioncaim thar chaiteachas de €99.5m. (Féach Tábla 4).

**TÁBLA 4: CUNTAS CAIPITIL 2022**

| | €M |
|---|---|
| Iarmhéid Oscailte (Creidmheas) | 196.7 |
| Caiteachas ar an 31 Nollaig 2022 | 400.4 |
| Ioncam | 456.9 |
| Glanaistrithe (€47.5 - €4.5) | 43.0 |
| Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig 2022 (Creidmheas) | 296.2 |

Féach Aguisín 5

## Beartais Chuntasaíochta

Tá na Beartais Chuntasaíochta a úsáidtear in ullmhú an AFS leagtha amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta. Comhlíonann Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath go hiomlán an creat cuntasaíochta rialála arna chinneadh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## Iniúchadh Reachtúil

Téann Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath faoi Iniúchadh Bliantúil, a cheanglaítear le reacht, a dhéanann an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (LGAS). Thosaigh an tIniúchadh don bhliain airgeadais 2022 i mí na Nollag 2022. Soláthraíonn an tIniúchadh seo athbhreithniú neamhspleách chun léiriú cothrom a chinntiú ar staid airgeadais Chomhairle Cathair Bhaile Átha Cliath. Tá Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath faoi réir iniúchta freisin maidir le maoiniú AE, maoiniú NRA, comhlíonadh cánach agus iniúchtaí a bhfuil cuspóir Luach ar Airgead acu tríd an LGAS.

## Ranníocaíochtaí Forbartha

Le halt 48 den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000, arna leasú, cuirtear ar chumas Údarás Pleanála, agus cead pleanála á dheonú aige faoi Alt 34 den Acht, coinníollacha a cheangal lena gceanglaítear ranníocaíocht a íoc i leith bonneagair phoiblí agus saoráidí atá chun leasa fhorbairt réimse riaracháin an Údaráis Phleanála. Baineann sé seo le bonneagar agus saoráidí poiblí a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil nó thar a cheann (nó beag beann ar fhoinsí eile maoinithe don bhonneagar agus do na saoráidí).

In alt 48(2) sonraítear go mbeidh an bunús chun an ranníocaíocht a chinneadh leagtha amach i Scéim Ranníocaíochta Forbartha. Tháinig an chéad Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoin Acht 2000 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Ghlac an Chomhairle Cathrach le Scéim Ranníocaíochta Forbartha reatha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2020-2023 i mí an Mhárta 2020 tar éis an athbhreithnithe ar scéim 2016-2020. Cuimsítear sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain airgeadais 2022 luachanna d'fhéichiúnaithe ranníocaíochtaí forbartha mar atá leagtha amach i dTábla 5.

| TÁBLA 5: FÉICHIÚNAITHE RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA 2022 | €M |
|---|---|
| Ranníocaíochtaí Forbartha ag Deireadh na Bliana | 66.9 |

Féach Nóta 5

## Rátaí

Gearrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath rátaí ar áititheoirí agus úinéirí (i gcásanna áirithe) réadmhaoine tráchtála i gCathair Bhaile Átha Cliath. B'ionann ioncam rátaí in 2022 agus €366.4m, agus is ionann é agus 32% de mhaoiniú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do sheirbhísí laethúla.

Tá na rátaí bunaithe ar luachálacha inrátáilte ar réadmhaoine mar atá leagtha amach ag an gCoimisinéir Luachála, agus tá an Ráta Bliantúil ar Luacháil (an t-iolraitheoir) a shocraíonn an fheidhm fhorchoimeádta de Chomhaltaí Tofa de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (féach Tábla 6).

Tá rátaí tráchtála mar bhonn agus taca leis na seirbhísí go léir a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath srian i bhfeidhm i socrú táillí rátaí tráchtála chun tacú le hiomaíochas sa gheilleagar, go náisiúnta agus go háitiúil, agus chun ráta tráchtála a choinneáil laistigh den Chathair. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur foinse maoinithe suntasach iad rátaí tráchtála do sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus dá bhrí sin tá an fheidhmíocht maidir le bailiú rátaí ríthábhachtach. Tháinig laghdú €7.4m go €30.7m ar riaráistí ag deireadh 2022. Mhéadaigh bailiúchán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de mhuirear na bliana reatha in 2022 go 92%.

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach rud a láimhseáil go cothrom lena chinntiú go n-íocann gnólachtaí rátaí agus ag tacú leis na gnólachtaí seo más rud é go bhfuil brúnna airgeadais i gceist. Feidhmíonn an Chomhairle a beartas rátaí ar bhonn comhsheasmhach, le solúbthacht agus réasúntacht, ag iarraidh a chinntiú, nuair a bhíonn deacrachtaí airgeadais ann, gur féidir socruithe a chur i bhfeidhm a cheadaíonn rátaí a íoc ar bhonn a éascaíonn do ghnólachtaí leanúint ar aghaidh ag trádáil.


Tá sonraí íocóirí rátaí tráchtála i gCathair Bhaile Átha Cliath de réir banda in 2022 leagtha amach i dTábla 8 thuas. Bhí muirear rátaí de €10,000 nó níos lú ag 75% d'íocóirí rátaí tráchtála in 2022, bhí muirear rátaí de €5k nó níos lú ag 55% in 2022 agus bhí muirear rátaí faoi €3k ar bheagnach 37% in 2022. I gcodarsnacht leis sin, d'íoc 2.5% d'íocóirí rátaí tráchtála nó 499 cuntas os cionn 50% de dhochar iomlán na rátaí. Agus fios acu faoin ngeilleagar sa chúlra bhí an Ráta Bliantúil ar Luacháil comhsheasmhach i mBuiséad 2022.

**TÁBLA 6: IONCAM RÁTAÍ 2019 - 2022**

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Luachálacha Tráchtála Inrátaithe na Cathrach | 1.296b | 1.335b | 1.354b | 1.367b |
| ARV (iolraitheoir) | 0.261 | 0.268 | 0.268 | 0.268 |
| Ioncam Rátaí | 338.3m | 357.7m | 362.9m | 366.4m |

**TÁBLA 7: RIARÁISTÍ RÁTAÍ 2018 - 2022**

| 2018 €M | 2019 €M | 2020 €M | 2021 €M | 2022 €M |
|---|---|---|---|---|
| 27.8 | 23.1 | 34.1 | 38.1 | 30.7 |



**TÁBLA 8 - SONRAÍ ÍOCÓIRÍ RÁTAÍ TRÁCHTÁLA 2022**

| Táille 2022 | Líon na gCuntas | Iomlán Carnach | % in aghaidh an bhanda | Iomlán Carnach | Dochar iomlán in aghaidh an bhanda | % an Dochair | Iomlán Carnach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €1-€999 | 1,861 | 1,861 | 9.24% | 9.24% | €1,130,629 | 0.31% | 0.31% |
| €1,000-€3,000 | 5,644 | 7,505 | 28.02% | 37.26% | €11,027,651 | 3.01% | 3.32% |
| €3,000-€5,000 | 3,611 | 11,116 | 17.93% | 55.19% | €14,108.562 | 3.85% | 7.17% |
| €5,000-€10,000 | 3,969 | 15,085 | 19.71% | 74.89% | €27,865,592 | 7.60% | 14.77% |
| €10,000-€25,000 | 2,869 | 17,954 | 14.24% | 89.1% | €44,241,776 | 12.07% | 26.85% |
| €25,000-€50,000 | 1,110 | 19,064 | 5.51% | 94.65% | €38,986,722 | 10.64% | 37.48% |
| €50,000-€75,000 | 401 | 19,465 | 1.99% | 96.64% | €24,321,874 | 6.64% | 44.12% |
| €75,000-€100,000 | 178 | 19,643 | 0.88% | 97.52% | €15,376,889 | 4.20% | 48.23% |
| €100,000-€500,000 | 427 | 20,070 | 2.12% | 99.64% | €84,834,117 | 23.15% | 71.47% |
| €500,000- | 72 | 20,142 | 0.36% | 100.00% | €104,553,151 | 28.53% | 100.00% |
| **Iomlán** | **20142** | | **100.00%** | | **€366,446,962** | **100.00%** | |

## Bainistíocht Airgeadais

**Córas um Rialuithe Inmheánacha**

Aithníonn Feidhmeannas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a fhreagracht as córais rialaithe inmheánaigh i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil córais rialaithe éifeachtach. Féadann na córais seo dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil. Cuireann córais rialaithe inmheánacha éifeachtacha ar chumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a cuid freagrachtaí as sláine agus cruinneas a cuid taifead cuntasaíochta a chomhlíonadh.

Tá céimeanna glactha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí na Bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Cultúr láidir cuntasachta a neartú ar gach leibhéal den eagraíocht
- Obair na hIniúchóireachta Inmheánaí
- Obair na Príomh-Oifige Soláthair
- Obair an Aonaid Bainistíochta Riosca
- Obair an Oifigigh Eitice
- Obair an Choiste Iniúchóireachta
- Obair na hOifige Tacaíochta um Thionscadail Chorparáideacha
- An Cód Caiteachais Phoiblí
- Iniúchadh Seachtrach agus grinnscrúdú trí go leor bealaí lena n-áirítear NOAC.

Tá tuairisciú bainistíochta airgeadais i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath láidir agus críochnúil. Cinntíonn córas docht monatóireachta airgeadais míosúil go sainaithnítear aon athraitheas buiséid suntasach agus go ndéantar bearta iomchuí chun aon drochthionchar airgeadais a íoslaghdú.  Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta.  Áirítear ann go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le Buiséad Bliantúil a ndéanann na Baill Tofa athbhreithniú agus comhaontú air
- Athbhreithnithe airgeadais rialta; tuarascálacha airgeadais seachtainiúla, míosúla agus ráithiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí ar mheastóireacht ar chaiteachas agus ar anailís ioncaim agus athraitheacha
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil sainmhínithe go soiléir
- Disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta
- Dian-bheartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun airgead a ghlacadh, a thaifeadadh agus a rialú.  Déantar na nósanna imeachta seo a athbhreithniú agus a iniúchadh go rialta.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Is é príomhról na hIniúchóireachta Inmheánaí dearbhú a thabhairt don Bhainistíocht Shinsearach agus don Choiste Iniúchóireachta go bhfuil na rioscaí éagsúla atá os comhair na Comhairle aitheanta agus rialuithe inmheánacha iomchuí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú.

Is príomhpháirt é an tIniúchadh Inmheánach sa phróiseas Rialachais Chorparáidigh agus cuireann sé go mór le bainistíocht éifeachtach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.  Is prionsabail thábhachtacha iad coincheapa na cuntasachta agus na trédhearcachta maidir le rialachas freagrach, rud a thugann le tuiscint go bhfuil grinnscrúdú agus riachtanas tuairisciú ar fheidhmíocht.  Éascaíonn Iniúchadh Inmheánach an próiseas seo trí fheidhm athbhreithnithe neamhspleách a sholáthar don Bhainistíocht, chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí á soláthar ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch agus i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla. In 2022, críochnaíodh 16 Thuarascáil Iniúchta Inmheánaigh, lena n-áirítear 3 Thuarascáil Seiceála “mionsonraithe” mar a éilítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

## Bainistíocht agus Baill foirne

In 2022, léirigh foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath arís go bhfuil siad tiomanta do fhreastal ar ár gCathair. Tá an fhoireann tar éis oiriúnú, nuáil, solúbthacht a léiriú chun an toradh is fearr a bhaint amach do Bhaile Átha Cliath.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta go hiomlán d’fhorbairt foirne, lena n-áirítear folláine na foirne a neartú a léiríonn comhthéacs sonrach na timpeallachta oibre paindéime-bhunaithe.  Is tosaíocht iomlán í sláinte agus sábháilteacht na foirne agus tá gach gníomhaíocht oibre treoraithe ag comhairle sláinte poiblí agus leas na foirne agus na gcustaiméirí. Is fostóir comhdheiseanna í an Chomhairle. Tá scéim tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach don fhoireann á feidhmiú ag an Rannóg Airgeadais agus ag Rannóga eile chun cabhrú leo scileanna agus eolas gairmiúil a choinneáil agus a fhorbairt.

## An Coiste Beartais Straitéiseach Airgeadais (CBSA) 2022

Tugann an Coiste Beartais Straitéiseach Airgeadais ceannaireacht agus treoir ar phríomhréimsí a bhaineann le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a mhaoiniú. Ba iad na príomhábhair a leanadh le linn 2022:

**Saincheisteanna maoinithe:**

- Tuarascáil Rátaí – léargas ar riaráistí rátaí tráchtála amhail Nollaig 2021
- Fadhbanna maidir le maoiniú Rialtais Áitiúil agus Fochoiste Maoinithe Rialtais Áitiúil a bhunú
- Cáin Lóistín
- Beartas le hairgead a iarradh - comhaontaithe, fodhlíthe sa phróiseas athnuachana
- Riaráistí cíosa tithíochta agus plean téarnamh riaráistí
- Maoiniú ar Bhonneagar Bóithre - maoiniú íseal ar shócmhainní bóithre a chothabháil ón Roinn Iompair
- Baile Átha Cliath agus an Plean Forbartha Náisiúnta- tionchar airgeadais ar Bhaile Átha Cliath

**Saincheisteanna Rialachais:**

- An Coiste Iniúchóireachta - Miontuairiscí comhaontaithe lena n-athbhreithniú

**Fadhbanna a bhaineann le hairgeadas agus soláthar chun forbairt an phobail a neartú:**

- Forbairt Maoine Pobail - Plean Forfheidhmithe a chur i bhfeidhm ar fud na Comhairle Cathrach
- Slua-chistiú Cathartha - próiseas tairisceana curtha i gcrích agus tairgeoir is fearr roghnaithe

**Tuarascálacha chuig an gCoiste lena n-áirítear:**

- Baile Átha Cliath agus an Plean Forbartha Náisiúnta
- Forbairt Maoine Pobail i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - Plean Forfheidhmithe
- Tuarascáil Rátaí
- Fochoiste Maoinithe Rialtais Áitiúil
- Gné Coigeartaithe Áitiúil Cháin Mhaoine Áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Beartas le hairgead a iarradh
- Slua-chistiú Cathartha - Nuashonrú
- Forbairt Maoine Pobail - Nuashonrú
- An t-eolas is déanaí ar Fhochoiste Maoinithe Rialtais Áitiúil
- Cáin Lóistín
- Tuarascáil an Choimisiúin ar Cháin agus Leas
- Gné Coigeartaithe Áitiúil Cháin Mhaoine Áitiúil

**Tuarascálacha chuig an gCoiste lena n-áirítear:**

- Riaráistí ar Chíosanna Tithíochta
- Athbhreithniú ar Mhaoiniú Rialtais Áitiúil mar a bhaineann le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Plean Forfheidhmithe ar Fhorbairt Maoine Pobail
- Maoiniú Ioncaim Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Straitéis AE Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2022-2027
- Bailiúchán Cíosa agus Téarnamh Riaráistí

## Forléargas ar Thosaíochtaí do 2023

## Ag Maireachtáil le Covid

Leanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar aghaidh ag cuimhneamh ar chomhairle sláinte poiblí agus muid ag foghlaim chun maireachtáil le Covid 19 nó athraitheacha Covid 19.  D'athraigh an phaindéim iompraíochtaí gnó agus maireachtála, a bhfanfaidh go leor acu agus caithfear iad a léiriú sa chaoi a bhfuil cónaí orainn.

## Baile Átha Cliath tar éis na paindéime

Is eispéireas uathúil é Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, le tairiscint miondíola, sóisialta, fóillíochta, taitneamhachtaí agus cultúir. Is léir go raibh tionchar díréireach ag an bpaindéim ar gheilleagar Bhaile Átha Cliath, mar gheall ar thábhacht ár bpríomh-earnálacha seirbhíse agus go háirithe geilleagar lár na cathrach, príomhchathair ár náisiúin. Oibreoimid in 2023 le gnólachtaí chun lár na cathrach a neartú agus chun líon na gcustaiméirí a fháil ar ais.

## An Cogadh san Úcráin

Chuir an Cogadh san Úcráin aiféaltas orainn go léir ó thaobh an chaillteanais dhaonna inseachanta agus an tionchar tubaisteach ar shaoránaigh na hÚcráine. Tá fíorthionchar ar gheilleagar an domhain, lena n-áirítear tionchair gheilleagracha agus airgeadais atá le brath fós i mBaile Átha Cliath agus thart timpeall an domhain. Déanfaimid monatóireacht ghéar ar bhonn costais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar éifeacht na bpraghsanna athraitheacha, inrochtaineacht acmhainní/ciondáil.

## Boilsciú

I rith na míonna deireanacha de 2022, bhí an boilsciú ag buaic de 9.2%, ardú géar ó ghnáthleibhéil bhoilscithe sna blianta roimhe seo. Is mór an seans go mbeidh leibhéil bhoilscithe níos airde fós i gceist le tionchar an chogaidh san Úcráin, go háirithe maidir le soláthar agus úsáid fuinnimh ach freisin maidir le slabhraí soláthair níos leithne. D'fhéadfadh sé seo brú a chur ar chumas CCBÁC seirbhísí a sholáthar. Coinneofar súil ghéar ar fhorbairtí airgeadais in 2023.

## Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)

Tá ollchóiriú mór ar an gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) lárnach chun maoiniú inbhuanaithe rialtais áitiúil a fhorbairt atá riachtanach don timpeallacht iar-phaindéimeach. Tugadh an cháin seo isteach i mí Iúil 2013 agus ó shin i leith tá maoiniú lánroghnach CMÁ atá ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le breithniú mar chuid den phróiseas buiséadach faoi bhun na n-ionchas agus níl ag éirí go maith leis. Ní raibh toradh fabhrach ar an gcreat CMÁ mar a cuireadh i bhfeidhm é ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le tacú le soláthar seirbhíse. I ngach bliain as a chéile, is gnách go mbíonn an glanmhaoiniú breise tríd an CMÁ, atá le leithdháileadh de réir rogha na gComhaltaí Tofa, thart ar 7% nó in 2023, €7m de dhliteanas CMÁ bunúsach iomlán do Chathair Bhaile Átha Cliath de €94.6m.

Is é toradh an CMÁ gurb iad údaráis áitiúla eile agus an státchiste na príomhfhaighteoirí ar thoradh cánach CMÁ de theaghlaigh i gCathair Bhaile Átha Cliath. Vótáil na Comhaltaí Tofa ar son agus chuir siad laghdú de 15% i bhfeidhm ar an mbunráta CMÁ do Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ar an gcaoi sin laghdaigh dliteanas an tí ach dá réir sin maoiniú féideartha na Comhairle Cathrach do sheirbhísí le €14.2m.

Ansin cuireann an Roinn in iúl do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi mhéid fáltas CMÁ atá le húsáid le haghaidh 'féin-mhaoiniú' tithíochta agus bóithre. Is téarma é 'féin-mhaoiniú' a úsáideann an Rialtas i gcomhthéacs CMÁ a úsáideann cur chuige 'riachtanas agus acmhainní'. Tugann sé le tuiscint go bhfuil go leor acmhainní ag údaráis áitiúla atá rangaithe mar 'féin-mhaoiniú' chun freastal ar a gcuid riachtanas. I gcomhthéacs CMÁ, leithdháiltear údaráis áitiúla 'féinmhaoinithe' ar fháltais CMÁ mar mhalairt ar mhaoiniú deontais roimhe seo. Cuireadh in iúl do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go maoineoidh fáltais CMÁ €54.2m in 2023 seirbhísí tithíochta agus bóithre, nithe a maoiníodh le deontas roimhe seo. Ina theannta sin, cuirtear fáltais CMÁ i bhfeidhm ar mhaoiniú bunlíne, go háirithe asbhaintí a bhaineann le pinsean agus an Deontas Cuspóra Ghinearálta. Mar a thuairiscítear thuas, mhaoinigh

an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an dá ábhar roimhe seo ach tá siad á maoiniú anois ag admhálacha CMÁ. Tá €19.1m breise i gceist leo seo. Is éard atá sa ghlan iarmharach de €7m ná toradh maoinithe do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun go mbeadh lánrogha ag Comhaltaí Tofa ar an gcaoi a gcuirtear na cistí sin i bhfeidhm. Is ionann é seo agus 7% de luach iomlán an mhaoinithe ionchasaigh CMÁ. (Féach Tábla 12 thíos).

**TÁBLA 11 - LEITHDHÁILEADH CMÁ LÁNROGHNACH**

**Maoiniú CMÁ B2022 & B2023**

| | 2022 € | 2023 € | Movement € |
|---|---|---|---|
| CMÁ Chathair Bhaile Átha Cliath - 100% | 82,048,235 | 94,556,845 | 12,508,610 |
| Ciste an Chomhionannaithe - 20% | 16,409,647 | - | (16,409,647) |
| CMÁ Coinnithe go hÁitiúil - 80% | 65,638,588 | 94,556,845 | 28,918,257 |
| Cuir an Bunráta CMÁ i bhfeidhm in 2023 | 12,307,235 | 14,183,527 | 1,876,292 |
| **Maoiniú CMÁ** | **53,331,353** | **80,373,318** | **27,041,966** |
| | | | |
| **Leithdháileadh Maoiniú CMÁ** | | | |
| Féinmhaoiniú - Tithíocht & Bóithre | 30,133,649 | 54,185,963 | 24,052,314 |
| Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (PRD) | 16,428,262 | 16,428,262 | - |
| Maoiniú Stairiúil (Deontais um Chuspóir Ghinearálta) | 2,667,330 | 2,667,330 | - |
| Maoiniú Lánroghnach | 4,102,112 | 7,091,763 | 2,989,652 |
| | **53,331,353** | **80,373,318** | **27,041,966** |

# Conclúid

Rinne foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iarracht mhór in 2022 seirbhísí na comhairle a chothabháil a mhéid is ab fhéidir, agus treoirlínte sláinte poiblí á gcomhlíonadh acu agus riachtanais a bhí ag síorathrú inár gCathair á bplé acu. Táimid buíoch as ucht tiomantas na foirne agus bainistíochta na seirbhísí uile de chuid na Comhairle Cathrach a chuir seirbhísí ar fáil do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath, le tacaíocht na gComhaltaí Tofa, agus is mór againn an tiomantas sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na rannóg go léir as a gcomhoibriú agus go háirithe le mo chomhghleacaithe sa Roinn Airgeadais as a gcuid oibre maidir leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a tháirgeadh. Míle buíochas go háirithe le Antoinette Power, Ceann Cuntasaíochta Airgeadais a chuaigh ar scor i mí na Samhna 2022 tar éis gairm fhada tiomanta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Victor Leonov, Ceannaire ar Chuntasaíocht Airgeadais agus le foireann an Aonaid Cuntasaíochta Airgeadais. Is mian liom freisin buíochas a ghabháil le baill Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir lena mbreithniú i réiteach líon mór na bhfadhbanna airgeadais a tháinig chun cinn i rith 2022.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair chomhaltaí an Choiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais agus an Choiste Iniúchta. Trína rannchuidiú, tugann siad a gcuid ama, scileanna agus taithí go flaithiúil.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Louise Ryan, Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta as a tiomantas i leith rialachais agus cuntasachta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gComhairleoir Séamas McGrattan, Cathaoirleach an Choiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais as a thiomantas maoiniú agus cobhsaíocht airgeadais a fháil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**Kathy Quinn, FCPFA**
Ceannasaí Airgeadais

# Ráiteas ar
# Bheartais Chuntasaíochta

## 1. Go Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais de réir Chód Cleachtais na Cuntasaíochta ACoP maidir le cuntasaíocht na n-údarás áitiúil, mar atá athbhreithnithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) amhail an 31 Nollaig 2022. Ní mór neamhchomhlíonadh na mbeartas cuntasaíochta mar tá leagtha amach i gCód Cleachtais na Cuntasaíochta a lua sna Beartais agus sna Nótaí leis na Cuntais.

## 2. Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí (Ráiteas Sreabhaidh Cistí)

Tá Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí tugtha isteach mar chuid de AFS 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá difríocht mhór idir gnó na n-údarás áitiúil agus gnó fhormhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeadh brí leis na sonraí atá ar taispeáint agus go mbeidís úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Ar an gcúis seo, tugtar "Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí" ar an ráiteas. Áirítear Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí sna cuntais airgeadais anois, a thaispeántar i ndiaidh an Ráitis ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17 - 22 leis an Ráiteas faoi Shreabhadh Chistí agus taispeántar iad sna Nótaí ar chuid na gCuntas den AFS agus mar chuid díobh. Mionsonraítear in Nóta 19 Iarmhéideanna Tionscadail / Neamhthionscadail / Inacmhainne / Deonacha, ar féidir leo a bheith ina dochair nó ina iarmhéid creidmheasa. Glactar leis sa sreabhadh cistí gur iarmhéideanna dochair iad seo agus bunaíonn sé an tuairisc (Méadú) / Laghdú air seo.

## 3. Fabhruithe

Ullmhaíodh na cuntais ioncaim agus caipitil ar bhonn fabhraithe de réir an Chóid Chleachtais.

## 4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí atá iníoctha a roinnt sa dá chatagóir seo a leanas:

- Iasachtaí a bhaineann le morgáistí
- Iasachtaí nach mbaineann le morgáistí

### 4.1 Iasachtaí a bhaineann le morgáistí

Tá sruth ioncaim comhfhreagrach ag iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó airleacain fhadtéarmacha (i.e. airgead a thugann na húdaráis áitiúla ar iasacht d'iasachtaithe), chun tithe a cheannach. Ní ghearrtar nó creidtear ach an ghné úis sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

### 4.2 Iasachtaí nach mbaineann le morgáistí

I Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais leagtar amach na cineálacha iasachtaí faoin gceannteideal seo. Iasachtaí a bhaineann le sócmhainní / deontais, ní bheidh sruth ioncaim comhfhreagrach ag maoiniú ioncaim. Beidh airgeadas idirlinne ina chuid den mhaoiniú buan sa deireadh. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí i leith na gceannteideal eile i Nóta 3.

## 5. Pinsin

Gearrtar íocaíochtaí i leith pinsean agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Cuimsíonn costas tuarastail agus pá sna cuntais asbhaintí i leith ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Baintreacha agus Dílleachtaí) faoin Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.
Cuireadh tús leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1ú Eanáir 2013. Leanann údaráis áitiúla de ranníocaíochtaí fostaithe don Scéim Aonair a asbhaint ach cuirtear ar aghaidh go lárnach iad chuig RCPA.

## 6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile

Aisíoctar caiteachas ar sheirbhísí a sholáthraítear nó a dhéantar thar ceann údaráis áitiúla eile ar a gcostas nó de réir comhaontuithe sonracha.

## 7. Soláthar do Dhrochfhiacha & Fiacha Amhrasacha

Rinneadh soláthar sna cuntais ábhartha le haghaidh drochfhiacha & fiacha amhrasacha.

## 8. Sócmhainní Seasta

### 8.1 Aicmiú Sócmhainní

Déantar sócmhainní seasta a aicmiú i gcatagóirí mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá miondealú breise de réir cineáil sócmhainne leagtha amach i nóta 1 a ghabhann leis na cuntais.

### 8.2 Aitheantas

Déantar gach caiteachas ar éadáil nó ar thógáil sócmhainní seasta a chaipitliú ar bhonn fabhraithe.

### 8.3 Tomhas

Ráiteas um Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) inar ionchorpraíodh gach ceann de shócmhainní an údaráis áitiúil áiríodh den chéad uair sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2003. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' a d'eisigh an RTPRÁ. Áiríodh na sócmhainní go léir a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 ar chostas. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais amach anseo.

### 8.4 Athluacháil

Mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Chuntasaíochta is beartas é sócmhainní seasta a thaispeáint ar a gcostas. Ní áirítear costais chothabhála agus feabhsúcháin a bhaineann le sócmhainní Bonneagair i sócmhainní seasta faoi láthair ach déanfar iad a athbhreithniú amach anseo. Mar gheall ar a nádúr fisiciúil tá formhór mór na sócmhainní uathúil d'údaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscartha. Tugtar cuntas ar aon chaillteanas nó gnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile atá faoi réir diúscartha, tráth na diúscartha.

### 8.5 Diúscairtí

Maidir le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam chun sochair do chúlchiste ar leith agus cuirtear i bhfeidhm é go ginearálta i gceannach sócmhainní nua. Tá fáltais ó dhíol tithe údaráis áitiúil le cur i bhfeidhm de réir mar a ordóidh an RTPRÁ.

### 8.6 Dímheas

Faoin modh cuntasaíochta reatha, déantar an muirear ar dhímheas a fhritháireamh trí amúchadh foinse maoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach ag an modh seo ar Ioncam & Caiteachas agus dá bhrí sin tá an muirear ar dhímheas agus an creidmheas comhfhreagrach ó amúchadh eisiata ón Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais).

Is iad seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní atá faoi réir dímheasa:

| Cineál Sócmhainne | Boinn | Ráta Dímheasa |
|---|---|---|
| Gléasra & Innealra | | |
| - Saolré fhada | S/L | 10% |
| - Saolré ghairid | S/L | 20% |
| Trealamh | S/L | 20% |
| Troscán | S/L | 20% |
| Sócmhainní Oidhreachta | | Nialas |
| Leabhair Leabharlainne | | Nialas |
| Clóis súgartha | S/L | 20% |
| Páirceanna | S/L | 2% |
| Láithreáin líonta talún (*féach nóta) | | |
| Sócmhainní Uisce | | |
| - Scéimeanna uisce | S/L | Saol sócmhainne os cionn 70 bliain |
| - Scéimeanna draenála | S/L | Saol sócmhainne os cionn 50 bliain |

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas sa bhliain diúscartha agus gearrfaidh sí dímheas bliana iomláine sa bhliain fála.

* Tá luach suíomhanna líonta talún curtha san áireamh i nóta 1 faoi 'thalamh'. Léiríonn dímheas ídiú na sócmhainne líonta talún.

## 9. Deontais Rialtais

Tugtar cuntas ar dheontais rialtais ar bhonn fabhraithe. Cuirtear deontais a fhaightear chun oibríochtaí ó lá go lá a chumhdach chun sochair don Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Taispeántar deontais a fhaightear, a bhaineann le sócmhainní a thógáil, mar chuid d'ioncam na hoibre atá idir lámha. Aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitlithe ar chríochnú an tionscadail.

## 10. Féichiúnaithe Forbartha & Ioncam

Cuirtear féichiúnaithe tobhaigh forbartha gearrthéarmacha san áireamh i nóta 5. Déantar ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le híoc laistigh den bhliain reatha a chur siar agus ní nochtar é ar leithligh sna ráitis airgeadais.

## 11. Fuascailt Fiachais

Cuirtear na fáltais ó iasachtaí a fhuascailt go luath ag iasachtaithe i bhfeidhm ar fhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ón GAT.

## 12. Scéimeanna Léasúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Cuirtear sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais san áireamh i sócmhainní seasta. Taispeántar an méid atá dlite ar iarmhéideanna gan íoc faoi dhliteanais reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha.

## 13. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn meánchostas.

## 14. Obair idir lámha agus Réamhchaiteachas

Is é atá i gceist le hobair idir lámha agus réamhchaiteachas ná costas stairiúil carntha tionscadal éagsúil a bhaineann le caipiteal.

Taispeántar an t-ioncam a fabhraíodh i leith na dtionscadal seo sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar Ioncam 'OIL'.

## 15. Leas i gCuideachtaí an Údaráis Áitiúil

Tá Leas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcuideachtaí liostaithe in Aguisín 8.

## 16. Páirtithe Gaolmhara

Is éard atá in idirbheart páirtí gaolmhar ná aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. Is iad seo a leanas na príomhpháirtithe gaolmhara atá ann d'údarás áitiúil:

- I. Bainistíocht agus Pearsanra
- ii. Baill na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí an Údaráis Áitiúil

Tá comhaltaí comhairle Údaráis Áitiúil agus príomhphearsanra faoi cheangal ag ailt ábhartha d'Acht an Rialtais Áitiúil 2001 agus reachtaíocht leasaitheach ina dhiaidh sin chun:

a. dearbhú bliantúil 'leasanna gur gá a fhógairt' arna leagan amach in alt 175 den Acht a sholáthar;
b. nochtadh aon leasanna tairbhiúla faoi ailt 167, 178 agus 179 a bhfuil acu nó ag duine a bhaineann leo; agus
